An Chomhairle Náisiúnta
um Oideachas Speisialta
National Council
for Special Education

# CNOS
# Tuarascáil Bhliantúil
# 2025








© CNOS 2026

**An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

1–2 Sráid an Mhuilinn
Baile Átha Troim
Co. na Mí

T: 01-6033200

www.ncse.ie

# Ábhar


Tuarascáil Chathaoirleach CNOS le haghaidh Airí 3

Maidir linne: An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) 10

Ár bhFís 10

Ár Misean 10

Ár Luachanna 10

Ár bhFeidhmeanna 11

Struchtúr Eagraíochta 12

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Foireann Bainistíochta Shinsearach 12

Colúin CNOS 13

Príomhéachtaí in 2025 14

**Sprioc Straitéiseach 1 – Soláthar Seirbhíse 18**

Réamhrá 20

1.1 Seirbhísí Foirne Réigiúnacha chun Tacú le Mic Léinn, Tuismitheoirí agus Scoileanna 21

1.2 Faisnéis agus Tacaíocht a Chur ar Fáil do Mhic Léinn agus do Thuismitheoirí 27

1.3 Socrúchán agus Aistriú Mic Léinn 32

1.4 An tSeirbhís Teiripe Oideachais (ETS) Nua a Chur Chun Feidhme 34

1.5 Clár Oiliúna Náisiúnta SNA 39

1.6 Clár Píolótach Náisiúnta Altranais 39

1.7 Measúnú ar Riachtanais 40

**Sprioc Straitéiseach 2 – Taighde, Beartas agus Cleachtas 44**

2.1 Páipéar Comhairle Beartais maidir le Scoileanna Speisialta agus Ranganna Speisialta 45

2.2 Clár de Chleachtas Fianaisebhunaithe agus d'Fhoghlaim Ghairmiúil chun Tacú le hIonchuimsiú Mac Léinn i bPobail Scoile 46

2.3 Comhairliúchán agus Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara 58

2.4 Clár Taighde CNOS 61

**Sprioc Straitéiseach 3 – Forbairt Foirne, Tacaíocht agus Ceannaireacht 68**

3.1 Réamhrá 69

3.2 Pleanáil agus Earcaíocht Foirne Oibre 69

3.3 Rannpháirtíocht Foirne agus Forbairt Ghairmiúil 71

3.4 Cumarsáid agus Cultúr Eagraíochta CNOS 73

3.5 Córais CNOS agus Forbairt Eagraíochta 73

**Sprioc Straitéiseach 4 – Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta** **76**

4.1 Réamhrá 77

4.2 Bainistíocht Lánchéilíochta – Barr Feabhais Oibriúcháin 77

4.3 Cumarsáid CNOS 78

4.4 ICT agus Bainistíocht Sonraí 79

4.5 Rialachas Corparáideach agus Cód Cleachtais 81

4.6 Comhairle CNOS 86

**Aguisíní** **94**

Aguisín 1 – Baill Foirne CNOS 94

Aguisín 2 – Faisnéis Staitistiúil maidir le Leithdháiltí agus Ranganna Speisialta do na Scoilbhlianta idir 2014/15 agus 2024/25 95

Appendix 3 – Gluais Acrainmneacha 98

Appendix 4 – Grafaic Eolais maidir le Príomhstaitisticí 100

# Tuarascáil Chathaoirleach CNOS le haghaidh Airí

**Meitheamh 2026**

**Hildegarde Naughton, TD**
**An tAire Oideachais agus Óige**
**An Roinn Oideachais agus Óige**

**Michael Moynihan, TD**
**An tAire Stáit le freagracht as Oideachas Speisialta agus Ionchuimsiú**
**An Roinn Oideachais agus Óige**

A Airí, a chairde,

Cúis áthais dom tuarascáil bhliantúil 2025 na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) a chur in bhur láthair ina dtarraingítear aird ar ghníomhaíochtaí agus ar aschur na heagraíochta i ndiaidh lárphointe ár bPlean Straitéisigh 2023–2026. Tá mé ag súil go mór le leanúint ar aghaidh ag obair mar Chathaoirleach, agus is mian liom buíochas a ghabháil le baill na Comhairle agus le foireann na heagraíochta as an obair mhór a rinne siad i rith na bliana agus as an díograis a léirigh siad.

Is í fís CNOS, atá leagtha amach inár bPlean Straitéiseach, córas Oideachais Éireannach a fhorbairt ina mbeidh leanaí agus daoine óga ar a gcompord agus ina mbeidh dul chun cinn á dhéanamh acu inár scoileanna. Mar a sonraíodh i gComhairle Beartais 2024, is í an uaillmhian atá againn a chinntiú go mbeidh ár gcóras oideachais ionchuimsitheach, trí thaighde, beartas agus cleachtas. Rinneadh roinnt forbairtí suntasacha i rith 2025 tráth ar leanadh ar aghaidh le forbairt a dhéanamh mar chuid dár gclár claochlaithe, agus ceapadh 76 ball foirne nua, go háirithe inár seirbhísí duine le duine. I measc na mball foirne nua bhí róil nua a bhí forbartha chun ár dtosaíochtaí straitéiseacha a chomhlíonadh, Comhordaitheoir Thionscadal na Gaeilge ina measc.

Ag teacht le hiarratas an Rialtais, chuireamar tús le baill foirne a earcú don tSeirbhís Teiripe Oideachais (ETS) nua. Páirteach sa chéad chéim den obair seo tá 45 scoil speisialta i rith scoilbhliain 2025–26 agus de réir a chéile beidh ranganna speisialta agus príomhshrutha á gcur san áireamh. Is ionann an tseirbhís nua agus riachtanach seo agus gealltanas suntasach a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais bhreise acu mar aon le haitheantas a thabhairt do shaineolas CNOS sa réimse seo, ag obair taobh le múinteoirí i seomraí ranga.

Is í an phríomhfheidhm atá againn soláthar tacaíochtaí oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a phleanáil agus a chomhordú, ionas go bhfuil tacaíocht á cur ar fáil dóibh chun torthaí oideachais níos fearr a bhaint amach. Ag deireadh scoilbhliain 2024–25, bhí bhreis is 22,500 post SNA leithdháilte ar scoileanna chun tacú le mic léinn, sin méadú ó 20,700 ag deireadh 2024. Bhí 3,333 rang speisialta i scoileanna príomhshrutha, sin méadú ó 2,922 ag deireadh scoilbhliain 2023–24, agus bhí 3,360 múinteoir ranganna speisialta i mbun oibre, suas ó 2,919 in 2023–24. Bhí spásanna ar fáil i gcomhair 20,556 mac

léinn sna ranganna speisialta seo, suas ó 18,088 i rith na bliana roimhe sin. I rith scoilbhliain 2024–25, bhí breis is 8,900 mac léinn cláraithe i scoileanna speisialta a raibh CNOS ag tacú leo, sin méadú ó 8,784 in 2023–24. Os a choinne sin, bhí breis is 1,440 múinteoir scoileanna speisialta ceaptha chun tacú le mic léinn in 2024–25, sin méadú ó 1,390 in 2023–24.

In 2025, reáchtáladh breis is 440 imeacht Foghlama Gairmiúla Múinteoirí agus ghlac beagnach 5,000 ceannaire scoile agus múinteoir páirt sna heispéiris foghlama. Chuir CNOS raon ábhar agus acmhainní ar fáil chun tacú le tuismitheoirí, múinteoirí agus scoileanna trí chlár an tsamhraidh, '*Muinín agus Naisc a Chothú*'. D'éascaigh CNOS trí sheimineár gréasáin oiliúna don chlár, ar fhreastail breis is 430 múinteoir agus ceannaire scoile orthu. Cruthaíodh Padlet do chlár an tsamhraidh chun acmhainní ar líne a chur ar fáil do mhúinteoirí chun tacú le rannpháirtíocht mac léinn a bhí bodhar/breacbhodhar nó dall/faoi lagamharc, agus mac léinn a bhí ag obair trí Ghaeilge. Cuireadh tuilleadh acmhainní ar fáil do mhic léinn a raibh riachtanais níos casta acu nach raibh in ann rochtain a fháil ar an gclár scoilbhunaithe.

Lean CNOS le tairbhe a bhaint as samhail tacaíochta an Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim (UDL) ar bhonn píolótach le breis is 80 múinteoir in 44 scoil. Beidh an clár píolótach á reáchtáil go dtí 2026 agus tá sé mar aidhm leis teagasc agus foghlaim a fheabhsú do gach mac léinn trí rogha agus solúbthacht áirithe a thabhairt dóibh, agus tá sé beartaithe an mheastóireacht sheachtrach ar an tsamhail a fhoilsiú in 2027. Reáchtáladh imeacht taispeántais i mí na Bealtaine 2025 tráth ar tugadh deis do 13 scoil aird a tharraingt ar an méid a bhí foghlamtha acu. Laistigh den tsamhail phíolótach, tá CNOS ag tacú leis na scoileanna rannpháirteacha trí Éascaitheoir UDL, seimineáir, tacaíocht ionscoile, clinicí buail isteach agus pobail foghlama ghairmiúla.

Lean Seirbhís Múinteoirí Cuartaíochta CNOS ar aghaidh le tacaíocht a chur ar fáil do leanaí atá bodhar/breacbhodhar agus dóibh siúd atá dall/faoi lagamharc. In 2025, thacaigh 16 Mhúinteoir Cuartaíochta le breis is 1,410 leanbh dall/faoi lagamharc agus thacaigh 32 Múinteoir Cuartaíochta le breis is 5,050 leanbh.

Seoladh Creat Iompair CNOS, *Relate an CNOS*, in 2025, agus cuireadh seimineáir thosaigh ar fáil go fíorúil agus in ionaid oideachais ar fud na tíre. Tairgeadh dhá phacáiste tacaíochta i gcomhair Relate do scoileanna, agus bhain 85 bunscoil agus 13 scoil speisialta tairbhe as tacaíocht leanúnach trí Relate Exploring thar thréimhse dhá bhliain; agus d'oibrigh 213 bunscoil agus 68 scoil speisialta leis an bhfoireann trí Relate Discovering trí thairbhe a bhaint as cur chuige a bhí bunaithe ar thacaíocht fhíorúil.

Ceann de phríomhspriocanna straitéiseacha CNOS is ea comhairle beartais neamhspleách, shaineolach agus fhianaisebhunaithe a chur ar fáil d'Airí. D'fhoilsigh CNOS a pháipéar comhairle beartais, *Oideachas Ionchuimsitheach do Shochaí Ionchuimsitheach* maidir le scoileanna speisialta agus ranganna speisialta in 2024. I rith 2025, lean CNOS ar aghaidh leis an obair chun tacú le treochlár a fhorbairt chun dlús a chur le hathrú ar fud an chórais chun tacú le breis ionchuimsitheachta. Foilsíodh an chéad tuarascáil a bhí bunaithe ar thionscadal comhpháirteach Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (TSI) an Choimisiúin Eorpaigh idir an Fhionlainn agus Éire in 2025, agus san áireamh bhí anailís ar an gcóras iomlán le spriocanna, cuspóirí, gníomhartha agus amlínte, ag díriú ar fhís ar dtús agus ar ghníomh córais ina dhiaidh sin. Táthar ag díriú ar Chéim 2 den obair seo anois agus san áireamh inti tá athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat forbartha gairmiúil don dá

thír thionscadail. Bainfidh CNOS úsáid as an treochlár seo fad is a bheidh a cuid oibre á déanamh aici, cur chuige a bheidh ag teacht leis an ngealltanas a thugamar maidir le tacú le hoideachas ionchuimsitheach ar fud na hÉireann.

Is príomhfheidhm de chuid CNOS é taighde a dhéanamh ar oideachas speisialta agus in 2025, d'fhoilsíomar ceithre thuarascáil taighde agus mheastóireachta nua. Foilsíodh an mheastóireacht sheachtrach ina ndearnadh scrúdú ar thionchar Sheirbhísí Duine le Duine CNOS, inar leagadh amach tuairimí páirtithe leasmhara éagsúla lena n-áirítear tuismitheoirí, cúramóirí, baill foirne scoile agus mic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Foilsíodh an dara tuarascáil a bhí bunaithe ar an staidéar ar thionchar COVID-19 ar mhic léinn a raibh riachtanais speisialta oideachais acu freisin, agus díríodh ar an tionchar níos fadtéarmaí a bhí ag dúnadh scoileanna ar oideachas agus ar fholláine mac léinn agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. I dtuarascáil faoi aistriú iarscoile daoine óga, '*Paths, Tracks, Gaps and Cliffs*', rinneadh athbhreithniú ar roghanna agus ar fhachtóirí iarscoile agus ar thaithí daoine óga ar aistriú. Foilsíodh an chéad tuarascáil a bhain le Céim 1 den Mheastóireacht ar Thionscadal Píolótach Aistrithe na Straitéise Fostaíochta Cuimsithí (CES) in 2025 freisin, agus tá sé beartaithe tuarascáil eile maidir leis an dara céim den tionscadal píolótach a chur i gcrích in 2026.

I dteannta lenár snáitheanna leanúnacha meastóireachta, cláir thaighde choimisiúnaithe, inmheánacha agus chleachtasbhunaithe, choimisiúnaigh CNOS staidéar nua chun scrúdú a dhéanamh ar na fachtóirí atá mar bhonn leis an méadú atá ar an éileamh ar áiteanna i scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta. San áireamh sa staidéar modhanna measctha seo tá comhairliúchán agus suirbhéanna suntasacha le páirtithe leasmhara, athbhreithniú ar an timpeallacht beartais agus sonraí anailíse treochtaí a bailíodh i rith 2025 agus atá beartaithe a fhoilsiú in 2026.

Reáchtáladh an chomhdháil taighde bhliantúil i mí na Samhna 2025 in Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh, agus bhí breis is 110 toscaire i láthair ar an lá agus tacaíodh le 204 sruth ar líne gníomhach i rith an lae. Phléigh roinnt saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta na téamaí seo a leanas, '*Buntáistí an Taighde Chleachtóirbhunaithe*' agus '*Aistriú agus Conairí Iarscoile*'. Léirigh daoine go leor spéise sna cuir i láthair, agus i mbun cainte ar an lá bhí acadóirí de bhunadh na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus SAM.

Sa bhreis ar thuarascáil bhliantúil a chur ar fáil faoi Acht EPSEN, ceanglaítear orm freisin faoi Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, tuairisciú maidir leis an méid seo a leanas:

- Ní comhlacht Stáit tráchtála é CNOS. Níl aon fhochuideachta, comhfhiontar nó scairshealbhú ag CNOS. Ní raibh tionchar ag aon fhorbairt shuntasach tráchtála ar CNOS in 2025. Nílimid ag súil le haon fhorbairt den chineál sin.
- Is í staid airgeadais CNOS an staid atá á nochtadh i gcuntais bhliantúla 2025 atá iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Cuirtear na cuntais seo, nuair a bhíonn siad iniúchta, ar fáil duit ar leithligh faoi Alt 29 d'Acht EPSEN agus ina measc, mar a cheanglaítear, tá an deimhniú atá á thabhairt agam duit maidir le Córas de Rialú Inmheánach CNOS, agus an ráiteas rialachais riachtanach agus tuarascáil bhaill an bhoird.

- Cloíonn CNOS le hImlitir 25/2016 chomh fada is a bhaineann le caighdeáin agus amlínte nuair a bhíonn fiosrúcháin ó bhaill an Oireachtais á bhfreagairt.
- Tá beartas agus nósanna imeachta comhaontaithe ag CNOS chun déileáil le nochtadh cosanta de réir Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Leasaíodh agus foilsíodh an beartas i Ráithe 2 2025 ag féachaint d'Acht Leasaithe 2022. Níor tarraingíodh aird ar aon cheist faoin nós imeachta seo in 2025.
- Cuireadh meastóireacht sheachtrach ar Chomhairle CNOS i gcrích in 2025, mar aon le meastóireacht ar fheidhmíocht CNOS trí thagairt a dhéanamh don phlean agus don bhuiséad bliantúil i mí na Nollag 2025.
- Ghlac CNOS le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 agus tá gach gné den Chód á gcomhlíonadh i ndiaidh athbhreithniú inmheánach a dhéanamh in 2025 ar an tslí a bhfuil an Cód á chomhlíonadh againn. Sa chomhthéacs sin, deimhním an méid seo a leanas:
    - Tá na nósanna imeachta cuí ar fad maidir le tuairisciú airgeadais, comhlíonadh cánach, iniúchadh inmheánach, taisteal, sealbhú réadmhaoine agus diúscairtí sócmhainne curtha i gcrích.
    - Tá CNOS ag cloí le beartas Rialtais maidir le soláthar poiblí agus tá a Phlean Soláthair Chorparáidigh reatha á chur chun feidhme aige. Níor tugadh aon sampla de neamhchomhlíonadh na dtreoirlínte faoi deara in 2025, agus tá tuilleadh sonraí maidir lenár gcomhlíonadh le fáil inár Ráiteas faoin Rialú Inmheánach inár gcuntais bhliantúla.
    - Tá CNOS ag cloí le gnéithe agus le nósanna imeachta ábhartha an chóid chaiteachais phoiblí.
    - Rinne CNOS measúnacht chuí ar na príomhrioscaí, agus rinne sé cur síos ar na rioscaí seo agus, más cuí, ar na bearta agus straitéisí maolaithe gaolmhara.
    - Tá Cód Iompair Ghnó do Bhaill de Bhoird Stáit CNOS á chomhlíonadh ag baill de Chomhairle CNOS.
    - Tá an Cód Iompair do Státseirbhísigh á chomhlíonadh ag fostaithe CNOS.
    - Tá beartas Rialtais á chomhlíonadh ag tuarastail atá iníoctha leis an bpríomhfheidhmeannach agus le gach fostaí.
    - Níl aon táillí stiúrthóirí iníoctha le baill de Chomhairle CNOS. Tá faisnéis maidir le costais bhaill aonair na Comhairle le fáil sa ráiteas rialachais a foilsíodh i bhfoilseachán eile seachas sa tuarascáil seo.
    - Tá treoirlínte maidir le breithmheas agus bainistiú tograí caiteachais caipitil á gcomhlíonadh ag CNOS.
    - Tá ceanglais maidir le beartas taistil Rialtais á gcomhlíonadh ag CNOS.
    - Níl CNOS ag súil le haon teagmhas iarchláir chomhardaithe suntasach.

- Ag an 31 Nollaig 2025, bhí 6 (46%) bhall bhaineanna agus 7 (54%) mball fhireanna ag an gComhairle. Tá cothromaíocht inscne na Comhairle ag teacht leis na ceanglais a bhfuil cur síos déanta orthu in Acht EPSEN agus tá sprioc an Rialtais – ionadaíocht 40% ag gach inscne ar a laghad i mballraíocht Bord Stáit á comhlíonadh.
- Tá CNOS tiomanta do chur chun cinn na héagsúlachta agus na hionchuimsitheachta ar fud na heagraíochta.

Tá tuilleadh deimhnithe maidir le ceanglais an Chóid a bheith á gcomhlíonadh le fáil i rannóg 4.5 den Tuarascáil Bhliantúil.

Ar deireadh, is mian liom buíochas a ghabháil libhse agus le bhur gcuid oifigeach as tacú le hobair na Comhairle agus na mball foirne i gcónaí agus as tabhairt faoin obair ar bhealach dearfach i rith na bliana. Táimid ag súil le leanúint ar aghaidh leis an dea-chaidreamh oibre atá bunaithe eadrainn le blianta fada anuas, ionas gur féidir linn tús áite a thabhairt i gcónaí do riachtanais leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais bhreise acu.

Le dea-mhéin,

**An Dr Fergal Lynch**
Cathaoirleach, An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta



# Maidir linne: An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)

# Maidir linne: An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)

## Ár bhFís

Is í fís CNOS go mbeadh córas oideachais ionchuimsitheach den chéad scoth á chur ar fáil in Éirinn a thacaíonn le leanaí agus le daoine fásta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu chun torthaí oideachais níos fearr a bhaint amach, ionas gur féidir leo barr a gcumais a bhaint amach.

## Ár Misean

Cuirfidh CNOS dlús le hoideachas ionchuimsitheach a chur ar fáil trí thaighde, beartas agus cleachtas comhtháite. Beidh baill foirne oilte agus dhíograiseacha ag obair le mic léinn, scoileanna agus pobail chun a chinntiú go mbeidh rochtain acu ar fhoghlaim agus ar dheiseanna ar ardchaighdeán.

## Ár Luachanna

1. Duinelárnach: tá leanaí agus daoine fásta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ag croílár na hoibre atá á déanamh ag CNOS.

2. Béim ar ionchuimsitheacht: tá tuairimí agus gníomhartha CNOS á dtreorú ag ionchuimsitheacht.

3. Béim ar chothromas agus ar chomhionannas: leithdháileann CNOS acmhainní reatha agus breise go cothromasach agus go cothrom ar scoileanna de réir riachtanais na mac léinn agus bheartas na Roinne Oideachais.

4. Fianaisebhunaithe: tá comhairle beartais CNOS á bunú ar fhianaise taighde, dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta, comhairliúchán lena páirtithe leasmhara agus ionchur ó shaineolaithe.

5. Á threorú ag saineolaithe: is foinse shaineolach d'fhaisnéis, treoir agus tacaíocht luachmhar í CNOS do thuismitheoirí agus scoileanna agus tacaíonn sí freisin le forbairt ghairmiúil leanúnach do chleachtóirí oideachais.

6. Dírithe ar chomhairliúchán: téann CNOS i mbun comhairliúcháin rialta agus fhiúntaigh le páirtithe leasmhara.

## Ár bhFeidhmeanna

Nuair a bhíonn iarracht á déanamh againn an fhís seo a chomhlíonadh, eascraíonn roinnt gníomhaíochtaí as feidhmeanna CNOS atá leagtha amach in Alt 20 d'Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (EPSEN), 2004. Tá an méid seo a leanas san áireamh, go sonrach:

- Soláthar tacaíochtaí oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a phleanáil agus a chomhordú.
- Taighde a dhéanamh agus a choimisiúnú.
- Comhairle a chur ar an Aire Oideachais maidir le beartas a bhaineann le hoideachas speisialta.
- Faisnéis a scaipeadh, lena n-áirítear dea-chleachtas, maidir le hoideachas speisialta, i measc tuismitheoirí, scoileanna agus daoine leasmhara eile.
- Dul i gcomhairle le comhlachtaí deonacha chun a chinntiú go mbeidh a gcuid faisnéise agus saineolais mar bhonn le forbairt bheartas CNOS.
- Soláthar oideachais do dhaoine fásta atá faoi mhíchumas a athbhreithniú agus comhairle a chur ar fáil maidir lena leithéid.

Cheadaigh an tAire Oideachais, Norma Foley, Ráiteas Straitéise CNOS 26 i mí an Mhárta 2024. Bhí an obair á treorú ag ceithre sprioc straitéiseacha in 2025 agus tá siad leagtha amach i dTábla 1.

**Tábla 1. Ráiteas Straitéise CNOS 2023–26, Spriocanna Straitéiseacha**

| |
|---|
| **Sprioc 1: Soláthar Seirbhíse**<br>Seirbhísí atá comhordaithe go gairmiúil agus tacaíocht speisialta a chur ar fáil do mhic léinn, pobail scoile agus tuismitheoirí atá ábhartha do na torthaí is fearr do mhic léinn. |
| **Sprioc 2: Taighde, Beartas agus Cleachtas**<br>Comhairle beartais, cleachtas agus cláir foghlama ghairmiúla shaineolacha a fhorbairt agus a chur ar fáil atá fianaisebhunaithe agus a bhfuil an taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta is déanaí agus ionchur ó shaineolaithe mar bhonn leo. |
| **Sprioc 3: Ár bhFoireann – Forbairt, Tacaíocht agus Ceannaireacht**<br>Cultúr forásach a fhorbairt san áit oibre i gcomhar le baill foirne ar mhaithe le ceannaireacht agus dea-chleachtas éifeachtach a leabú. |
| **Sprioc 4: Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta**<br>Aitheantas corparáideach a fhorbairt atá bunaithe ar phrionsabail de bharr feabhais oibriúcháin, freagrúlacht agus nuálaíocht i ndáil le dea-chleachtas rialachais. |

Tá struchtúr na Tuarascála Bliantúla seo á threorú ag an Ráiteas Straitéise, agus tá gníomhartha gaolmhara faoi gach sprioc curtha i láthair anseo.

# Struchtúr Eagraíochta

## Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Foireann Bainistíochta Shinsearach

Go ginearálta, bainistíonn agus rialaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin baill foirne, gnó riaracháin agus gnó na Comhairle mar atá leagtha amach in alt 24 d'Acht EPSEN, 2004. Tá an príomhoifigeach feidhmiúcháin agus an fhoireann bainistíochta shinsearach freagrach as bainistíocht, rialú agus treoir laethúil CNOS.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education



**John Kearney**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



**Colún 1**
**Helen Walsh**
Príomhoifigeach Seirbhísí Cuimsithe agus Tacaíochta Oideachais



**Colún 2**
**Andrew Torrance**
Príomhoifigeach Tacaíochta Soláthair Seirbhíse (SDS)



**Colún 3**
**Trevor Jordan**
Príomhoifigeach Tacaíochta Daoine, Forbartha agus Claochlaithe



**Colún 4**
**Jennifer Doran**
Príomhoifigeach Airgeadais, Rialachais agus Taighde



**Colún 5**
**Andy Bogie**
Príomhoifigeach Córais agus Nuálaíochta

# Colúin CNOS

Tá CNOS roinnt i gcúig cholún ar leith, mar seo a leanas:

| Colún 1 | Colún 2 | Colún 3 | Colún 4 | Colún 5 |
|---|---|---|---|---|
| Ionchuimsi-theacht agus Seirbhísí Tacaíochta Oideachais | Tacú le Soláthar Seirbhíse (SDS) | Tacaíocht, Forbairt agus Athrú Daoine | Airgeadas, Rialachas agus Taighde | Córais agus Nuálaíocht |

**Colún 1.** Ionchuimsitheacht agus Seirbhísí Tacaíochta Oideachais: cinntíonn an colún seo go gcuirtear seirbhís ghairmiúil agus chomhordaithe ar fáil atá ailínithe le mic léinn, pobail scoile agus tuismitheoirí. Cuirtear comhairle fhianaisebhunaithe ar fáil don fhoireann agus don eagraíocht trí chéile maidir le seirbhís oideachais speisialta a chur ar fáil.

**Colún 2.** Tacú le Soláthar Seirbhíse (SDS): tacaíonn an colún seo le cur chun feidhme seirbhísí tacaíochta ionchuimsitheachta agus oideachais (IESS) agus, ar an tslí sin, tugtar deis do cholún 1 díriú ar sheirbhís duine le duine a chur ar fáil.

**Colún 3.** Tacaíocht, Forbairt agus Athrú Daoine: cinntíonn an colún seo gur féidir le baill foirne tairbhe a bhaint as seirbhísí tacaíochta gairmiúla chun a chinntiú go mbíonn eispéireas dearfach ag daoine. Tacaítear le rannpháirtíocht chomhsheasmhach agus shoiléir ag leibhéil straitéiseacha oiriúnacha agus cinntítear go bhfuil na scileanna agus na hacmhainní riachtanacha ag an bhfoireann oibre chun an straitéis ghnó a chur i gcrích.

**Colún 4.** Airgeadas, Rialachas agus Taighde: cinntíonn an colún seo go bhfuil cinntí airgeadais agus ceanglais bhuiséadaithe á mbainistiú go héifeachtach le haghaidh gnóthaí inmheánacha agus seachtracha CNOS. Bainistítear creat rialachais chorparáidigh CNOS mar aon le comhlíonadh ar fud na heagraíochta. Ina theannta sin, bainistítear an clár taighde agus meastóireachta coimisiúnaithe agus intí agus tá sé freagrach as clár taighde cleachtasbhunaithe nua a fhorbairt do mhúinteoirí.

**Colún 5.** Córais agus Nuálaíocht: cinntíonn an colún seo go bhfuil ar chumas CNOS gníomhaíocht sonraí eagraíochta a bhainistiú i gceart. Bainistíonn an rannán sonraí agus soláthraíonn sé maoirseacht do bhainistíocht taifead, bainistítear anailísíocht sonraí agus déantar réamhaisnéisí, pleananna agus nuálaíocht chun freastal ar na riachtanais teicneolaíochta a bheidh ag CNOS amach anseo agus ar na héilimh a bheidh á ndéanamh ag an earnáil amach anseo.

# Príomhéachtaí in 2025

Tá achoimre ar chuid de phríomhéachtaí CNOS in 2025 le fáil thíos:

- Fógraíodh sonraí maidir le rolladh amach céimnithe na Seirbhíse Teiripe Oideachais (ETS) in 2025, agus rolladh amach Snáithe 1 i gcomhair 45 scoil speisialta i scoilbhliain 2025/26. Is ionann ETS agus gealltanas neamhspleách chun na tacaíochtaí atá ar fáil do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a threisiú.
- Leanadh ar aghaidh le forbairt CNOS in 2025 tráth ar ceapadh 76 ball foirne nua, baill foirne oibriúcháin duine le duine den chuid is mó. Cuireadh- tús le hearcaíocht ag scála suntasach do Theiripeoirí Saothair (OTanna) ag Gráid Shinsearacha agus Foirne, Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga (SLTanna) agus Ceannaire STO.
- Ag deireadh scoilbhliain 2024/25, bhí 3,333 rang speisialta i scoileanna príomhshrutha agus bhí áiteanna ar fáil i gcomhair 20,556 mac léinn.
- Bhí 8,905 mac léinn cláraithe i scoileanna speisialta a raibh CNOS ag tacú leo ag deireadh scoilbhliain 2024/25, agus bhí 1,449 múinteoir agus 3,545 Cúntóir Riachtanas Speisialta (SNAnna) ag cabhrú leo.
- Bhí 22,575 post SNA ag tacú le riachtanais chúraim mac léinn, sin méadú ó díreach 20,787 ag deireadh mhí na Nollag 2024.
- Ag deireadh scoilbhliain 24/25, próiseáladh 15,823 iarratas ar thacaíochtaí breise do mhic léinn a raibh riachtanais speisialta oideachais acu faoi dhá scéim leithdháilte:
  - Breis is 6,500 iarratas ar iompar scoile.
  - Breis is 9,000 iarratas ar theicneolaíocht chúnta/trealamh speisialta.
- In 2025, sholáthair CNOS clár suntasach de sheimineáir foghlama gairmiúla múinteoirí (TPL), ar líne agus ar an láthair. D'fhreastail breis is 4,900 ceannaire scoile agus ball foirne ar na 442 seimineár a reáchtáladh.
- Lean CNOS ar aghaidh le clár oiliúna náisiúnta SNA a chur ar fáil i gcomhpháirt le An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD). Chuir an ceathrú cohórt de 812 mac léinn an clár seo i gcrích agus bronnadh teastas Leibhéal 5 orthu in 2025. Beidh cúrsa oiliúna SNA nua i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Sligeach, á chreidiúnú mar Dhioplóma i dTacaíocht Scoile Ionchuimsitheach ag Leibhéal 6.
- Cuireadh tús leis an tríú céim (cur chun feidhme agus athbhreithniú) de Thionscadal Píolótach um Rannpháirtíocht Mac Léinn CNOS i mí Mheán Fómhair 2025, agus ghlac 19 scoil páirt i dtionscadal CREATE an CNOS.

- I rith 2025, leanadh ar aghaidh ag tacú le 22 scoil faoin tseirbhís tacaíochta ar a dtugtar Teiripe Ionscoile Leanúnach (SIT). Cuireadh 95 idirghabháil chun feidhme a raibh baint ag breis is 685 múinteoir leo agus tacaíodh le breis is 4,000 mac léinn.
- In 2025, thacaigh Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta le 1,412 leanbh dall/faoi lagamharc (16 mhúinteoir coibhéis lánaimseartha (WTE)) agus breis is 5,068 leanbh bodhar/breacbhodhar (32 múinteoir WTE).
- D'oibrigh CNOS le comhghleacaithe san Fhionlainn faoi Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (TSI) an Choimisiúin Eorpaigh ar thionscadal dar teideal '*Oideachas ionchuimsitheach ar ardchaighdeán a chothabháil san Fhionlainn agus in Éirinn*'. Bhí príomhthorthaí na tuarascála seo mar bhonn le agus ag tacú le forbairt treochláir chun dlús a chur le hathrú córais chun tacú le breis ionchuimsitheachta.
- Seoladh Creat Iompair CNOS, *Relate an CNOS*, i mí Feabhra 2025. Cuireadh tacaíocht leanúnach ar fáil do 85 scoil trí *Relate Exploring*, agus bhain 213 bunscoil tairbhe as tacaíocht fhíorúil trí *Relate Discovering*.
- Reáchtáladh comhdháil taighde bhliantúil CNOS i bPáirc an Chrócaigh i mí na Samhna 2025 agus ba iad na téamaí ar díríodh orthu ná '*Buntáistí an Taighde Chleachtóirbhunaithe' agus 'Aistriú agus Conairí Iarscoile*'.
- D'fhoilsigh CNOS ceithre thuarascáil taighde agus mheastóireachta in 2025, lena n-áirítear '*Meastóireacht ar Sheirbhísí Duine le Duine CNOS*', agus an dara tuarascáil dar teideal '*Tionchar Covid-19 ar Mhic Léinn a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu*'. Foilsíodh dhá thuarascáil maidir le haistriú – tuarascáil taighde coimisiúnaithe maidir le heispéiris aistrithe iarscoile mac léinn a bhfuil riachtanais bhreise acu, agus an chéad tuarascáil maidir leis an meastóireacht ar Chlár Aistrithe na Straitéise Fostaíochta Cuimsithí (CES).
- Forbraíodh creat Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta (EDI), fianaise ar an ngealltanas a thug CNOS maidir le prionsabail EDI a leabú i ngach réimse.
- Forbraíodh dhá phríomhstraitéis sonraí agus Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (ICT) in 2025. Leagtar amach i Straitéis Sonraí CNOS 2025–2028 an tslí a mbeidh ár sonraí á mbailiú agus á dtuairisciú againn, agus i Straitéis ICT/Néalstraitéis 2025–2028 déantar cur síos ar threochlár bunathraitheach chun ár seirbhísí ICT ar fud na heagraíochta a nuachóiriú.



# Sprioc Straitéiseach 1:

## Soláthar Seirbhíse

# Sprioc Straitéiseach 1 – Soláthar Seirbhíse

**Seirbhísí atá comhordaithe go gairmiúil agus tacaíocht speisialta a chur ar fáil do mhic léinn, pobail scoile agus tuismitheoirí atá ábhartha do na torthaí is fearr do mhic léinn.**

Leagann CNOS amach cúig phríomhchuspóir agus 16 ghníomh ghaolmhara faoi Sprioc Straitéiseach 1, Soláthar Seirbhíse, ina Ráiteas Straitéise 2023–2026.

## Sprioc 1 – Cuspóirí agus Gníomhartha

| Cuspóirí | Gníomhaíochtaí |
|---|---|
| 1. Comhairle, faisnéis agus tacaíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí agus do mhic léinn chun lántairbhe a bhaint as a gcuid deiseanna oideachais. | 1. Rannpháirtíocht thráthúil le tuismitheoirí agus le mic léinn a ullmhú, a chur chun feidhme agus a sholáthar ag leibhéal foirne áitiúil agus réigiúnach trí theachtaireachtaí leanúnacha ar cháilíocht dhearbhaithe.<br>2. Soláthar seirbhísí duine le duine agus rannpháirtíocht le tuismitheoirí agus le mic léinn a fhorbairt, a éagsúlú agus a fheabhsú ar aon dul le Cairt Custaiméirí feabhsaithe agus caighdeáin bairr feabhais oibriúcháin bainistíochta láncháilíochta.<br>3. An tacaíocht lóistíochtúil, chumarsáideach agus atreoraithe a chur ar fáil atá riachtanach chun a chinntiú go bhfuil ar chumas foirne réigiúnacha a bheith rannpháirteach go héifeachtach de réir beartais náisiúnta. |
| 2. Seirbhísí foirne réigiúnacha caighdeánaithe, comhordaithe a fhorbairt, a chur ar fáil agus athbhreithniú a dhéanamh orthu laistigh de gach pobal áitiúil chun tacú le mic léinn, tuismitheoirí agus pobail scoile chun rannpháirtíocht oideachais, taithí foghlama agus torthaí do mhic léinn a fheabhsú. | 1. Caighdeáin réigiúnacha a threisiú agus a aontú chun tacú le soláthar túslíne sheirbhísí CNOS.<br>2. Tacar cothrom de sheirbhísí CNOS a chur ar fáil chun torthaí foghlama agus oideachais mac léinn a threisiú.<br>3. An tacaíocht lóistíochtúil, chumarsáideach agus atreoraithe a chur ar fáil atá riachtanach chun a chinntiú go bhfuil ar chumas foirne réigiúnacha a bheith rannpháirteach go héifeachtach de réir beartais náisiúnta.<br>4. Sonraí, faisnéis agus acmhainní agus tacaíochtaí oiriúnacha atá ar fáil do phobail scoileanna a sholáthar. |

| Cuspóirí | Gníomhaíochtaí |
|---|---|
| 3. Plean a dhéanamh chun socrúchán mic léinn oiriúnach agus aistriú éasca a sholáthar agus athbhreithniú a dhéanamh ar a leithéid in éineacht le tuismitheoirí, scoileanna agus páirtithe leasmhara. | 1. Sonraí ábhartha a úsáid, a ullmhú agus anailís a dhéanamh orthu chun obair ullmhúcháin a dhéanamh do shocrúchán agus d'aistriú mac léinn ag leibhéal réigiúnach agus náisiúnta.<br>2. Creat agus treoirlínte a fhorbairt chun tacú le pobail scoile chun rochtain a thabhairt do mhic léinn ar sholáthar speisialta agus príomhshrutha.<br>3. Samhaltú ardleibhéil a úsáid chun bonn eolais a chur ar fáil do phleanáil chun cinn in earnálacha bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta. |
| 4. Seirbhís tacaíochta timchúraim a chur ar fáil i scoileanna mar chuid den tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Teiripe.[1] | 1. Seirbhís teiripe ar ardchaighdeán a chur ar fáil de réir cleachtais atá bunaithe ar fhaisnéis ag leibhéal idirnáisiúnta agus náisiúnta.<br>2. Soláthair seirbhíse teiripe leanúnach a leathnú agus a threisiú ag leibhéal náisiúnta.<br>3. Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme seirbhísí tacaíochta faoi theiripe. |
| 5. Oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh faoi Acht um Míchumas, 2005, trí obair a dhéanamh le páirtithe leasmhara chun freagairt d'atreoruithe a bhaineann le measúnú ar riachtanais (AoN) chun cabhrú le measúnú ar riachtanais HSE a líonadh. | 1. Tacú le seirbhísí a bhaineann le AoN a chur ar fáil go comhsheasmhach ar leibhéal náisiúnta.<br>2. Leanúnachas seirbhíse i ndáil le tacaíocht chomhairleoir AoN a fhorbairt ag leibhéal soláthair náisiúnta.<br>3. Soláthar seirbhísí lóistíochtúla AoN a chomhordú agus tacú lena leithéid. |

1 Roimhe seo ba í an tSamhail Ionchuimsithe Scoile (SIM) a tugadh ar an tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Teiripe nuair a bhí sí á rolladh amach mar thionscadal píolótach in dhá cheantar réigiúnacha.

## Réamhrá

**Déanann CNOS pleananna maidir le, comhordaíonn sí agus déanann sí athbhreithniú ar thacaíochtaí oideachais breise do scoileanna ina gcláraítear mic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu de réir bheartas na Roinne Oideachais agus Óige.**

Ar fud na hÉireann, tá formhór na mac léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ag freastal ar ranganna príomhshrutha. Tá forálacha á ndéanamh do mhic léinn a bhfuil riachtanais bhreise acu lena n-áirítear clárú lánaimseartha i suíomh príomhshrutha agus clárú lánaimseartha i scoil speisialta, lena n-áirítear:

- Rang príomhshrutha ina bhféadfadh an mac léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige/aici tacaíocht bhreise a fháil ón múinteoir ranga trí dhifreálú an churaclaim, tairbhe a bhaint as oiriúnuithe Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim agus/nó as tacaíocht teagaisc bhreise a chuireann múinteoir oideachais speisialta ar fáil.
- Rang speisialta i scoil phríomhshrutha ina bhfuil idir 6 agus 11 mhac léinn i ngach rang speisialta, ag brath ar an riachtanas speisialta oideachais ar leith.
- Scoil speisialta do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu i ranganna ina bhfuil idir 6 agus 11 mhac léinn, ag brath ar ainmniú riachtanais na mac léinn atá cláraithe.

Gach bliain, is féidir le breis is 4,000 pobal scoile iarratas a chur faoi bhráid a nEagraí Riachtanais Speisialta Oideachais (SENO) CNOS áitiúil le haghaidh acmhainní éagsúla ag brath ar riachtanais na mac léinn. Tá an méid seo a leanas san áireamh sna hacmhainní:

- tacaíocht ó Chúntóir Riachtanas Speisialta (SNA) trí phróiseas Athbhreithnithe SNA (SNAR)
- teicneolaíocht chúnta/trealamh speisialta, agus/nó
- socruithe iompair scoile do mhic léinn a bhfuil riachtanais bhreise acu.

Tá roinnt seirbhísí bunúsacha eile á gcur ar fáil ag CNOS do mhic léinn, tuismitheoirí agus scoileanna:

- Soláthraíonn Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta comhairle, teagasc agus treoir chun tacú le soláthar oideachais do leanaí agus daoine óga atá bodhar/breacbhodhar nó dall/faoi lagamharc. Tá na seirbhísí seo ar fáil ó aois bhreithe go dtí go sroichtear leibhéil réamhscoile, bhunscoile agus iar-bhunscoile.
- Tairgeann clár cuimsitheach de sheimineáir agus de sheimineáir ghréasáin foghlama gairmiúla múinteoirí deiseanna foghlama gairmiúla chun acmhainn a fheabhsú i gcomhthéacs oideachais leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Clúdaítear ábhair éagsúla lena n-áirítear uathachas, iompar, ullmhú measúnaithe, úsáid a bhaint as SNAnna, ceannaireacht, agus idirghabhálacha céadfacha agus teiripe, chun freagairt do riachtanais foghlama éagsúla mac léinn i dtimpeallachtaí foghlama ionchuimsitheacha.

- Soláthraíonn CNOS cúnamh ionscoile do thacaíochtaí don fhoireann uile, do ghrúpaí agus do mhúinteoirí aonair. D'fhéadfaí a leithéid sin de thacaíochtaí a chur ar fáil tríd an teileafón agus trí ríomhphost, físchomhdhálacha, cuairt scoile nó seimineár scoile uile. Is féidir iarratais a dhéanamh trí thairseach tacaíochta scoile CNOS i rith na bliana.
- Comhordaíonn foireann an Mheasúnaithe ar Riachtanais (AoN) an próiseas a bhaineann le measúnú ar riachtanais oideachais linbh nó duine óig a eagrú mar chuid de phróiseas AoN Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE). Faoi Acht um Míchumas, 2005, tá CNOS freagrach as duine cuí a ainmniú chun an measúnú ar riachtanais oideachais a dhéanamh, nuair a iarrann HSE go ndéanfaí a leithéid.
- I mí Feabhra 2025, d'fhógair an tAire Oideachais agus Óige, Hildegarde Naughton, agus an tAire Oideachais Speisialta agus Cuimsithe, Michael Moynihan, sonraí maidir leis an tSeirbhís Teiripe Oideachais (ETS) nua. Is ionann ETS agus gealltanas a tugadh faoi Chlár an Rialtais maidir le tionscnamh tras-rannach ollmhór a bhfuil sé mar aidhm leis tacaíochtaí a threisiú do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Leagfar amach sna rannóga i ndiaidh Sprioc 1 na seirbhísí foirne réigiúnacha comhordaithe atá forbartha chun freastal ar gach pobal áitiúil, déanfar cur síos ar sholáthar faisnéise agus tacaíochta do mhic léinn agus do thuismitheoirí, agus cuirfear tuilleadh sonraí ar fáil maidir le príomhréimsí soláthair i ndáil le socrúchán agus aistriú mac léinn, agus ról na Seirbhíse Teiripe Oideachais nua agus CNOS sa mheasúnú ar riachtanais.

## 1.1 Seirbhísí Foirne Réigiúnacha chun Tacú le Mic Léinn, Tuismitheoirí agus Scoileanna

**Cuspóir – Seirbhísí foirne réigiúnacha caighdeánaithe, comhordaithe a fhorbairt, a chur ar fáil agus athbhreithniú a dhéanamh orthu laistigh de gach pobal áitiúil chun tacú le mic léinn, tuismitheoirí agus pobail scoile chun rannpháirtíocht oideachais, taithí foghlama agus torthaí do mhic léinn a fheabhsú.**

### 1.1.1 Réamhrá

Mar chuid d'athstruchtúrú CNOS, tá foirne ionchuimsitheachta cruthaithe ar fud Cholún 1.

**Foireann Ionchuimsitheachta na Seirbhíse Náisiúnta Comhordaithe** – Tá an fhoireann seo freagrach as seirbhísí duine le duine a chuireann foirne réigiúnacha ar fáil a chomhordú, maoirseacht a dhéanamh orthu agus iad a chur ar fáil. Páirteach san fhoireann tá beirt Chomhordaitheoirí Náisiúnta agus Príomhoifigeach Cúnta. Comhordaíonn Foireann Ionchuimsitheachta na Seirbhíse Náisiúnta Comhordaithe gach SENO contae réigiúnach túslíne agus Bainisteoir Foirne chun a chinntiú go mbeidh ranganna speisialta á gcur a fáil, go mbeidh athbhreithnithe ar SNA á ndéanamh, go mbeidh seirbhísí oideachais á gcur ar fáil, agus go mbeidh tacaíochtaí do thuismitheoirí agus do scoileanna á gcur ar fáil de réir bheartas na Roinne agus caighdeán seirbhíse ar ardchaighdeán CNOS.

**An Fhoireann Náisiúnta Iompair, Folláine agus Uathachais** – Páirteach sna Foirne Ionchuimsitheachta Uathachais agus Iompar d'Fhoghlaim agus Folláine tá beirt Cheannairí Speisialaithe agus Ceannaire Forbartha Náisiúnta. Soláthraíonn agus freagraíonn an fhoireann iarratais foghlama gairmiúla múinteoirí ar leibhéal náisiúnta. Tá an fhoireann i gceannas ar chleachtas Comhairleoirí agus Éascaitheoirí Iompair.

**An Fhoireann Náisiúnta Ionchuimsitheachta Teiripe** – Soláthraíonn an fhoireann pacáiste teiripe gairmiúil atá bunaithe ar oideachas mar chuid den tSeirbhís Teiripe Oideachais (ETS) nua chun cur le hacmhainn pobal scoile tacú le hionchuimsitheacht agus le rannpháirtíocht mac léinn agus le cleachtas seomra ranga atá bunaithe ar theiripe. Páirteach san fhoireann tá Ceannaire Forbartha Náisiúnta agus beirt Cheannairí Speisialaithe. Stiúrann na Ceannairí Speisialaithe i dteiripe urlabhra agus theanga agus i dteiripe shaothair an fhorbairt rialachais agus chleachtais ina ndisciplíní teiripe faoi seach. Is ar an gCeannaire Forbartha Náisiúnta atá an phríomhfhreagracht chomh fada is a bhaineann le clár píolótach altranais CNOS a chur ar fáil do mhic léinn a dteastaíonn tacaíocht altranais shuntasach agus leanúnach uathu i rith an lae scoile.

**An Fhoireann Ionchuimsitheachta Náisiúnta Curaclaim agus Oideachais** – Oibríonn an fhoireann seo le chéile chun seirbhís ghairmiúil atá dírithe ar mhic léinn a chur ar fáil do dhaltaí agus do scoileanna san earnáil oideachais. Tá Ceannaire Forbartha Náisiúnta agus cúigear Ceannairí Speisialaithe páirteach san fhoireann seo atá freagrach as foghlaim ghairmiúil, athbhreithnithe ar Mhúinteoirí Oideachais Speisialta (SET), agus réimse leathan deiseanna foghlama gairmiúla i scoileanna príomhshrutha agus speisialta. Tacaíonn an fhoireann le hearnálacha bunscoile agus iar-bhunscoile chun cleachtais ionchuimsitheacha a fhorbairt agus chun tabhairt faoi fhoghlaim ghairmiúil ar mhaithe le hachtú an churaclaim i scoileanna speisialta.

**Foireann Ionchuimsitheachta na Foghlama agus na Forbartha Gairmiúla** – Páirteach san fhoireann seo tá Ceannaire Speisialaithe atá freagrach as clár foghlama gairmiúla CNOS a chomhordú agus Ceannaire Speisialaithe atá freagrach as an gclár forbartha gairmiúla leanúnaí a fhorbairt. Tá siad beirt freagrach as athbhreithniú, maoirseacht agus forbairt na foghlama gairmiúla múinteoirí trí sheimineáir agus deiseanna foghlama gairmiúla CNOS. Páirteach i bhFoireann Ionchuimsitheachta na Foghlama agus na Forbartha Gairmiúla tá Teicneolaí Oideachais freisin, a dhíríonn ar chaighdeáin nuálaíochta, cleachtas fianaisebhunaithe agus maoirseacht beartais CNOS. Is é Comhordaitheoir Thionscadal na Gaeilge an ball nua den fhoireann, atá freagrach as seirbhís agus foghlaim ghairmiúil a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.

**An Fhoireann Ionchuimsitheachta Chéadfach** – Páirteach san fhoireann seo tá Ceannaire Forbartha Náisiúnta agus Ceannaire Speisialaithe atá freagrach as cleachtas/ceannaireacht sheirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta, comhairleoirí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) agus tacaíocht speisialaithe sa seomra ranga do leanaí atá bodhar/breacbhodhar agus/nó dall/faoi lagamharc. Treoraíonn an fhoireann seo rannpháirtíocht le raon leathan páirtithe leasmhara sa dá phobal agus tá sí freagrach as comhairle beartais agus forbairt cleachtais san fhearann céadfach a bhainistiú.

### 1.1.2 Acmhainní a Chur ar Fáil do Scoileanna i Scoilbhliain 2024/25 agus i Scoilbhliain 2025/26

Tá faisnéis le fáil sa rannóg seo faoi acmhainní a chur ar fáil do scoileanna in 2025, mar aon le faisnéis faoi raon tacaíochtaí agus acmhainní atá infheidhme i gcomhair scoilbhliain 2024/25 agus scoilbhliain 2025/26.

*Bhí 20,556 áit ar fáil in 3,333 rang speisialta i scoileanna príomhshrutha ag deireadh scoilbhliain 2024/25*

#### Ranganna Speisialta

**Ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha:** Cheadaigh SENOnna CNOS 407 rang speisialta breise i scoilbhliain 2024/25. Ag deireadh scoilbhliain 2024/25, bhí 3,333 rang speisialta i scoileanna príomhshrutha agus bhí 20,556 áit ar fáil. Is ionann é sin agus glanmhéadú de 2,468 áit i gcomparáid leis an scoilbhliain roimhe sin.

#### Scoileanna Speisialta

I scoilbhliain 2024/25, bhí 8,905 mac léinn cláraithe i scoileanna speisialta a raibh CNOS ag tacú leo. Leithdháil CNOS 1,449 múinteoir agus 3,545 SNA ar scoileanna speisialta in 2024/25. Bhí na figiúirí comhfhreagracha sa scoilbhliain roimhe sin, 2023/24, cothrom le 1,392 múinteoir agus 3,194 SNA faoi seach.

#### Tacaíochtaí Múinteora Eisceachtúla Curtha ar Fáil do Scoileanna Speisialta

In 2025, bhí poist mhúinteoireachta eisceachtúla bhreise in 42 scoil speisialta dhifriúil, agus leithdháileadh meascán de phoist lánaimseartha agus pháirtaimseartha ar 50.2 post teagaisc WTE. Tá méadú ag teacht ar an éileamh atá le tabhairt faoi deara i measc scoileanna le haghaidh acmhainní teagaisc breise mar gheall ar chastacht riachtanais na mac léinn i scoileanna speisialta a bheith ag dul i méid. Tá dúshláin iompair shuntasacha le sárú ag go leor mac léinn. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar phróiseas na múinteoirí eisceachtúla, agus is féidir le scoileanna iarratais a dhéanamh trí thairseach scoile CNOS. Nuair a bheidh an t-athbhreithniú críochnaithe, beidh an próiseas ar fáil ar shuíomh gréasáin CNOS agus beidh foirm iarratais ar fáil do scoileanna freisin. Tá dlúthbhaint ag an Roinn Oideachais agus Óige (DEY) leis an bpróiseas seo mar chuid de Mheitheal Phlean Gníomhaíochta Scoileanna Speisialta DEY.

#### Samhail Leithdháilte agus Athbhreithnithe Múinteoirí Oideachais Speisialta

I mí Feabhra 2025, d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Óige Imlitir 0004/2025 agus Imlitir 0005/2025 – leithdháileadh Múinteoirí Oideachais Speisialta (SET) do scoilbhliain 2025/26.

Fuair gach bunscoil agus iar-bhunscoil faisnéis maidir lena Leithdháileadh SET i gcomhair scoilbhliain 2025/26.

De réir shamhail leithdháilte SET, dáiltear acmhainní teagaisc breise ar fud an chórais bunscoile agus iar-bhunscoile. Déantar an méid sin chun a chinntiú go bhfuil acmhainní teagaisc breise ar fáil chun tacú le daltaí/le mic léinn a bhfuil an riachtanas foghlama is mó acu.

I ndiaidh leithdháiltí SET a fhoilsiú, bhí cead ag scoileanna iarratas a chur faoi bhráid CNOS chun athbhreithniú a dhéanamh má chreid siad nach raibh a leithdháileadh oiriúnach chun freastal ar riachtanais a gcuid mac léinn a raibh riachtanais aitheanta acu. Bhí cead ag scoileanna iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú SET idir an 28 Feabhra agus an 21 Márta 2025. Bhí CNOS tiomanta d'athbhreithnithe a dhéanamh i rith na tréimhse ama seo ionas go mbeadh scoileanna in ann cúrsaí a phleanáil ar bhealach níos fearr don Mheán Fómhair ina dhiaidh sin. Lean Foireann Athbhreithnithe SET CNOS ar aghaidh le prionsabail na Bainistíochta Láncháilíochta (TQM) a chur chun feidhme i ndáil le próiseas athbhreithnithe SET chun a chinntiú go raibh próiseas cruinn agus toradh tráthúil á gcur ar fáil do scoileanna.

Lean scoileanna a thug léargas ar imthosca uathúla féideartha ina bhfoirmeacha iarratais ar aghaidh chun athbhreithniú SET iomlán a dhéanamh. Rinne scoileanna a raibh níos lú ná 200 mac léinn ar an rolla acu athbhreithniú deisce agus rinneadh athbhreithniú ionscoile i scoileanna ina raibh níos mó ná 200 mac léinn. Cuireadh 1,011.5 uair bhreise SET ar fáil sa chóras i ndiaidh phróiseas athbhreithnithe Leithdháileadh SET 2025. Tá líon iomlán na bpost SET breise sa chóras anois aibhsithe i dTábla 2.

**Tábla 2. Achoimre ar Phróiseas Athbhreithnithe Leithdháileadh SET 2025**

| Anailís ar Athbhreithnithe SET | |
|---|---|
| **Líon iomlán iarratas faighte** | **177** |
| Iarratas aistarraingthe | 8 |
| Iarratas neamhiomlána | 0 |
| **Líon iomlán iarratas fágtha** | **169** |
| Iarratas nár éirigh leo dul níos faide ná an scagadh tosaigh – níor chomhlíon siad na critéir nó níor léirigh siad riachtanas breise | 24 |
| Iarratas a bhfuil cinneadh fós le déanamh maidir leo | 0 |
| **Iarratas bailí atá páirteach sa chéim athbhreithnithe** | **145** |
| **Athbhreithniú críochnaithe** | **145** |
| Iarratas lena mbaineann leithdháiltí méadaithe | 120 |
| Iarratas nach bhfuil aon mhéadú ag baint leo | 25 |

### Figiúr 1. Treoirlínte SET agus Doiciméid Tacaíochta




## Tacaíocht SNA

De réir Imlitir 0030/2014, eisithe ag an Roinn Oideachais agus Óige, soláthraíonn Cúntóirí Riachtanas Speisialta (SNAnna) sa scoil tacaíocht chúrambhunaithe do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise shuntasacha acu. San áireamh sa tacaíocht seo tá cúnamh le cúram pearsanta, soghluaisteacht, maoirseacht agus sábháilteacht, agus tacaíocht le rochtain ar thimpeallacht na scoile agus tacaíocht le gníomhaíochtaí sa seomra ranga agus saol na scoile. Oibríonn SNAnna faoi threoir phríomhoide na scoile agus múinteoirí ranga agus cabhraíonn siad chun pleananna cúraim aonair a chur chun feidhme, tacú le hionchuimsitheacht agus le folláine, agus a chinntiú gurb é an múinteoir ranga atá freagrach as teagasc agus foghlaim.

### Figiúr 2. Imlitir na Roinne Oideachais agus Treoirlínte CNOS do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna Príomhshrutha



### Tábla 3. Toradh Phróiseas Athbhreithnithe Eisceachtúil SNA i gcomhair Scoilbhliain 2024/25

| Toradh | Líon na nIarratas |
|---|---|
| **Iarratas Iomlán** | **1,223** |
| Leithdháileadh Méadaithe | 3,614.3 |
| Líon na bPost SNA Breise | 459.6 |

Tá faisnéis maidir le líon na SNAnna leithdháilte ar scoileanna ag deireadh scoilbhliain 2023/24 agus 2024/25, agus ag deireadh mhí na Nollag 2024 agus 2025, leagtha amach i dTábla 4.

### Tábla 4. Líon na bPost SNA

| | Deireadh Scoilbhliain 2023/24 | Deireadh Nollaig 2024 | Deireadh Scoilbhliain 2024/25 | Deireadh Nollaig 2025 |
|---|---|---|---|---|
| Post SNA | 21,001.0 | 20,787.8 | 23,607.3 | 22,575.2 |

### Próiseas Athbhreithnithe SNA

De réir Imlitir DEY 0032/2025, chuir CNOS tús le clár náisiúnta d'athbhreithnithe SNA i rith scoilbhliain 2025/26. I gcomhair na tréimhse seo, faoi chreat athbhreithnithe SNA CNOS, tá trí phríomhghné san áireamh i ngach athbhreithniú:

- measúnú ar phríomhriachtanais chúraim shuntasacha na mac léinn
- meastóireacht ar an úsáid atá á baint ag scoileanna as leithdháiltí SNA i láthair na huaire
- breithniú ar chleachtas scoilbhunaithe.

In Athbhreithnithe a rinneadh in 2025/26 tugadh tús áite do scoileanna nárbh fhéidir athbhreithniú a chur i gcrích iontu in 2024/25 agus inar cinneadh an t-athbhreithniú a athsceidealú; scoileanna nach ndearnadh athbhreithniú iontu le dhá bhliain roimhe sin; scoileanna ina raibh leithdháiltí os cionn SERC i ranganna speisialta; scoileanna inar aistríodh roinnt mac léinn ó ranganna príomhshrutha go dtí ranganna speisialta; scoileanna a rinne iarratas ar acmhainní breise laistigh den tréimhse iarratais mar gheall ar chlárú mac léinn a bhfuil riachtanais chasta leighis nó fhisiciúla acu; agus scoileanna a roghnaigh CNOS chun athbhreithniú tionscanta ag CNOS a dhéanamh iontu.

Cuirtear athbhreithnithe CNOS i gcrích ar bhonn scoile uile agus níl gá le tuarascáil shíceolaíoch, ildisciplíneach nó sláinte mar fhianaise i ndáil le riachtanas SNA. Cuirtear acmhainní ar fáil do scoileanna trí shamhail leithdháilte scoile uile agus bítear ag súil go mbainfear úsáid as poist SNA i ranganna príomhshrutha agus speisialta ar aon dul leis an leibhéal riachtanais is airde i measc na mac léinn. Táthar ag leanúint ar aghaidh le hacmhainní a chur ar fáil do scoileanna speisialta de réir bonnlíne chóimheasa SERC, agus ní chuirtear tacaíocht SNA bhreise ar fáil do riachtanais chúraim phríomhúil shuntasacha ach ar bhonn eisceachtúil. Déanann Painéal Athbhreithnithe CNOS cinneadh maidir le gach toradh athbhreithnithe.

Idir Eanáir agus Nollaig 2025, cuireadh 1,240 athbhreithniú i gcrích. San áireamh anseo tá athbhreithnithe faoi threoir scoileanna a d'iarr scoileanna agus athbhreithnithe a thionscain CNOS a cuireadh i gcrích de réir na gcritéar a bhí bunaithe. Chuir na SENOnna na hathbhreithnithe i gcrích go háitiúil i gcomhar le scoileanna agus cuireadh faoi bhráid Phainéal Athbhreithnithe SNA iad.

Tá Painéal Achomhairc bunaithe chun machnamh a dhéanamh ar achomhairc a eascraíonn as torthaí athbhreithnithe SNA. Lena chois sin, soláthraíonn Coiste Comhairleach Achomhairc, a bhfuil ionadaithe seachtracha páirteach ann, maoirseacht agus comhairle neamhspleách i ndáil le hoibriú agus éifeachtacht an phróisis achomhairc.

### Iarratais ar Thacaíochtaí Breise

I scoilbhliain 2024/25, phróiseáil SENOnna breis is 15,000 iarratas ar thacaíochtaí breise do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta acu faoi dhá scéim leithdháilte: iompar scoile, agus teicneolaíocht chúnta/trealamh speisialta. Tá faisnéis le fáil i dTábla 5 maidir le líon na n-iarratas a próiseáladh faoi gach scéim.

**Tábla 5. Iarratais ar Thacaíochtaí Breise a Phróiseáil CNOS, 2024/25**

| Scéim | Líon na nIarratas |
|---|---|
| Iompar Scoile | 6,719 |
| Teicneolaíocht Chúnta/Trealamh Speisialta | 9,104 |
| **Iomlán** | **15,823** |

## 1.2 Faisnéis agus Tacaíocht a Chur ar Fáil do Mhic Léinn agus do Thuismitheoirí

**Cuspóir – Comhairle, faisnéis agus tacaíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí agus do mhic léinn chun lántairbhe a bhaint as a gcuid deiseanna oideachais.**

### 1.2.1 Faisnéis agus Tacaíocht do Mhic Léinn

#### Guth an Mhic Léinn

Tá 19 scoil ag glacadh páirt i dtionscadal CREATE CNOS. Tá scoileanna i ndiaidh páirt a ghlacadh i dtrí lá foghlama comhroinnte agus thug a seaimpín CREATE trí chuairt tacaíochta ar na scoileanna sin. Tá modh roghnaithe ag gach scoil anois ó shraith straitéisí CREATE chun guth an mhic léinn a thaifeadadh agus tá triail á baint acu as an modh sin anois. Cuirfidh scoileanna obair i gcrích ar dhialanna machnamhacha i rith an phróisis, a bheidh mar bhonn leis an tsraith straitéisí CREATE deiridh a chuirfear i dtoll a chéile ag deireadh an tionscadail. Mar bhonn leis an tsraith straitéisí beidh léirbhreithniú ar an litríocht a bheidh curtha i gcrích ag meitheal CREATE. Táthar ag díriú ar Chéim 3 den tionscadal anois – cur chun feidhme agus athbhreithniú.

#### Forbairt an Phlean

Tá trí chéim sa phlean (féach ar Figiúr 3):

- Céim 1 – anailís agus taighde
- Céim 2 – comhoibriú agus pleanáil
- Céim 3 – cur chun feidhme agus athbhreithniú.

**Figiúr 3. Amlíne Phlean Rannpháirtíochta na Mac Léinn Nollaig 2024 go dtí Meitheamh 2026**



### Clár Samhraidh 2025

In 2025, thacaigh CNOS le bunscoileanna, iar-bhunscoileannna agus scoileanna speisialta chun cur chuige solúbtha a bhí leanbhlárnach a fhorbairt agus clár samhraidh do mhic léinn a chur chun feidhme. Ba é *Muinín agus Naisc a Chothú* an téama a roghnaíodh i gcomhair 2025.

I gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Óige, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) agus Ionad Oideachais Thrá Lí, d'éascaigh CNOS trí sheimineár gréasáin oiliúna faisnéise chun tacú leis an gclár a chur ar fáil. Ghlac 435 duine (múinteoirí agus ceannairí scoile) páirt sna seimineáir ghréasáin ar líne, lena n-áirítear 249 duine ó bhunscoileanna, 155 duine ó iar-bhunscoileanna agus 31 duine ó scoileanna speisialta.

**Figiúr 4. Seimineár Oiliúna Náisiúnta Chlár an tSamhraidh do Bhunscoileanna**




Lena chois sin, chruthaigh CNOS Padlet do chlár samhraidh do scoileanna mar aon le tacar cuimsitheach acmhainní ar líne do mhúinteoirí (féach ar Fhíor 5).

Cuireadh Padlet breise ar fáil chun tacú le rannpháirtíocht mac léinn a bhí bodhar/breacbhodhar nó dall/faoi lagamharc, mar aon le rogha acmhainní trí Ghaeilge. Tugadh deis do mhic léinn a raibh riachtanais chasta acu nach raibh in ann rochtain a fháil ar an gclár scoilbhunaithe tairbhe a bhaint as acmhainní a d'fhéadfaí a úsáid sa bhaile. Chun tacú leis an bpróiseas, thairg CNOS doiciméad forléargais do scoileanna, foirmeacha iarratais agus liosta do thuismitheoirí ionas go bhféadfaidís teagascóirí a bhí ar fáil a aimsiú.

**Figiúr 5. Padlet CNOS do Chlár Samhraidh 2025**



Tá Foireann Oideachais agus Curaclaim CNOS páirteach sa ghrúpa stiúrtha laistigh den Roinn Oideachais agus Óige a bhfuil sé mar aidhm aici dlús a chur le gníomhartha a bhaineann le beartas maidir le foghlaimeoirí tréitheacha agus ardchumasacha, beartas a bhfuil aird tarraingthe air go leanúnach i dtástálacha idirnáisiúnta i ndiaidh a chéile cosúil le PISA, PIRLS agus TIMSS. Cuireadh maoiniú luach €200,000 ar fáil do thionscadal *Saibhriú* faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin in 2025. Tacaíonn an ciste le comhoibriú áitiúil idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna chun an méid seo a leanas a bhunú:

- an bealach is éifeachtaí is féidir le scoileanna oibriú le chéile chun tacú le riachtanais mac léinn atá ardchumasach, agus
- an bealach is féidir cur chuige atá bunaithe ar shaineolas foirne agus ar theagasc comhoibríoch a aithint agus a roinnt.

Beidh an tionscadal seo bunaithe i sé Ionad Tacaíochta Oideachais ar fud na tíre.

### Science Blast ESB – Márta 2025

Ghlac CNOS páirt i bpróiseas moltóireachta Science Blast ESB san RDS, Baile Átha Cliath ar an 5 Márta 2025. Is clár oideachais neamhiomaíoch, saor in aisce é seo do bhunscoileanna (Rang a 3 go dtí Rang a 6). Cuireann ranganna a dtionscadail i gcrích sa scoil faoi mhaoirseacht an mhúinteora. Cuirtear an próiseas moltóireachta i gcrích ar cheann de na Laethanta nuair a bhíonn an tImeacht ar siúl Beo ar an láthair.

Glactar leis an aiseolas a chuireann moltóirí ar fáil do leanaí agus do mhúinteoirí mar ghné lárnach den chomórtas agus is bealach atá ann freisin chun leanaí a spreagadh chun spéis a léiriú in ábhair eolaíochta, theicneolaíochta, innealtóireachta agus mhatamaitice (STEM) i rith a n-aistir oideachais.

In 2025, ghlac CNOS páirt sa phróiseas moltóireachta a bhain le trí thionscadal:

| Ainm an Tionscadail | Scoil |
|---|---|
| Science Friction! An bhfuil tionchar ag an gcineál dromchla ar an achar a thaistealaíonn carr LEGO? | Scoil Chormaic, Caiseal, Co. Thiobraid Árann |
| An bhféadfadh airde nótaí a bheith níos airde nó níos ísle ag brath ar cé chomh mór is atá cabhail giotáir? | Scoil Speisialta Hilda, Baile Átha Luain |
| An gcuireann daltaí a bhfuil uathachas orthu níos mó spéise i dtraenacha i gcomparáid lena bpiaraí néaraitipiciúla? | Bunscoil Speisialta Mhóinéar Bhaile Eoghain, Co. Bhaile Átha Cliath |




### 1.2.2 Faisnéis agus Tacaíocht do Thuismitheoirí

Príomhról de chuid CNOS é faisnéis a roinnt le tuismitheoirí, scoileanna agus gach páirtí leasmhar maidir le ceisteanna a bhaineann le hoideachas speisialta. Taobh le tacaíocht leanúnach a thabhairt do thuismitheoirí aonair gach bliain, soláthraíonn SENOnna clár bliantúil de sheisiúin faisnéise do thuismitheoirí CNOS gach bliain. I rith na seisiún seo cuirtear comhairle ar thuismitheoirí agus ar chaomhnóirí leanaí atá ar tí tosú ag freastal ar scoil maidir leis na seirbhísí agus tacaíochtaí oideachais atá ar fáil ina gceantair áitiúla. Chuir SENOnna seimineáir do thuismitheoirí ar fáil ar fud an stáit maidir leis an aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil, agus ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil.

Reáchtáladh seisiúin faisnéise do thuismitheoirí i roinnt scoileanna i mBaile Átha Cliath 15 mar chuid de phróiseas iarratais Trialacha Iarratais do Rang Uathachais (ACAT). Bhí SENOnna, Bainisteoirí Foirne agus, i gcásanna áirithe, Comhordaitheoir Náisiúnta i láthair i scoileanna chun tacú le tuismitheoirí a bhí ag iarraidh páirt a ghlacadh sa phróiseas.

D'óstáil Comhordaitheoirí Náisiúnta CNOS trí sheisiún faisnéise ar líne do thuismitheoirí a bhí á n-éascú ag AsIAm, Siondróm Down na hÉireann agus ADHD na hÉireann. I rith na seisiún seo díríodh ar ról an SENO, ar an tslí a dtacaíonn CNOS le leanaí agus ar na himpleachtaí a bheidh ag Imlitir 0039/2025 DEY, '*Cur chuige agus príomhbhearta chun tacú leis an bPleanáil Chun Cinn do Sholáthar Oideachais Speisialta do scoilbhliain 2026/2027 agus ina diaidh*'. Rinneadh cur síos freisin ar phríomhbhearta chun tacú le pleanáil chun cinn do sholáthar oideachais speisialta do scoilbhliain 2026/27 agus ina diaidh.

## 1.3 Socrúchán agus Aistriú Mic Léinn

**Cuspóir – Plean a dhéanamh chun socrúchán mic léinn oiriúnach agus aistriú éasca a sholáthar agus athbhreithniú a dhéanamh ar a leithéid in éineacht le tuismitheoirí, scoileanna agus páirtithe leasmhara.**

### 1.3.1 Réamhrá

In 2025, lean CNOS ar aghaidh le pleananna a dhéanamh chun ranganna agus scoileanna speisialta a bhunú i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus Óige do scoilbhliain 2025/26. Bhuail comhordaitheoirí náisiúnta le hAonad Oideachais Speisialta agus le hAonad Pleanála agus Tógála DEY faoi dhó sa tseachtain. D'oibrigh na Comhordaitheoirí Náisiúnta, Príomhoifigeach na Seirbhísí Ionchuimsitheachta agus Oideachais, agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin i ndlúthpháirt le pátrúin chun dlús a chur le ranganna breise a sholáthar i gceantair ina raibh éileamh suntasach ar a leithéid. Lena chois sin, chiallaigh Imlitir 0039/2025 na DEY gur próiseas éigeantach é an chomhairle a eisíodh roimhe sin, 'An Próiseas Fógra ó Thuismitheoirí', a bhí riachtanach a chur san áireamh i bpróisis chláraithe scoileanna.

I mí Mheán Fómhair 2025, chuir CNOS agus an Roinn Oideachais agus Óige tús le rannpháirtíocht pátrún, i bhfad níos túisce ná mar a bhíothas ag súil leis, chun tús a chur le pleanáil i gcomhair Mheán Fómhair 2026.

### 1.3.2 Bunú Ranganna agus Scoileanna Speisialta

In 2025, lean CNOS ar aghaidh le pleananna a dhéanamh chun ranganna agus scoileanna speisialta a bhunú in éineacht leis an Roinn Oideachais agus Óige.

#### An Próiseas Fógra ó Thuismitheoirí

Fógraíodh in Imlitir 0039/2025 DEY Próiseas Fógra ó Thuismitheoirí CNOS a chiallaíonn go ndéanann tuismitheoirí teagmháil le CNOS agus go dtugann siad fógra do CNOS go bhfuil rang speisialta nó socrúchán speisialta ag teastáil óna leanbh. Fógraíodh gurb é an 1 Deireadh Fómhair an spriocdháta do bhliain acadúil 2026/27, agus go mbeifear ag leanúint ar aghaidh le hatreoruithe eile sa bhliain féilire nua.

Cuireadh tús leis an bPróiseas Fógra ó Thuismitheoirí níos túisce i gcomhair Mheán Fómhair 2026, agus beidh tuismitheoirí in ann iarratas a dhéanamh go luath i mí Lúnasa 2025. Chiallaigh sé sin go bhféadfaí faisnéis maidir le héileamh a bhailiú níos túisce agus go bhféadfaí deis rannpháirtíochta a thabhairt do phátrún ranganna i gcomhair mí Mheán Fómhair 2026 níos túisce freisin.

#### Scoileanna Speisialta

I rith 2025, lean an Roinn agus CNOS ar aghaidh ag obair le chéile ar an éileamh ar scoileanna speisialta le haghaidh scoilbhlianta amach anseo. Tá machnamh á dhéanamh ar scoileanna speisialta nua a chruthú agus ar fhorbairt a dhéanamh ar an raon scoileanna atá san áireamh faoi láthair.

Tá rannpháirtíocht agus soláthar straitéiseach scoileanna speisialta ag leanúint ar aghaidh ag iarraidh a chinntiú go bhfuiltear ag tacú le ceantair ina bhfuil brú ard trí sholáthar breise más gá. Tá CNOS ag leanúint ar aghaidh ag obair i ndlúthpháirt leis an Roinn Oideachais agus Óige chun sonraí a chur ar fáil ón bPróiseas Fógra ó Thuismitheoirí a bhaineann le scoileanna speisialta a sholáthar.

### Ranganna Speisialta

I rith 2025 lean CNOS agus an Roinn Oideachais agus Óige ar aghaidh le socrúcháin ranganna speisialta a chur ar fáil sa scoilbhliain reatha. I gcomhair Mheán Fómhair 2025, ceadaíodh 407 rang breise.

Tarlaíonn rannpháirtíocht straitéiseach chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar éileamh agus go n-aithnítear brúphointí, go háitiúil agus go réigiúnach, a luaithe is féidir. Chomh maith leis sin, thacaigh Imlitir 0039/2025 DEY leis an obair seo trí éileamh ar ranganna speisialta a dheimhniú roimh an 1 Deireadh Fómhair, roimh an gcéad scoilbhliain eile, rud a chiallaigh go bhféadfaí pleananna a dhéanamh i bhfad níos túisce.

## 1.3.3 Clár Píolótach Aistrithe na Straitéise Fostaíochta Cuimsithí (CES)

Leanadh ar aghaidh le clár píolótach na Straitéise Fostaíochta Cuimsithí (CES) i gcomhair scoilbhliain 2024/25 agus scoilbhliain 2025/26. Páirteach san iarracht chomhoibríoch seo tá ranna agus gníomhaireachtaí rialtais éagsúla, lena n-áirítear CNOS agus DEY. Tá dhá phríomhthéama luaite leis an gclár seo: Cinntí Eolasacha a Dhéanamh, agus Scileanna don Saol Iarscoile. Tá sé mar aidhm leis an dá théama cur ar chumas mac léinn roghanna eolasacha a dhéanamh maidir lena dtodhchaí agus scileanna saoil agus infhostaitheachta a roinnt leo atá riachtanach le haghaidh aistrithe éifeachtacha.

Bhí dhá chéim sa chlár. Páirteach sa chéad chéim bhí scoileanna príomhshrutha agus speisialta, agus foilsíodh tuarascáil maidir leis an meastóireacht ar an tionscadal píolótach in 2025 (féach ar Rannóg 2.4.3). I láthair na huaire, tá 41 scoil speisialta páirteach sa dara céim den tionscadal píolótach. Páirteach sa tionscadal píolótach in 2024/25 bhí 272 mac léinn a raibh leibhéil riachtanas tacaíochta éagsúla acu, idir míchumas intleachtúil éadrom/measartha agus casta.

Tá an tionscadal píolótach seo dírithe ar chonairí aistrithe iarscoile do dhaoine óga faoi mhíchumas a fheabhsú. Tá sé mar aidhm leis cabhrú leo a dtodhchaí a phleanáil trí bhacainní a d'fhéadfadh a bheith ann chun rochtain a fháil ar agus chun dul chun cinn a dhéanamh in oideachas, oiliúint agus fostaíocht iar-mheánscoile a aithint agus déileáil lena leithéid. Tá sé uair an chloig sa tseachtain leithdháilte ar gach scoil speisialta le haghaidh gníomhaíochtaí pleanála aistrithe. Cuireann an tsaoirse seo ar chumas scoileanna tairbhe a bhaint as an tuiscint ar leith atá acu ar a gcuid mac léinn agus cur chuige cruthaitheach agus nuálach a dhearadh chun tacú le haistrithe éifeachtacha. Leagtar béim sa tionscadal píolótach seo ar chur chuige mac léinn-lárnach, agus tugtar tús áite do na cinn scríbe iarscoile is fearr do gach duine aonair a aithint. Beidh an méid a fhoghlaimeofar agus an dea-chleachtas a thabharfar faoi deara i rith an chláir phíolótaigh seo mar bhonn le cleachtais a fhorbrófar amach anseo i ndáil le pleanáil aistrithe i ngach scoil speisialta agus phríomhshrutha in Éirinn.

### 1.3.4 I dTreo Ionchuimsitheachta: Clár Píolótach do Chomhoibriú Idirscoile

Reáchtáladh clár píolótach tosaigh, I dTreo Ionchuimsitheachta, i mbliain féilire 2024. Leanadh ar aghaidh leis an gclár in 2025 agus tá 72 scoil páirteach ann anois: 36 scoil speisialta agus 36 scoil phríomhshrutha. Is í sprioc an chláir cleachtais oideachais ionchuimsitheacha a chothú trí iarrachtaí comhoibríocha idir scoileanna atá suite in aice lena chéile. Éascaíonn an clár saineolas a roinnt agus cruthaíonn sé deiseanna do mhúinteoirí agus do mhic léinn chun páirt a ghlacadh in eispéiris foghlama chomhoibríocha, caidreamh idirscoile a threisiú agus torthaí oideachais a fheabhsú.

Chlúdaigh an síneadh a cuireadh leis an tionscadal píolótach bliain féilire 2025. Bhí solúbthacht ag rannpháirtithe chun cinneadh a dhéanamh faoin dáta tosaigh laistigh den tréimhse ama seo. Bhí na gníomhaíochtaí fréamhaithe i bprionsabail oideolaíocha fhónta agus bunaithe ar thaighde oideachais, beartais agus straitéisí náisiúnta ábhartha.

Roghnaigh Aonad Oideachais Speisialta DEY agus CNOS na scoileanna speisialta, agus thug siad deis dóibh an scoil chomhpháirtí a roghnú bunaithe ar chúrsaí tíreolaíochta agus ar réimsí spéise a gcuid mac léinn. Éascaíonn an phéireáil straitéiseach seo faisnéis agus saineolas áitiúil a roinnt, agus cur ar chumas múinteoirí súil a choinneáil ar agus páirt a ghlacadh i gceachtanna i suíomhanna scoile eile trí shocrú cómhalartach.

## 1.4 An tSeirbhís Teiripe Oideachais (ETS) Nua a Chur Chun Feidhme

**Cuspóir – Seirbhís tacaíochta timchúraim a chur ar fáil i scoileanna mar chuid den tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Teiripe.**

### 1.4.1 Réamhrá

I mí Feabhra 2025, d'fhógair an tAire Oideachais agus Óige, Hildegarde Naughton, agus an tAire Oideachais Speisialta agus Cuimsithe, Michael Moynihan, sonraí maidir le céad rolladh amach céimnithe na Seirbhíse Teiripe Oideachais (ETS) nua.

Is ionann an ETS agus gealltanas neamhspleách a tugadh faoi Chlár an Rialtais maidir le tionscnamh tras-rannach ollmhór a bhfuil sé mar aidhm leis tacaíochtaí a threisiú do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Soláthróidh an ETS trí shnáithe tacaíochta don chóras oideachais:

- **Snáithe I:** 'Tacaíocht Teiripe Leabaithe' – Is tacaíocht nua í seo atá á rolladh amach mar chuid de ETS. Sannfaidh an tseirbhís teiripeoir(í) do scoileanna speisialta agus bainfidh sí tairbhe as samhail tacaíochta ina bhfuil **sraitheanna éagsúla, lena n-áirítear tacaíochtaí ag leibhéal uilíoch**, spriocdhírithe agus aonair, agus cinnteofar gur féidir le leanaí a bhfuil an leibhéal riachtanais is mó acu tairbhe a bhaint as an leibhéal tacaíochta is mó. Tacóidh seirbhís teiripe leabaithe le forbairt caidrimh láidir idir teiripeoirí, múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta agus tuismitheoirí, agus ceadófar comhdhearadh, comhréiteach fadhbanna agus comhsheasmhacht sa bhaile agus sa scoil. Is deis atá ann freisin do chomhoibriú comhsheasmhach i measc seirbhísí atá á gcur ar fáil do leanaí i láthair na huaire.

- **Snáithe II:** 'Teiripe Ionscoile Leanúnach' (SIT) – Oibríonn teiripeoirí CNOS i ndlúthpháirt le scoileanna roghnaithe thar thréimhse dhá bhliain chun déileáil le riachtanais shonracha atá aitheanta i gcomhar le gach scoil. Is snáithe sheanbhunaithe de ETS laistigh de CNOS é seo faoi láthair.
- **Snáithe III:** 'Teiripe Réigiúnach' (RT) – Foghlaim ghairmiúil múinteoirí (TPL) le raon tacaíochtaí leantacha cur chun feidhme do mhúinteoirí. Is snáithe sheanbhunaithe de ETS laistigh de CNOS é seo faoi láthair.

Cuireadh tús le pleanáil agus le hearcaíocht do Shnáithe 1 ETS le 45 scoil speisialta i scoilbhliain 2025/26. Ina dhiaidh sin, leanfar le rolladh amach ar bhonn céimnithe, agus é mar aidhm a chinntiú go mbeidh teiripeoir sannta ag gach scoil speisialta i scoilbhliain 2026/27. De réir a chéile, forbrófar an tseirbhís agus cuirfear ranganna speisialta agus príomhshrutha san áireamh.

### 1.4.2 Teiripe Ionscoile Leanúnach (SIT)

#### Teiripe Ionscoile Leanúnach CNOS

In 2025, sholáthair Teiripe Ionscoile Leanúnach (SIT) seirbhísí teiripe do scoileanna in dhá réigiún:

- I mBaile Átha Cliath, Cill Dara agus Cill Mhantáin (SIT an Oirthir), dhírigh 22 scoil ar an dara bliain de sheirbhísí leanúnacha OT agus SLT CNOS.
- I Luimneach agus i dTiobraid Árann (SIT an Iarthair), tugadh cuireadh do scoileanna iarratas a chur faoi bhráid CNOS ar thacaíocht leanúnach trí úsáid a bhaint as an ordú tosaíochta SIT céanna is a úsáideadh san Oirthear in 2024.

#### Conair Ordaithe Tosaíochta SIT

Forbraíodh agus cuireadh conair ordaithe tosaíochta shaincheaptha, fhianaisebhunaithe agus bunaithe ar shonraí chun feidhme. San áireamh san obair seo bhí ceangal a chur ar scoileanna freastal ar sheimineár gréasáin tosaigh maidir le SIT, agus ina dhiaidh sin tugadh cuireadh do scoileanna iarratas a dhéanamh trí shuíomh gréasáin CNOS. Cuireadh próiseas scagtha trí chéim i gcrích i ndáil le gach iarratas a fuarthas. Tá faisnéis maidir leis na torthaí le fáil thíos.

**Tábla 6. Próiseas Ordaithe Tosaíochta SIT – Co. Thiobraid Árann agus Co. Luimnigh**

| | Líon |
|---|---|
| Múinteoirí/Ceannairí Scoile a d'Fhreastail ar Sheimineár Gréasáin | 323 |
| Iarratas Próiseáilte | 130 |
| Scoil a fuair Tairiscint SIT | 28 |
| Scoil ar Phainéal | 79 |

### Tacaíocht Scoile SIT 2025

Cuireadh tús le tacaíocht a chur ar fáil do 28 scoil in SIT an Iarthair i mí Mheán Fómhair 2025. Tá faisnéis le fáil i dTábla 7 maidir le teagmhálacha le scoileanna agus imeachtaí foghlama gairmiúla múinteoirí (TPL) le haghaidh scoileanna a bhí ag baint tairbhe as TIL suas go dtí mí na Nollag 2025. Bhí triúr teiripeoirí saothair agus triúr teiripeoirí urlabhra agus teanga i mbun oibre i rith na tréimhse seo.

**Tábla 7. Teagmhálacha Teiripe Ionscoile Leanúnach (An tIarthar; Lúnasa–Nollaig 2025)**

| An Cineál Scoile | Líon Teagmhálacha | Modh Teagmhála | Líon Teagmhálacha |
|---|---|---|---|
| Bunscoil | 479 | Cuairt tacaíochta scoile<br>• Bunscoil –<br>• Iar-bhunscoil –<br>• Speisialta – | 181 |
| Iar-bhunscoil | 86 | Cruinniú ar líne | 23 |
| Scoil Speisialta | 43 | Teagmháil ríomhphoist/teileafóin | 404 |
| **Teagmháil Iomlán** | **608** | **Teagmháil Iomlán** | **608** |

Leanadh ar aghaidh le tacaíocht a chur ar fáil do 22 scoil in SIT an Oirthir, agus thug gach scoil aghaidh ar an dara bliain de thacaíocht teiripe leanúnach. Tá faisnéis le fáil i dTábla 8 maidir le teagmhálacha le scoileanna agus imeachtaí foghlama gairmiúla múinteoirí (TPL) le haghaidh scoileanna a bhí ag baint tairbhe as SIT sa réigiún seo idir Eanáir agus Nollaig 2025. Bhí beirt teiripeoirí saothair agus triúr teiripeoirí urlabhra agus teanga i mbun oibre go leanúnach i rith na tréimhse seo.

**Tábla 8. Teagmhálacha Teiripe Ionscoile Mharthanach (An tOirthear; Eanáir–Nollaig 2025)**

| An Cineál Scoile | Líon Teagmhálacha | Modh Teagmhála | Líon Teagmhálacha |
|---|---|---|---|
| Bunscoil | 705 | Cuairt tacaíochta scoile<br>• Bunscoil –<br>• Iar-bhunscoil –<br>• Speisialta – | 359 |
| Iar-bhunscoil | 182 | Cruinniú ar líne | 18 |
| Scoil Speisialta | 136 | Teagmháil ríomhphoist/teileafóin | 646 |
| **Teagmháil Iomlán** | **1,023** | **Teagmháil Iomlán** | **1,023** |

Mar chuid de SIT, reáchtáladh raon imeachtaí TPL in SIT an Oirthir agus an Iarthair. Tá faisnéis le fáil i dTábla 9 maidir le líon na n-imeachtaí TPL agus líon na múinteoirí a d'fhreastail ar imeachtaí idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2025.

**Tábla 9. Teiripe Ionscoile Mharthanach/Imeachtaí Foghlama Gairmiúla Múinteoirí, Deireadh Fómhair–Nollaig 2025**

| Réigiún | Imeachtaí TPL | Múinteoir |
|---|---|---|
| An tIarthar | 33 | 845 |
| An tOirthear | 77 | 1,653 |

### Idirghabhálacha agus Torthaí Mic Léinn

Oibríonn teiripeoirí SIT i gcomhpháirt le scoileanna agus le múinteoirí chun torthaí idirghabhálacha a phleanáil, a chur chun feidhme agus a mheas, idirghabhálacha atá dírithe ar fhorbairt scileanna na mac léinn agus/nó ar fhorbairt timpeallachtaí agus oideolaíocht atá bunaithe ar theiripe. Tá faisnéis le fáil sna táblaí thíos maidir le líon na n-idirghabhálacha a cuireadh chun feidhme, na múinteoirí a bhí páirteach agus na mic léinn ar cuireadh tacaíocht ar fáil dóibh.

**Tábla 10. Teiripe Ionscoile Mharthanach/Clúdach na nIdirghabhálacha, DF–Nollaig 2025**

| Réigiún | Idirghabháil | Múinteoir | Mac Léinn ar Tacaíodh Leis/Léi |
|---|---|---|---|
| An tIarthar | 9 | 11 | 220 |
| An tOirthear | 62 | 465 | 4,345 |

## 1.4.3 Teiripe Réigiúnach CNOS 2025

Anois, táthar ag glacadh le teiripe réigiúnach mar shnáithe teiripe bhuan (Snáithe 3) in CNOS agus tá forbairt náisiúnta déanta ar fud réigiúin an oirthir agus an iarthair.

### Imeachtaí TPL na Teiripe Réigiúnaí

- Idir Eanáir agus Meitheamh 2025, reáchtáil SLTanna réigiún an Oirthir seimineár foghlama gairmiúla múinteoirí amháin trí lá i gcomhair 23 múinteoir.
- Idir Meán Fómhair agus Nollaig 2025, d'eagraigh an fhoireann SLT trí imeacht TPL i gcomhair 129 múinteoir. I rith na tréimhse céanna, d'eagraigh OTanna réigiún an Oirthir trí imeacht TPL, agus oileadh 80 múinteoir, agus thairg beirt acu cuairteanna tacaíochta leantacha do scoileanna.

- Idir Meán Fómhair agus Nollaig 2025, d'eagraigh SLTanna réigiún an Iarthair ceithre imeacht TPL i gcomhair 99 múinteoir, agus san áireamh in dhá cheann de na himeachtaí seo bhí cuairteanna tacaíochta leantacha ar scoileanna. I rith na tréimhse céanna, d'eagraigh OTanna réigiún an Iarthair trí imeacht TPL, agus oileadh 63 múinteoir. Thairg beirt acu seo cuairteanna tacaíochta leantacha ar scoileanna.

### Tacaíocht Cur Chun Feidhme Múinteoirí Teiripe Réigiúnacha

San áireamh i dtacaíocht cur chun feidhme Teiripe Réigiúnaí tá cuairteanna díreacha ar an scoil, tacaíocht ar an teileafón agus trí ríomhphost. Ar fud réigiúin an Oirthir agus an Iarthair, idir Eanáir agus Nollaig 2025, taifeadadh 424 teagmháil le scoileanna agus 114 cuairt ionscoile. I rith na gcuairteanna seo bhíothas ag díriú ar phleanáil, samhaltú, roinnt faisnéise agus machnamh.

### Forbairt Acmhainní Teiripe CNOS

D'fhorbair teiripeoirí CNOS roinnt acmhainní in 2025 agus foilsíodh ar an suíomh gréasáin iad chun tairbhe na múinteoirí ar fad i scoileanna ar fud na tíre agus tá siad ar fáil ag an nasc seo a leanas: https://ncse.ie/therapy-resources. Tá acmhainní ar fáil trí Bhéarla agus trí Ghaeilge.

Sa leabhrán dar teideal *Próiseáil Teanga Gestalt CNOS: Comhairle do Mhúinteoirí* sainmhínítear príomhthéarmaí a bhaineann le Sealbhú Teanga Nádúrtha (NLA) agus Próiseáil Teanga Gestalt (GLP). Cuirtear straitéisí praiticiúla ar fáil do mhúinteoirí chun tacú le gach foirm de shealbhú teanga, GLP san áireamh, laistigh de raon oibre gairmiúil múinteora.




D'fhoilsigh Teiripeoirí Saothair CNOS an dara heagrán den acmhainn ar a dtugtar *Spásanna Céadfacha i Scoileanna*. San eagrán athbhreithnithe agus nuashonraithe seo baintear tairbhe as cur chuige atá bunaithe ar láidreachtaí agus ar mhic léinn maidir le timpeallachtaí céadfacha laistigh de scoil.




### Talking Mats mar Uirlis CNOS chun Cleachtas Ionchuimsitheach a Chur Chun Cinn i Scoileanna

Ar aon dul le beartas oideachais ionchuimsitheach CNOS, d'aithin a baill foirne, mar aon le múinteoirí in Éirinn, easpa feasachta agus tuisceana maidir le bailiú agus úsáid éifeachtach a bhaint as guth an mhic léinn i scoileanna. Chun díriú ar an bpointe sin, tá CNOS i ndiaidh Talking MatsTM a aithint mar uirlis fhianaisebhunaithe a d'fhéadfaí a úsáid chun a chinntiú go raibh 'guthanna mic léinn le cloisteáil' (Messiou et al., 2024) san iarracht a bhí á déanamh córas oideachais ionchuimsitheach den chéad scoth a sholáthar.

Sa bhliain 2025, foilsíodh an leagan deiridh d'acmhainn Talking Mats CNOS, i ndiaidh cúrsaí a phlé le mic léinn arís, chun a nguth a lorg an athuair agus chun tionchar a imirt ar an acmhainn deiridh.

D'oibrigh triúr ball de mheitheal CNOS le Talking MatsTM agus le hOllscoil Stirling chun cúrsa oiliúna do theagascóir ceadúnaithe a dhéanamh i bhfómhar na bliana 2025. Is féidir le teagascóirí ceadúnaithe CNOS Cúrsaí Oiliúna Bunúsacha Talking Mats a thairiscint do bhaill foirne go hinmheánach agus mar imeacht foghlama gairmiúla múinteoirí. Beidh cúrsaí oiliúna Talking Mats CNOS á rolladh amach ar bhealach céimnithe in 2026.

## 1.5 Clár Oiliúna Náisiúnta SNA

**Cuspóir – Seirbhísí foirne réigiúnacha caighdeánaithe, comhordaithe a fhorbairt, a chur ar fáil agus athbhreithniú a dhéanamh orthu laistigh de gach pobal áitiúil chun tacú le mic léinn, tuismitheoirí agus pobail scoile chun rannpháirtíocht oideachais, taithí foghlama agus torthaí do mhic léinn a fheabhsú.**

Tá an Clár Oiliúna Náisiúnta SNA á chur ar fáil ó 2021. I mí na Nollag 2025, bronnadh Teastas sa Tacaíocht Scoile Ionchuimsitheach, Leibhéal 5, ar 812 mac léinn, teastas a d'fhorbair UCD. Ciallaíonn sé sin go bhfuil teastas bronnta ar bheagnach 3,000 duine a rinne an cúrsa seo.

Tá an conradh don chéad chéim eile den Chlár Oiliúna Náisiúnta SNA seo bronnta ar Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Sligeach. Tá an cúrsa creidiúnaithe ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) mar Dhioplóma Sainfheidhme sa Tacaíocht Scoile Ionchuimsitheach, Leibhéal 6. San áireamh sa chúrsa SNA tá sé mhodúl, agus tá gach ceann deartha chun scileanna riachtanacha a roinnt le Cúntóirí Riachtanas Speisialta agus faisnéis a roinnt leo freisin ionas go mbeidh siad in ann tacú le mic léinn a bhfuil riachtanais chúraim bhreise acu.

## 1.6 Clár Píolótach Náisiúnta Altranais

**Cuspóir – Seirbhísí foirne réigiúnacha caighdeánaithe, comhordaithe a fhorbairt, a chur ar fáil agus athbhreithniú a dhéanamh orthu laistigh de gach pobal áitiúil chun tacú le mic léinn, tuismitheoirí agus pobail scoile chun rannpháirtíocht oideachais, taithí foghlama agus torthaí do mhic léinn a fheabhsú.**

Seoladh scéim phíolótach náisiúnta altranais chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais chúraim sláinte chasta acu[2] ar an 21 Deireadh Fómhair 2022, bunaithe ar mholtaí a fuarthas ó ghrúpa pleanála trasghníomhaireachta. Soláthraíonn an tionscadal píolótach tacaíochtaí altranais ionas gur féidir le leanaí a bhfuil riachtanais chúraim sláinte chasta acu freastal ar scoil, tacaíochtaí a bheidh ag cur leis na seirbhísí atá á gcur ar fáil i láthair na huaire trí sheirbhísí pobalbhunaithe.

2 https://www.gov.ie/en/department-of-education/publications/national-nursing-pilot-for-children-with-complex-healthcare-needs-pilot-scheme/

Tá an scéim ag feidhmiú mar chomhpháirtíocht idir CNOS, Cúram Príomhúil HSE agus an DEY. Bainistíonn CNOS an próiseas iarratais, tá HSE freagrach as cúraimí cliniciúla agus cuireann an DEY an maoiniú ar fáil. Cuirtear tacaíocht altranais ionscoile ar fáil do mhic léinn trí chonarthaí tacaíochta péidiatracha réamhbhunaithe do na leanaí, agus cuireann Cúram Príomhúil HSE maoirseacht chliniciúil ar fáil.

Ainneoin go moltar do scoileanna iarratais ar acmhainní do mhí Mheán Fómhair na scoilbhliana a chur isteach, mar gheall ar riachtanais chúraim sláinte chasta na mac léinn, níl aon spriocdháta sonraithe chun iarratais a chur isteach.

Sonraí maidir le bliain féilire 2025:

- Fuarthas 16 hiarratas
- Ceadaíodh tacaíocht a chur ar fáil le haghaidh 8 n-iarratas
- Níor chomhlíon 6 hiarratas na critéir incháilitheachta
- Tá 2 hiarratas á bpróiseáil.

## 1.7 Measúnú ar Riachtanais

**Cuspóir – Ár gcuid oibleagáidí reachtúla faoin Acht um Míchumas a chomhlíonadh trí oibriú le gach páirtí leasmhar chun freagairt do gach atreorú a bhaineann le AoN chun cabhrú le daoine chun measúnú ar riachtanais do HSE a líonadh.**

Tá CNOS ag leanúint ar aghaidh ag freagairt do agus ag cabhrú le próiseas Mheasúnú ar Riachtanais (AoN) HSE, de réir a hoibleagáidí reachtúla faoi Alt 8.3 d'Acht um Míchumas, 2005. Leanadh ar aghaidh le neart rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara oideachais, scoileanna, an Roinn Oideachais agus Óige, agus HSE, i rith 2025.

Nuair a iarrann HSE a leithéid, ní mór do CNOS cabhrú leis an Oifigeach Measúnaithe chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais oideachais linbh nó duine óig trí dhuine cuí a ainmniú chun tuarascáil ar riachtanais oideachais a líonadh.

Tá foirne tiomanta riaracháin agus comhairleacha AoN bunaithe ag CNOS atá ag díriú ar an bpróiseas a chomhordú. Rinneadh tuilleadh forbairt ar na foirne seo i rith 2025 chun freagairt don líon méadaithe atreoruithe HSE a fuarthas.

Ag deireadh 2024, bhí 8,050 atreorú oscailte ag CNOS. I measc na n-atreoruithe oscailte tá tuarascáil maidir le riachtanas oideachais a d'fhéadfaí a bheith ag obair uirthi i suíomh oideachais agus/nó rannpháirtíocht leanúnach le tuismitheoirí/caomhnóirí. In 2025, ghlac CNOS le 8,415 atreorú eile ó HSE. Réitíodh 8,212 atreorú ar fad in 2025 i suíomhanna oideachais éagsúla (féach ar Thábla 11).

### Tábla 11. Taifead ar Atreoruithe AoN Réitithe ag CNOS in 2025

| Suíomh | Atreorú Oscailte ag an 31 Nollaig 2024 | Atreorú HSE Faighte in 2025 | Atreorú Dúnta in 2025 | Atreorú Oscailte ag an 31 Nollaig 2025 |
|---|---|---|---|---|
| Bunscoil | 4,604 | 5,115 | 5,983 | 4,520 |
| Iar-bhunscoil | 969 | 1,196 | 1,149 | 1,218 |
| Scoil Speisialta | 112 | 82 | 149 | 97 |
| Cúram Sláinte Luathfhoghlama (lena n-áirítear suíomhanna uathachais teagaisc baile) | 1,971 | 1,695 | 766 | 2,166 |
| Eile | 394 | 327 | 165 | 481 |
| **IOMLÁN** | **8,050** | **8,415** | **8,212**[3] | **8,482** |

Athbhreithníodh imlitir AoN i mí Dheireadh Fómhair 2025 de bhua forbairtí a bhain le cásanna cúirte i ndáil le próiseas AoN (Imlitir 0069/2025[4]. Bhí an próiseas a bhain le hathbhreithniú a dhéanamh ar imlitir AoN faoi réir comhairliúcháin le comhlachtaí bainistíochta. Cuirtear faisnéis ar fáil san imlitir do scoileanna maidir leis na forbairtí seo agus soiléirítear inti róil agus freagrachtaí scoileanna agus na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) chun cabhrú le HSE measúnú ar riachtanais oideachais leanaí agus daoine óga atá ag freastal ar scoileanna a dhéanamh.

I mí Feabhra 2025, reáchtáil CNOS dhá sheimineár faisnéise AoN do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. I rith na seimineár gréasáin díríodh ar fhaisnéis a roinnt le rannpháirtithe maidir leis an bpróiseas AoN agus tacú leo chun Tuarascáil ar Riachtanais Oideachais CNOS a líonadh. D'fhreastail 346 duine ar fad ar na seimineáir ghréasáin.

I ndiaidh na himlitreach athbhreithnithe a fhoilsiú, tugadh Tuarascáil ar Riachtanais Oideachais agus Nóta Treorach do Scoileanna CNOS cothrom le dáta. Tá na doiciméid seo – mar aon le faisnéis bhreise, ábhar do sheimineáir ghréasáin agus tacar ceisteanna coitianta – ar fáil do scoileanna trí Padlet AoN CNOS le haghaidh bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.

3 San áireamh san fhigiúr seo tá roinnt samplaí den chás céanna a bheith á dhúnadh níos mó ná uair amháin, de bhrí gur athosclaíodh an cás de bhua fiosrúcháin.

4 https://www.gov.ie/en/department-of-education/publications/report-of-education-needs-for-the-purpose-of-assessment-of-need-disability-act-2005/

### Figiúr 6. Padlet AoN CNOS[5]

Táthar ag leanúint ar aghaidh le hionadaíocht a dhéanamh ar CNOS ar ghrúpa stiúrtha tras-rannach a bunaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2025 chun bonn eolais a chur ar fáil d'fhorbairt threoirlínte reachtúla AoN. Príomhchuspóir a bheidh ann ná go nglacfar le agus go gcaighdeánófar dea-chleachtas atá bunaithe cheana féin. Buailfidh baill an ghrúpa le chéile ar bhonn rialta, go dtí go gcuirfear treoirlínte faoi bhráid an Aire chun iad a cheadú in 2026.




5 https://padlet.com/NCSEIE/assessment-of-need-report-of-education-needs-tuarasc-il-ar-r-bybxxgaixyqe8u6y

# Sprioc Straitéiseach 2:

## Taighde, Beartas agus Cleachtas

# Sprioc Straitéiseach 2 – Taighde, Beartas agus Cleachtas

**Comhairle beartais, cleachtas agus cláir foghlama ghairmiúla shaineolacha a fhorbairt agus a chur ar fáil atá fianaisebhunaithe agus a bhfuil an taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta is déanaí agus ionchur ó shaineolaithe mar bhonn leo.**

Leagann CNOS amach ceithre chuspóir agus 10 bpríomhghníomh do Sprioc Straitéiseach 2, Taighde, Beartas agus Cleachtas, ina Ráiteas Straitéise 2023–2026.

### Sprioc 2 – Cuspóirí agus Gníomhartha

| Cuspóirí | Gníomhaíochtaí |
|---|---|
| 1. Comhairle beartais neamhspleách, shaineolach agus fhianaisebhunaithe a chur ar fáil don Aire Oideachais agus tacú le comhairle a chur chun feidhme de réir mar is gá. | 1. Comhairle beartais a fhorbairt don Aire a bheidh bunaithe ar chomhairle shaineolach, agus ar shonraí agus ar thaighde fianaisebhunaithe.<br>2. Clár foghlama gairmiúla saineolach a fhorbairt chun a chinntiú go mbeidh oideachas bunaithe ar dhea-chleachtas á chur ar fáil ag CNOS i bpobail scoile. |
| 2. Cláir maidir le cleachtas fianaisebhunaithe agus foghlaim ghairmiúil a fhorbairt, a chur ar fáil agus a athbhreithniú chun tacú le mic léinn a chur san áireamh ar bhealach a bheidh ag freagairt do agus ábhartha do riachtanais pobal scoile. | 1. Clár feabhsaithe de thacaíocht mharthanach agus cláir foghlama gairmiúla a athbhreithniú, a ullmhú agus a chur ar fáil do phobail scoile.<br>2. Páirt a ghlacadh i gcomhairliúchán leanúnach agus i bhfeabhsú leanúnach chláir foghlama gairmiúla CNOS do phobail scoile.<br>3. Soláthar acmhainní, rannpháirtíocht lóistíochtúil agus phearsanta/ar líne a chur ar fáil agus a chomhordú le cláir foghlama gairmiúla CNOS do phobail scoile áitiúla agus náisiúnta.<br>4. Clár de thaighde cleachtasbhunaithe a fhorbairt chun bonn eolais a chur ar fáil do chleachtas scoile áitiúil, mar aon le treoir agus comhairle náisiúnta. |
| 3. Páirt a ghlacadh i gcomhairliúchán forleathan lenár bpáirtithe leasmhara oideachais, lena n-áirítear ár bhFóram Comhairliúcháin, tuismitheoirí, mic léinn agus grúpaí tacaíochta, agus tairbhe a bhaint as saineolas agus as comhairle. | 1. Sceideal rannpháirtíochta bliantúil a fhorbairt agus a chomhordú le comhlachtaí ionadaíocha, ceannaireachta, bainistíochta agus pátrúin ábhartha, chun bonn eolais a chur ar fáil do bhreithiúnas maidir le riachtanais pobal scoile agus deiseanna comhpháirtíochta.<br>2. Tacú le hobair an Fhóraim Chomhairligh chun obair CNOS a threorú agus chun bonn eolais a chur ar fáil di. |

| Cuspóirí | Gníomhaíochtaí |
|---|---|
| 4. Clár bliantúil de thaighde coimisiúnaithe agus intí a chur i dtoll a chéile chun bonn eolais a chur ar fáil don obair atá á déanamh ag CNOS. | 1. Clár náisiúnta de thaighde coimisiúnaithe agus intí a fhorbairt agus a chur chun feidhme.<br>2. Taighde agus cleachtas fianaisebhunaithe a dháileadh ar gach páirtí leasmhar trí úsáid a bhaint as ár suíomh gréasáin agus meáin shóisialta, an chomhdháil taighde bhliantúil agus imeachtaí eile le páirtithe leasmhara. |

## 2.1 Páipéar Comhairle Beartais maidir le Scoileanna Speisialta agus Ranganna Speisialta

**Cuspóir – Comhairle beartais neamhspleách, shaineolach agus fhianaisebhunaithe a chur ar fáil don Aire Oideachais agus tacú le comhairle a chur chun feidhme de réir mar is gá.**

Moladh i bPáipéar Comhairle Beartais CNOS (2024) maidir le scoileanna agus ranganna speisialta, '*Oideachas Ionchuimsitheach do Shochaí Ionchuimsitheach*', forbairt chéimnithe a dhéanamh ar chóras oideachais ionchuimsitheach d'Éirinn. Faoi mholadh 6.3 den pháipéar, mhol CNOS go ndéanfadh DEY scrúdú ar an bhféidearthacht a bhaineann le hiarratas ar chúnamh a dhéanamh trí Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (TSI) an Choimisiúin Eorpaigh. Is í TSI an clár AE a sholáthraíonn saineolas saincheaptha chun leasuithe a dhearadh agus a chur chun feidhme laistigh den tseirbhís phoiblí.

Lorg DEY tacaíocht ó TSI, agus tugadh deis d'Éirinn agus don Fhionlainn oibriú le chéile ar thionscadal dar teideal '*Oideachas ionchuimsitheach ar ardchaighdeán a chothabháil san Fhionlainn agus in Éirinn*' (TSI FIQUE-FIIE). Is é an aidhm atá leis an tionscadal príomhchuspóirí a aithint agus gníomhartha a phleanáil chun tacú le deiseanna foghlama cothroma, torthaí oideachais a fheabhsú agus rochtain ar oideachas príomhshrutha a mhéadú do gach leanbh agus mac léinn. Tá an tionscadal á chur chun feidhme ag an nGníomhaireacht Eorpach um Riachtanais Speisialta agus um Oideachas Cuimsitheach (EASNIE) i gcomhar le Tascfhórsa um Athchóiriú agus Infheistíocht (SG REFORM) an Choimisiúin Eorpaigh, Aire Oideachais agus Cultúir na Fionlainne (OKM), agus Roinn Oideachais agus Óige na hÉireann (DEY).



Imeacht piarfhoghlama – An Liotuáin 2025.




Imeacht piarfhoghlama – An Phortaingéil 2025.

Ghlac Éire agus an Fhionlainn páirt i bpróiseas struchtúrtha d'anailís córas, rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, forbairt acmhainní, piarfhoghlaim agus tuairisciú. Thacaigh cur chuige iltíre an tionscadail le piarfhoghlaim idir dhá bhallstát rannpháirteacha, agus fiafraíodh de na príomhpháirtithe leasmhara páirt ghníomhach a ghlacadh sa chur chun feidhme. Thug baill de ghrúpa TSI na hÉireann agus na Fionlainne cuairt ar an bPortaingéil agus ar an Liotuáin in 2025 chun foghlaim ó agus chun smaointe a roinnt le tíortha eile a bhfuil leasuithe curtha i bhfeidhm iontu le déanaí.

Bhí anailís córas san áireamh sa chéad tuarascáil a cuireadh i dtoll a chéile bunaithe ar an tionscadal. Sa tuarascáil seo leagtar amach na torthaí ón anailís a rinneadh ar chórais oideachais ionchuimsitheacha na Fionlainne agus na hÉireann, anailís a chuir foireann anailísithe tíre ó EASNIE i dtoll a chéile. Thacaigh Coiste Stiúrtha Breisithe an tionscadail, i gcomhar le páirtithe leasmhara spriocdhírithe eile, agus Comhairle Taighde an Tionscadail, an tOllamh Lani Florian, le forbairt na tuarascála deiridh agus rinne sí athbhreithniú ar thorthaí deiridh na tuarascála.

Bhí príomhthorthaí na tuarascála seo mar bhonn le agus ag tacú le forbairt treochláir do gach tír tionscadail. Beidh an treochlár seo in úsáid mar chreat straitéiseach ina ndéanfar cur síos ar spriocanna, cuspóirí, gníomhartha agus amlínte chun cabhrú le hairí san Fhionlainn agus in Éirinn chun dlús a chur le hathrú ar fud an chórais chun tacú le breis ionchuimsitheachta.

San áireamh i gCéim 2 tá athbhreithniú deisce ar an gcreat forbartha gairmiúil atá in úsáid ag an dá thír atá páirteach sa tionscadal. San áireamh anseo tá anailís a dhéanamh ar na creataí beartais agus ar na tosaíochtaí maidir le foghlaim ghairmiúil múinteoirí atá bunaithe sa dá thír, agus an ról atá acu seo i gcomhthéacsanna náisiúnta (laistigh d'aireachtaí, soláthraithe nó gníomhaireachtaí oiliúna difriúla, mar shampla).

## 2.2 Clár de Chleachtas Fianaisebhunaithe agus d'Fhoghlaim Ghairmiúil chun Tacú le hIonchuimsiú Mac Léinn i bPobail Scoile

**Cuspóir – Cláir maidir le cleachtas fianaisebhunaithe agus foghlaim ghairmiúil a fhorbairt, a chur ar fáil agus a athbhreithniú chun tacú le mic léinn a chur san áireamh ar bhealach a bheidh ag freagairt do agus ábhartha do riachtanais pobal scoile.**

### 2.2.1 Réamhrá

I rith 2025, rinne CNOS athbhreithniú ar an ngealltanas a thug sí tacú le múinteoirí trí fhorbairt, soláthar agus athbhreithniú teicnící foghlama gairmiúla sofhreagracha agus forásacha. San áireamh anseo bhí breithniú a dhéanamh ar thacaíochtaí ionscoile, teicnící oiliúna agus samhaltaithe chun tacú le agus chun cleachtas múinteora a leabú ag leibhéal bunscoile, iar-bhunscoile agus scoileanna speisialta.




### 2.2.2 Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí CNOS (TPL)

Tacaíonn seirbhís foghlama gairmiúla múinteoirí CNOS le múinteoirí chun gach mac léinn a chur san áireamh. Ainneoin go gcuirimid tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí aonair, is é an aidhm fhoriomlán atá againn tacú le foghlaim ghairmiúil scoile uile, chomhchoiteann a shaibhríonn cleachtas múinteora agus próiseas foghlama mic léinn.

In 2025, forbraíodh córas tacaíochta ina bhfuil sraitheanna éagsúla, Conairí Fáis Ghairmiúil. Tairgeann Conairí Fáis Ghairmiúil eispéiris foghlama ghairmiúla dhifriúla chun cleachtas múinteora a fheabhsú agus chun tacú le hathrú córais.

Glacann múinteoirí páirt in TPL ar ardchaighdeán ar bhealaí difriúla ar cheann amháin nó níos mó de thrí chonair. Mar shampla:

- Cur chuige uilíoch ar an gconair réamhghníomhach.
- Sa chás go bhfuil gá le cur chuige nó straitéis níos sonraí, cuirtear TPL ar fáil ar an gconair thacúil.
- Is féidir le múinteoirí tairbhe a bhaint as an gconair shofhreagrach, conair atá dian agus bunaithe ar dhuine aonair, agus ina gcuimsítear éascú nó tacaíocht mharthanach do riachtanais foghlama ghairmiúla níos casta.




### Tacaíochtaí Foghlama Gairmiúla Múinteoirí in 2025

I rith ár bhFhéilire TPL 2025, d'éascaigh CNOS 442 eispéireas foghlama gairmiúil. Astu seo, óstáladh 27% d'eispéiris foghlama gairmiúla ar líne. Ghlac 4,934 ceannaire scoile agus múinteoir páirt sna heispéiris foghlama ghairmiúla, lena n-áirítear roinnt múinteoirí a d'fhreastail ar roinnt seimineár mar chuid den chlár TPL.

Faigheann CNOS iarratais ó scoileanna atá ag lorg tacaíocht le forbairt ghairmiúil múinteoirí ag tús na scoilbhliana. Ionas gur féidir tacú leis an oiread scoileanna agus múinteoirí agus is féidir, fad is atá solúbthacht agus rogha á gcinntiú, tairgeadh sraith de sheimineáir ghréasáin ghearra ar líne, a raibh an-tóir uirthi, idir an 21–26 Lúnasa 2025.

D'fhreastail na seisiúin seo ar mhúinteoirí aonair, grúpaí beaga nó foirne iomlána, rud a thug deis do scoileanna páirt a ghlacadh sa líon seisiún a bhí oiriúnach dóibh sular fhill na mic léinn ar an scoil.

### Tairseach Scoile d'Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí

Mar chuid den chlár foghlama gairmiúla do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí, soláthraíonn CNOS foghlaim ghairmiúil múinteoirí freisin bunaithe ar iarratais atá déanta tríd an tairseach scoile.

In 2025, fuaireamar na hiarratais seo a leanas:

| An Cineál Iarratais | Líon na nIarratas |
|---|---|
| Tacaíocht scoile le haghaidh TPL | 3,390 |
| Comhairleoir Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) | 13 |
| Tacaíocht le curaclam scoile speisialta | 61 |

Bhunaigh CNOS Caiféanna Ionchuimsitheachta mar chuid dá Conairí Fáis Ghairmiúil d'iarratais tacaíochta scoile. Is spásanna fáilteacha iad Caiféanna Ionchuimsitheachta a reáchtáiltear ar líne nó in ionaid oideachais ar fud na tíre, áiteanna ar féidir le múinteoirí agus le baill foirne scoile comhairle agus tacaíocht a lorg ó chomhairleoirí agus Éascaitheoirí Iompair agus Folláine CNOS de bhua iarratas ar thacaíocht scoile.

### Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim

Lean scoileanna píolótacha an Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim (UDL) lena n-aistear UDL in 2025 trí thairbhe a bhaint as tacaíocht a fháil trí mheascán de na deiseanna seo a leanas:

- éascaitheoir UDL CNOS
- seimineá(i)r nó seimineá(i)r ghréasáin CNOS
- tacaíocht ionscoile
- pobail foghlama ghairmiúla

I mí na Bealtaine, reáchtáil CNOS Taispeántas UDL – lá a eagraíodh chun deis a thabhairt do na scoileanna píolótacha léargas a thabhairt ar an méid a bhí foghlamtha acu. Roinn 13 scoil an méid a bhí foghlamtha acu trí chur i láthair a dhéanamh ar an bpríomhardán nó tríd an méid a bhí foghlamtha acu a roinnt ag seastáin taispeántais.

I mí Dheireadh Fómhair 2025, thosaigh Athrú a Threorú agus a Chothú ag tacú le scoileanna píolótacha UDL. Tá CNOS freagrach as Athrú a Threorú agus a Chothú agus tá sé á chur ar fáil trí chomhpháirtíocht le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI) agus Coláiste Mhuire Gan Smál (MIC), Durlas. Trí 3 sheisiún, tacaíonn an clár le cur chuige scoile uile a leabú i ndáil le UDL trí úsáid a bhaint as cur chuige atá ionchuimsitheach, tacúil agus praiticiúil.

### Ceardlanna do Ranganna Speisialta Nuabhunaithe

Lean CNOS ar aghaidh ag tacú le scoileanna, leanaí agus tuismitheoirí trí 410 rang speisialta a chruthú ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile. Tairgeadh tacaíocht do scoileanna trí chúrsaí samhraidh agus tosaigh do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile sna ranganna nuabhunaithe. Cuireadh tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí na ranganna seo a raibh taithí acu trí cheardlanna tacaíochta leanúnacha a reáchtáladh in éineacht le hIonad Uathachais Choillidh Chanannáin i gCo. Ard Mhacha, Tuaisceart Éireann.

### Curaclam Matamaitice na Bunscoile

Is curaclam ionchuimsitheach é *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* (Rialtas na hÉireann, 2023) do gach leanbh atá ag freastal ar bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta. In 2025, thacaigh foireann curaclaim bunscoile CNOS le TPL náisiúnta a chur ar fáil chun tacú le hachtú churaclam matamaitice na bunscoile i scoileanna speisialta. Thacaigh CNOS le 54 seimineár foghlama gairmiúla, ar fhreastail 1,083 rannpháirtí (múinteoirí agus ceannairí scoile) ó 87 scoil speisialta orthu in 2025.

## 2.2.3 Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta

Tacaíonn Múinteoirí Cuartaíochta (VTanna) le leanaí atá bodhar/breacbhodhar agus/nó atá dall/faoi lagamharc, agus lena dteaghlaigh. Cuirtear an tacaíocht seo ar fáil sa bhaile agus i scoileanna. Is múinteoirí cáilithe iad na VTanna a bhfuil scileanna agus faisnéis shonrach acu maidir le forbairt agus oideachas leanaí atá ag déileáil le leibhéil dhifriúla de chaillteanas éisteachta agus/nó lagú amhairc. Tairgeann siad tacaíocht fhadaimseartha do leanaí, a dteaghlaigh agus scoileanna mar aon le gairmithe eile ón uair a ndéantar atreorú go dtí deireadh an oideachais iar-bhunscoile.

In 2025, thacaigh 16 VT do leanaí atá dall/faoi lagamharc le breis is 1,410 leanbh; thacaigh 32 (coibhéis lánaimseartha) VT do leanaí atá bodhar/breacbhodhar le breis is 5,050 leanbh (féach ar Thábla 12).

**Tábla 12. Líon na Leanaí ar Thacaigh Múinteoirí Cuartaíochta leo bunaithe ar an Suíomh**

| Suíomh | Leanaí atá Dall/ Faoi Lagamharc | Leanaí atá Bodhar/ Breacbhodhar |
|---|---|---|
| Babaí/Réamhscoil/Eile | 109 | 699 |
| Bunscoil | 620 | 2,236 |
| Iar-bhunscoil | 444 | 1,631 |
| Scoil Speisialta | 239 | 502 |
| **Líon Iomlán na Leanaí** | **1,412** | **5,068** |

### Lagú Amhairc Coirtéiseach (CVI)

Dhear agus sholáthair meitheal de Mhúinteoirí Cuartaíochta an chéad chúrsa TPL de chuid CNOS a bhí dírithe go sonrach ar lagú amhairc coirtéiseach (CVI). Dearadh an seimineár chun tacú le tuiscint múinteoirí ar an tionchar a bhí ag CVI ar phróiseas foghlama mic léinn agus chun raon straitéisí praiticiúla a thairiscint ar féidir iad a chur chun feidhme chun tacú le mic léinn sa chomhthéacs scoile. Thaitin an cúrsa seo go mór leis na rannpháirtithe ar fad.







### Forbairt Acmhainní Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL)

Lean an Fhoireann Ionchuimsitheachta Chéadfach ar aghaidh le forbairt a dhéanamh ar a leabharlann d'acmhainní ISL i rith 2025. Tá na hacmhainní seo ar fáil do Mhúinteoirí Cuartaíochta, scoileanna agus tuismitheoirí. Oibríonn an fhoireann i ndlúthchomhar le baill d'Fhoirne Ionchuimsitheachta CNOS ar stór focal sonrach chun tacú le hoiliúint inseirbhíse a chur ar fáil do scoileanna do leanaí atá bodhar.
Tá na hacmhainní seo á ndearadh agus á gcruthú ag comhairleoirí ISL CNOS, tacaíocht speisialaithe ISL sa seomra ranga agus roinnt comhpháirtithe bodhair a oibríonn le CNOS.

Chomh maith leis sin, dhear agus sholáthair an Fhoireann Chéadfach Cúrsa Samhraidh foghlama gairmiúla múinteoirí i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL), cúrsa a cuireadh ar fáil i roinnt ionad oideachais i rith shamhradh 2025.

## 2.2.4 Creat Iompair CNOS

Seoladh Creat Iompair CNOS, *Relate an CNOS*, go hoifigiúil ar an 28 Feabhra 2025. I láthair ag an seoladh bhí páirtithe leasmhara, múinteoirí, SNAnna, mic léinn agus baill foirne éagsúla ó CNOS, agus san áireamh bhí turas siúil ar Relate an CNOS. D'éirigh thar barr leis an imeacht agus thaitin sé go mór leis na daoine a bhí i láthair. I ndiaidh an imeachta seolta, cuireadh seimineár gearr dar teideal 'Léargas Tosaigh Relate an CNOS' ar fáil go fíorúil agus in ionaid oideachais ar fud na tíre.



### Seoladh Relate an CNOS, Feabhra 2025









### Tacaíocht Mharthanach Relate an CNOS (Bunscoileanna)

In 2025, cuireadh tacaíocht mharthanach ar fáil do 85 scoil trí *Relate Exploring*, agus bhain 213 bunscoil tairbhe as tacaíocht fhíorúil trí *Relate Discovering*.

***Dhear Foireann Ionchuimsitheachta Iompair CNOS samhail tacaíochta mharthanach Relate le haghaidh bunscoileanna agus scoileanna speisialta. Tá dhá phacáiste tacaíochta forbartha – Relate Exploring agus Relate Discovering.***

- Is éard atá i gceist le *Relate Exploring* go mbeadh ball d'Fhoireann Ionchuimsitheachta Iompair CNOS sannta chun tacú le scoil i gcomhair tréimhse dhá bhliain, chun spriocanna a shonrú agus chun cleachtas *Relate* a chur chun feidhme sa scoil. In 2025, bhain 85 bunscoil tairbhe as tacaíocht mharthanach den chineál seo.
- Is foirm de thacaíocht fhíorúil threoraithe é *Relate Discovering*. Cuireann CNOS ábhair ar fáil gach 6–8 seachtaine chun tacú leis an bhfoireann uile le foghlaim agus cleachtas. San áireamh anseo tá teimpléid chun spriocanna a shonrú agus chun machnamh a dhéanamh ar an obair atá á déanamh ag an bhfoireann, agus cuirtear modhanna éagsúla rannpháirtíochta ar fáil cosúil le físeáin, podchraoltaí agus nuachtlitreacha idirghníomhacha chun tacú le cleachtas *Relate* a chur chun feidhme. In 2025, bhain 213 bunscoil tairbhe as tacaíocht fhíorúil trí *Relate Discovering*.

### Tacaíocht ó Éascaitheoir Iompair agus Folláine CNOS

In 2025, thug an Fhoireann Ionchuimsitheachta Iompair faoi athbhreithniú ar ról an Chleachtóra Iompair, agus é mar aidhm an post a bhunú go buan. Mar chuid den phróiseas seo, soiléiríodh agus beachtaíodh an ról, agus ina dhiaidh sin, athainmníodh an post mar Éascaitheoir Iompair agus Folláine chun a chinntiú go raibh ailíniú le tabhairt faoi deara idir clár oibre Iompair CNOS agus spriocanna straitéiseacha na heagraíochta trí chéile.

Cuireadh tús le ceithre phost bhuana d'Éascaitheoirí Iompair agus Folláine in 2025 agus cuireadh tús le comórtas chun an cúigiú éascaitheoir a fhostú i mí na Nollag 2025.

### Tacaíocht do Scoileanna Speisialta

I mí Mheán Fómhair 2025, d'eagraigh Comhairleoirí Uathachais agus Éascaitheoirí Iompair agus Folláine dhá lá oiliúna do mhúinteoirí agus do SNAnna sna cúig scoil speisialta nua. Tairgeadh dhá bhliain de thacaíocht mharthanach *Relate* do na scoileanna speisialta nua seo, sa bhreis ar scoileanna speisialta píolótacha Theiripe Ionscoile Mharthanach HSE. Chomh maith leis sin, scríobh an Fhoireann Ionchuimsitheachta Iompair chuig gach scoil speisialta eile chun tacaíocht mharthanach a thairiscint. Bhain 68 scoil speisialta tairbhe as *Relate Exploring* in 2025, agus ghlac 13 scoil speisialta páirt i samhail tacaíochta mharthanach *Relate Discovering*.

Cuireadh tús le sraith de sheacht sheisiún tacaíochta ar líne scoile uile dhá uair an chloig in 2025. Tugadh cuireadh do gach scoil clárú do na seimineáir ghréasáin seo, a thaifeadtar freisin ionas gur féidir le scoileanna tairbhe a bhaint astu ag am a oireann dóibh (féach ar Fhíor 7).

**Figiúr 7. Seimineáir Ghréasáin Iompair CNOS in 2025**



### Iompar Iar-bhunscoile d'Fhoghlaim

Lean an DEY ar aghaidh le hacmhainní a chur ar fáil do 70 iar-bhunscoil le múinteoir Iompair d'Fhoghlaim. In 2024, chuir Foireann Iompair d'Fhoghlaim agus Folláine CNOS tús le clár tacaíochta bunaithe ar *Relate* an CNOS do gach iar-bhunscoil a bhfuil 11 uair an chloig SET ar a laghad sa tseachtain á leithdháileadh acu do thacaíocht iompair ina scoil.

Tá 69 iar-bhunscoil bhreise fós ag baint tairbhe as uaireanta SET faoin gclár Iompair d'Fhoghlaim. Tá 139 iar-bhunscoil ar fud an stáit ag baint tairbhe as tacaíocht CNOS mharthanach.




### Iompar ar Ábhar Imní í a Thuiscint agus Freagairt do Chásanna Géarchéime – Clár Oiliúna

D'eisigh an DEY treoirlínte dar teideal '*Iompair Imní a Thuiscint agus Freagairt do Chásanna Géarchéime*' in 2024. Ailínithe le foilsiú na dtreoirlínte, cuireadh clár oiliúna ar fáil ina raibh trí ghné (Imlitir 0081/2024 na DEY). Tá na cúrsaí oiliúna á gcur ar fáil ag an Institiúid um Chosc Géarchéime, cuideachta sheachtrach atá ceaptha ag CNOS – '**Cúrsaí Oiliúna do Roinnt Scoileanna**'. Tá na cúrsaí oiliúna deartha go sonrach chun teacht le treoirlínte DEY.

In 2025, bhain 75 scoil speisialta tairbhe as cúrsaí oiliúna. Bhain 28 scoil tairbhe as cúrsaí oiliúna '*Oiliúint don Oiliúnóir*' agus tá teagascóir(í) géarchéime oilte páirteach i bhfoireann na scoileanna sin anois.

## 2.2.5 Curaclam na Bunscoile

I mí Mheán Fómhair 2025, d'fhoilsigh an DEY an *Curaclam Bunscoile* athfhorbartha do gach bunscoil agus scoil speisialta. Garsprioc shuntasach a bhí anseo i gcóras oideachais na hÉireann ó foilsíodh an *Curaclam Bunscoile* in 1999.

Thacaigh CNOS le forbairt an churaclaim ionchuimsithigh seo do gach leanbh i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta trí ionadaíocht ar Bhord Oideachais Luath-Óige agus Bunscoile na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA), agus Coiste Stiúrtha Oideachais Bunscoile DEY.

San áireamh sa churaclam tá *Creat an Churaclaim Bunscoile* agus sonraíochtaí do chúig réimse curaclaim do gach bunscoil agus scoil speisialta, lena n-áirítear:

- teanga (Béarla, Gaeilge agus nuatheangacha iasachta)
- oideachas eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (STEM)
- oideachas ealaíon (ealaín, ceol agus drámaíocht)
- oideachas sóisialta agus comhshaoil (stair agus tíreolaíocht)
- folláine (oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte; corpoideachas).

Éascóidh CNOS foghlaim ghairmiúil náisiúnta chun tacú le hachtú an *Churaclaim Bunscoile* i ngach scoil speisialta sna blianta amach romhainn.

In 2025, ghlac CNOS páirt i bhfíseán idirghníomhaireachta le Príomhchigire DEY, mar aon le hionadaithe ó NCCA agus ó Oide chun tacú le ceannairí scoile nuair a bhíonn tús á chur acu le haistear an achtaithe curaclaim. Tugadh cuireadh do CNOS freisin chun páirt a ghlacadh i sraith Podchraoltaí Bunscoile NCCA chun tacú leis an *gCuraclam Bunscoile* athfhorbartha.

**Figiúr 8. CNOS ag Tacú le Sraith Podchraoltaí Bunscoile NCCA**




An Dr Catherine Merrigan (Ceannaire Speisialaithe CNOS) in éineacht leis an Dr Tracy Curran (Stiúrthóir, NCCA) agus an Dr Barry Morrissey (Ollamh Cúnta, Scoil an Oideachais Ionchuimsithigh agus Speisialta, DCU) i rith an taifeadta.

## 2.2.6 CNOS ag Tacú le Scoileanna le Ranganna Speisialta do Mhic Léinn Uathacha

In 2025, d'fhorbair Foireann Ionchuimsitheachta Uathachais CNOS clár tacaíochta marthanach dhá bhliain do scoileanna a raibh an chéad rang uathachais á bhunú acu. Tugadh cuireadh do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna ábhartha tairbhe a bhaint as tacar deiseanna foghlama gairmiúla múinteoirí mar seo a leanas:

- Sraith samhraidh trí lá, Eolas Tosaigh maidir le *hUathachas do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile*
- Cúrsa samhraidh cúig lá, Eolas Tosaigh maidir le *hUathachas do Mhúinteoirí Bunscoile*, i seacht shuíomh
- Cúrsa réigiúnach ceithre lá, Eolas Tosaigh maidir le *hUathachas do Mhúinteoirí Nua i Ranganna Speisialta Nua* (cumasctha – i láthair go pearsanta ar bhonn réigiúnach agus go fíorúil)
- Cúrsa dhá lá, *Eolas Tosaigh maidir le hUathachas do Mhúinteoirí Nua Ranganna Uathachais*
- Cúrsa lae, *Eolas Tosaigh maidir le hUathachas*.

Lena chois sin, tairgtear tacaíocht comhairleora ionscoile do scoileanna, lá oiliúna eisceachtúil scoile uile tráth a ndúntar an scoil, agus pobail chleachtais rialta thar thréimhse dhá bhliain.

## Figiúr 9. Tacaíochtaí CNOS do Ranganna Uathachais Nua









**Tábla 13. Líon na mBunscoileanna agus na nIar-bhunscoileanna a Bhain Tairbhe as Tacaíocht Uathachais Mharthanach in 2025**

| | Bunscoileanna | Iar-bhunscoileanna |
|---|---|---|
| Bliain 1 Tacaíocht Mharthanach | 145 | 37 |
| Bliain 2 Tacaíocht Mharthanach | 166 | 35 |




### Cumarsáid a Chumhachtú le Mic Léinn Uathacha ar Bheagán Cainte

In 2025, d'fhorbair Comhairleoirí Uathachais i gcomhar le Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga CNOS acmhainn do mhúinteoirí chun tacú le mic léinn uathacha ar bheagán cainte i scoileanna. San acmhainn seo déantar cur síos ar smaointe agus ar straitéisí chun tacú le teagasc agus le foghlaim mac léinn uathach ar bheagán cainte agus is féidir an acmhainn seo a úsáid in éineacht le *Treoir Dea-chleachtais do Scoileanna* maidir le hUathachas agus leis an *gCuraclam Bunscoile nua*.

### Comhdháil Chumann Uathachais na hEorpa

I mí Mheán Fómhair 2025, d'fhreastail foireann CNOS ar 14ú Comhdháil Chumann Uathachais na hEorpa san RDS, Baile Átha Cliath. I láthair ag an gComhdháil bhí taighdeoirí idirnáisiúnta aitheanta, cleachtóirí, daoine atá ag tacú le huathachas agus a bhfuil beartais maidir le huathachas á bhforbairt acu, agus is deis ar leith a bhí ann do ghairmithe Éireannacha aird a dhíriú ar thaighde den- chéad scoth agus tuairimí domhanda a chur san áireamh.

Rinne beirt bhall foirne ó CNOS dhá chur i láthair póstaeir ag an gcomhdháil.

### Teastas/Dioplóma Iarchéime sna hEalaíona i Riachtanais Speisialta Oideachais – Uathachas

Tá Foireann Ionchuimsitheachta Uathachais CNOS ag leanúint ar aghaidh ag obair le hOllscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (ATU) chun Teastas/Dioplóma Iarchéime sna hEalaíona i Riachtanais Speisialta Oideachais – Uathachas mar chuid d'fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí, a chur ar fáil. Freastalaíonn mic léinn ar sheimineáir CNOS mar chuid dá gcláir staidéir. I rith bhliain acadúil 2025/26, tá an Fhoireann Ionchuimsitheachta Uathachais ag tacú le 55 mac léinn atá ag glacadh páirt sa chlár seo.

## 2.2.7 Foireann CNOS ag Imeachtaí agus Comhdhálacha Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

### Cur i Láthair Póstaeir ag 14ú Comhdháil Chumann Uathachais na hEorpa, Meán Fómhair 2025







Cur i Láthair ag an 24ú Comhdháil Idirnáisiúnta maidir le hOideachas Daoine atá Bodhar (ICED 2025), 'Tá Níos ná Focail i gCeist: Nasc a Chruthú idir Taighde agus Beartas in Oideachas Daoine atá Bodhar in Éirinn 2025'.






Cur i Láthair ag an gCumann Idirnáisiúnta Logaipéidice agus Fóiniatraice, Málta, Lúnasa 2025, tráth ar tugadh léargas ar dhá shampla de thaighde cleachtasbhunaithe teiripe CNOS i bhfoirm póstaeir.




Cur i Láthair ag 14ú Cumann Uathachais na hEorpa, Baile Átha Cliath, Meán Fómhair 2025 – 'Athmhachnamh ar Spásanna Céadfacha i Scoileanna'.




Póstaer agus Cur i Láthair ag Líonra Teiripeoirí Saothair Ardoideachais na hEorpa (ENOTHE), An Phortaingéil, Deireadh Fómhair 2025, 'Dlús a Chur le hAthrú i gCleachtas Teiripe Saothair Scoilbhunaithe Ionchuimsitheach: Fís Oideachais Cleachtais.

## 2.3 Comhairliúchán agus Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara

**Cuspóir – Páirt a ghlacadh i gcomhairliúchán forleathan lenár bpáirtithe leasmhara oideachais, lena n-áirítear ár bhFóram Comhairliúcháin, tuismitheoirí, mic léinn agus grúpaí tacaíochta, agus tairbhe a bhaint as saineolas agus as comhairle.**

Téann CNOS i mbun rannpháirtíochta agus comhairle le raon leathan comhlachtaí, gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus grúpaí mar chuid den iarracht atá á déanamh aici seirbhísí agus acmhainní a chur ar fáil do mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

### 2.3.1 Fóram Comhairleach CNOS

Téann CNOS i mbun rannpháirtíochta leis an bhFóram Comhairleach, a ceapadh faoi Acht EPSEN, 2004, maidir le ceisteanna a bhaineann le hoideachas speisialta. Ceapann an Chomhairle suas le 17 mball chun tacú le próiseas comhairliúcháin forordaithe agus ceapann an tAire triúr ball eile. Tiocfaidh deireadh le téarma an Fhóraim Chomhairligh seo ar an 31 Nollaig 2026.

Bhuail baill an fhóraim le chéile faoi dhó in 2025, i mí Feabhra agus i mí Mheán Fómhair. Tá faisnéis le fáil i dTábla 14 faoi thinreamh bhaill an Fhóraim ag an dá chruinniú.

Pléitear ábhair ghinearálta agus éagsúla i rith na gcruinnithe atá ábhartha don obair leanúnach atá á déanamh ag foirne CNOS, lena n-áirítear creat ionchuimsitheach agus comhairle beartais CNOS, treoirlínte iompair *Relate* an CNOS, athfhorbairt shuíomh gréasáin CNOS agus Straitéis Sonraí CNOS.

### Tábla 14. Ballraíocht agus Tinreamh, Cruinnithe an Fhóraim Chomhairligh, 2025

### Fóram Comhairleach CNOS

| Baill atá Ceaptha ag an gComhairle | | Tinreamh |
|---|---|---|
| **An Dr Miriam Colum** | Léachtóir, Riachtanais Speisialta Oideachais, Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath | 1 |
| **Marina Cusack** | Comhordaitheoir Riachtanas Speisialta Oideachais, Iar-bhunscoil | 1 |
| **Paddy Greally** | Bainisteoir Seirbhísí Leanaí (ar scor), Bráithre na Carthanachta | 2 |
| **Patricia McCarthy** | Foireann taighde na hIonchuimsitheachta san Oideachas agus sa tSochaí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath | 1 |
| **Catherine Moynihan** | Oifigeach Taighde agus Forbartha, Comhchoiste na mBainisteoirí (JMB) | 2 |
| **An Dr Finn Ó Murchú** | Ceannasaí, Scoil an Oideachais (Iar-bhunscoil), Coláiste Mhuire Gan Smál (MIC), Luimneach | 2 |
| **Brian O'Doherty** | Uachtarán, Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN) | 1 |
| **Sheila Murphy** | Ard-Rúnaí Cúnta Gníomhach, Cumann Múinteoirí Éireann (INTO) | 1 |
| **Derval McDonagh** | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Ionchuimsiú Éireann | 1 |
| **Gerry Maley** | Speisialtóir míchumais náisiúnta, HSE | 1 |
| **Matt Melvin** | Stiúrthóir, Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha (CPSMA) | 2 |
| **Darren Murphy** | Ceannaire Foirne, An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) | 1 |
| **Anna Ní Chartúir** | Comhordaitheoir Riachtanas Speisialta Oideachais, Bunscoil Gaeltachta | 0 |
| **Maureen Smith** | Ionadaí foirne CNOS – bainisteoir foirne | 2 |

| Baill atá Ceaptha ag an gComhairle | | Tinreamh |
|---|---|---|
| **An Dr Joe Travers** | Ollamh Comhlach, Scoil an Oideachais Ionchuimsithigh agus Speisialta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | 2 |
| **Stephen Ryan** | Ainmní Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath | 1 |
| **Katherine O'Leary** | Ollamh Comhlach, Scoil an Oideachais Ionchuimsithigh agus Speisialta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | 2 |
| **Baill Ceaptha ag an Aire Oideachais** | | **Tinreamh** |
| **Pauline Kerins** | Síceolaí Sinsearach, An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) | 2 |
| **Lisa White** | Cigire Sinsearach, An Chigireacht, An Roinn Oideachais agus Óige | 2 |
| **Andrina Donovan** | Príomhoifigeach Cúnta, An Rannóg Oideachais Speisialta, An Roinn Oideachais agus Óige | 1 |

### 2.3.2 An Ghníomhaireacht Eorpach um Riachtanais Speisialta agus um Oideachas Cuimsitheach

Tá CNOS ag leanúint ar aghaidh ag tacú leis an obair atá á déanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um Riachtanais Speisialta agus um Oideachas Cuimsitheach (EASNIE). Tacaíonn an eagraíocht neamhspleách seo, a éascaíonn comhoibriú do Ranna Oideachais agus dá ballstáit, le forbairt córas oideachais níos ionchuimsithí. Éascaítear é seo trí phríomhréimsí beartais, cleachtais agus taighde – a sholáthraíonn bonn fianaise chun oideachas ionchuimsitheach a chur chun feidhme.

I rith 2025, lean CNOS ar aghaidh le rannpháirtíocht leanúnach le EASNIE maidir le príomhimeachtaí agus príomhriachtanais:

- freastal ar chomhdhálacha leathbhliantúla EASNIE
- imeacht an earraigh – An tSlóivéin – Bealtaine 2025
- imeacht an fhómhair – An tSlóvaic – Samhain 2025
- faisnéis maidir le hoideachas speisialta agus ionchuimsitheach in Éirinn a chur ar fáil do EASNIE agus do bhallstáit aonair
- foilsiú príomhshonraí ionchuimsitheachta do Staitisticí na Gníomhaireachta Eorpaí ar Oideachas Cuimsitheach.




Comhdháil leathbhliantúil EASNIE sa Bhratasláiv, an tSlóvaic, Samhain 2025.

## 2.4 Clár Taighde CNOS

**Cuspóir – Clár bliantúil de thaighde coimisiúnaithe agus intí a chur i dtoll a chéile chun bonn eolais a chur ar fáil don obair atá á déanamh ag an eagraíocht.**

Is feidhm bhunúsach reachtúil de chuid CNOS é taighde a dhéanamh ar oideachas speisialta. Cuireann an clár taighde le faisnéis agus le tuiscint ar dhea-chleachtas agus cuireann sé go gníomhach freisin le plean oibre CNOS. Tugann taighde léargas ar phróisis chasta, bíonn páirtithe leasmhara ábhartha páirteach ann as ar fud an chórais oideachais agus is féidir le taighde aird a tharraingt ar na rudaí a oibríonn ar an mbealach is fearr i ndlínsí eile. Trí fhaisnéis a bhailiú ó thaighde is féidir le CNOS bonn fianaise láidir a chruthú chun bonn eolais a chur ar fáil do chomhairle beartais a chuirfear faoi bhráid an Aire Oideachais agus Óige. Tá CNOS ag leanúint ar aghaidh le saothar a scaipeadh ar a suíomh gréasáin, trí fhoilseacháin agus trí chomhdháil taighde.

*In 2025, choimisiúnaigh CNOS staidéar nua ina scrúdaítear na fachtóirí atá mar bhonn leis an méadú ar éileamh ar áiteanna i ranganna speisialta agus i scoileanna speisialta.*

In 2025, coimisiúnaíodh staidéar nua ina scrúdaítear na fachtóirí atá mar bhonn leis an méadú ar éileamh ar áiteanna i ranganna speisialta agus i scoileanna speisialta. Tugtar forléargas sa rannóg seo ar an obair leanúnach atá á déanamh agus tarraingítear aird freisin ar thaighde nua atá coimisiúnaithe.

### 2.4.1 Taighde Nua

#### Taighde ina scrúdaítear na fachtóirí atá mar bhonn leis an méadú ar éileamh ar áiteanna i ranganna speisialta agus i scoileanna speisialta

Tá fonn ar CNOS teacht ar thuiscint ar na fachtóirí agus ar na cúiseanna atá mar bhonn leis an méadú ar éileamh ar shocrúcháin i ranganna speisialta agus i scoileanna speisialta in Éirinn, agus ar an tionchar a bheidh aige seo ar sholáthar amach anseo. Choimisiúnaigh CNOS cuibhreannas ó Choláiste Hibernia agus ICEP na hEorpa chun an taighde seo a dhéanamh in 2025. San áireamh sa staidéar modhanna measctha seo bhí athbhreithniú ar an timpeallacht beartais, anailís ar threochtaí agus suirbhé ar bhunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta. Mar chuid den staidéar freisin chuathas i mbun dianchomhairliúcháin páirtithe leasmhara le tuismitheoirí, daoine óga, múinteoirí, ceannairí scoile, foirne SET, SNAnna agus grúpaí eile lena n-áirítear an Roinn Oideachais agus Óige. Tá sé beartaithe an tuarascáil seo a chur i gcrích agus a fhoilsiú in 2026.

### 2.4.2 Taighde Leanúnach in 2025

#### Tionscadal Píolótach Samhla Tacaíochta Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim (UDL)

Is tionscadal píolótach dhá bhliain é Tionscadal Píolótach Samhla Tacaíochta Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim a bhfuiltear ag obair air in 44 scoil. Is é an aidhm atá leis an gclár píolótach saincheaptha seo ná teagasc agus foghlaim a fheabhsú do gach mac léinn trí rogha agus solúbthacht áirithe a thairiscint. Cuireadh tús le meastóireacht sheachtrach ar an tionscadal píolótach i mí Mheán Fómhair 2024 agus tá an mheastóireacht seo á déanamh ag cuibhreannas a bhfuil Ollscoil Edge Hill, Sasana, agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, páirteach ann.

Leanfar ar aghaidh leis an tionscadal píolótach i scoileanna go dtí 2026, agus tá sé beartaithe an tuarascáil mheastóireachta modhanna measctha a fhoilsiú in 2027.

#### Meastóireacht ar Chlár Píolótach Aistrithe na Straitéise Fostaíochta Cuimsithí (CES)

Is tionscadal píolótach é staidéar Aistrithe CES a thacaíonn le haistriú daoine óga atá faoi mhíchumas chuig a roghanna iarscoile. Ghlac dhá chohórt páirt sa staidéar. Cuireadh tús leis an gcéad chohórt i scoilbhliain 2022/23 tráth a raibh scoileanna príomhshrutha agus scoileanna speisialta páirteach san obair (céim 1), agus páirteach sa dara cohórt bhí scoileanna speisialta agus cuireadh tús leis seo i scoilbhliain 2024/25 (céim 2).

Táthar ag leanúint ar aghaidh le meastóireacht sheachtrach ar an staidéar, meastóireacht atá á déanamh ag Fortia Insight, RSM roimhe seo. Tá Céim 2 den tionscadal ag díriú ar an tréimhse iarscoile anois, agus tá súil á coinneáil ag an bhfoireann mheastóireachta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag na daoine óga atá páirteach sa tionscadal píolótach i gcomhair tréimhse idir 6 agus 9 mhí i ndiaidh dóibh an scoil a fhágáil. Foilsíodh an tuarascáil maidir leis an gcéad chohórt in 2025 (féach ar Rannóg 2.4.3). Foilseofar an dara tuarascáil maidir le céim 2 in 2027.

#### Meastóireacht ar an Tionscadal Píolótach, I dTreo Ionchuimsitheachta

Rinne an fhoireann Taighde agus Meastóireachta in CNOS meastóireacht ar thionscadal píolótach, I dTreo Ionchuimsitheachta (TI), in 2025, bunaithe ar bhliain féilire 2024.

Ba é an aidhm a bhí le tionscadal píolótach TI ná scrúdú a dhéanamh ar chleachtais ionchuimsitheacha idir scoileanna áitiúla, saineolas a roinnt agus deiseanna nua a fhorbairt do mhúinteoirí agus do mhic léinn chun comhoibriú lena chéile, a bheith ag foghlaim agus caidreamh láidir a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí atá dírithe ar an gcuraclam. Páirteach i dtionscadal píolótach TI bhí deich mbraisle scoileanna, agus bhí scoil phríomhshrutha amháin agus scoil speisialta amháin i ngach braisle.

### Clár Taighde Cleachtasbhunaithe

Cuireann clár Taighde Cleachtasbhunaithe (PBR) CNOS leis na tionscadail staidéir níos mó a cuireadh i gcrích i gclár taighde CNOS trí thacú le múinteoirí chun a n-inniúlacht taighde a fhorbairt agus chun roinnt taighde a dhéanamh a mbeidh tionchar dearfach aige ar a gcleachtas. Tá scoileanna ag obair ar raon ábhar ionchuimsitheachta agus oideachais speisialta.

Reáchtáladh an clár ar bhonn píolótach i scoilbhliain 2024/25 in éineacht le cúig institiúid ardoideachais a thacaigh le múinteoirí in 18 scoil. Rinne foireann Taighde agus Meastóireachta CNOS meastóireacht ar an gclár píolótach in 2025. Sa mheastóireacht tarraingíodh aird ar thorthaí dearfacha a d'aithin múinteoirí agus IAOnna de bhrí gur ghlac siad páirt i gclár píolótach PBR.

Leanadh ar aghaidh leis an gclár, i ndiaidh an chláir phíolótaigh, i scoilbhliain 2025/26, agus earcaíodh dhá IAO bhreise.

## 2.4.3 Foilseacháin Taighde

D'fhoilsigh CNOS ceithre thuarascáil taighde agus mheastóireachta in 2025:

- Meastóireacht ar sheirbhísí duine le duine CNOS
- meastóireacht ar chlár píolótach Aistrithe na Straitéise Fostaíochta Cuimsithí (CES) (céim 1)
- *Conairí, Rianta, Bearnaí agus Aillte: Aistrithe Iarscoile Mac Léinn a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu*, ina mapáiltear agus ina rianaítear mic léinn i ndiaidh dóibh an scoil a fhágáil
- an dara tuarascáil maidir le Tionchar COVID-19 ar mhic léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Is féidir na tuarascálacha seo a íoslódáil ó na leathanaigh thaighde ar shuíomh gréasáin CNOS.












### 2.4.4 Comhdháil Taighde 2025

Reáchtáladh Comhdháil Taighde CNOS 2025 ar an 5 Samhain in Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath. Is imeacht ar tugadh cuireadh do dhaoine freastal air a bhí ann den chuid is mó, ach bhí beoshruth ar líne ar fáil freisin do thoscairí a bhí ag iarraidh freastal ar an imeacht go fiorúil. Seo a leanas téamaí chomhdháil 2025: 'buntáistí an taighde chleachtóirbhunaithe' agus 'aistriú agus conairí iarscoile'.

D'fhreastail breis is 110 toscaire ar an láthair agus taifeadadh 204 sruth gníomhach breise ar líne i rith an lae. Ba in Éirinn a bhí formhór na ndaoine a d'fhéach ar an imeacht, agus logáil daoine áirithe isteach ar an gcomhdháil ó Shasana. I measc na dtoscairí bhí múinteoirí, príomhoidí, oifigigh roinne, síceolaithe, taighdeoirí, teiripeoirí agus baill de ghrúpaí tuismitheoirí agus tacaíochta.




An Dr Fergal Lynch, cathaoirleach CNOS, leis an TD agus Aire Stáit sa Roinn Oideachais agus Óige le freagracht speisialta as Oideachas Speisialta agus Cuimsithe, Michael Moynihan, agus John Kearney, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin CNOS, ag Comhdháil Taighde CNOS 2025.

Chuir an Dr Fergal Lynch, cathaoirleach CNOS fáilte roimh gach duine chuig an gcomhdháil agus dúirt sé cúpla focal ag tús na comhdhála. Ba é an TD agus Aire Stáit sa Roinn Oideachais agus Óige le freagracht speisialta as Oideachas Speisialta agus Cuimsiú, Michael Moynihan, a bhí i mbun an aithisc ag tús na comhdhála.



Sa phictiúr thuas, C–D; Éilis Dillon, Scoil Speisialta Naomh Síle, Sligeach; an tOllamh Sarah Parsons, Ollamh le hUathachas agus Ionchuimsiú, Scoil Oideachais Southampton, Ollscoil Southampton; John Kearney, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin CNOS; Niamh O'Connell, Scoil na mBodhar an Iarthair Láir, Luimneach; Aisling White, Scoil na mBodhar an Iarthair Láir, Luimneach; Fiona Greene, Coláiste Dhún Iascaigh, Tiobraid Árann roimhe seo; John O'Sullivan, CBS Dhurlais, Tiobraid Árann roimhe seo; Maeve Foxton, Coláiste San Raiféal, Baile Locha Riach.

Rinneadh cur síos ar Sheisiún 1 agus rinne an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, John Kearney, cathaoirleacht air, agus díríodh aird ar chur i láthair agus ar dhíospóireachtaí painéil maidir leis na buntáistí a bhaineann le taighde cleachtasbhunaithe. Labhair an tOllamh Sarah Parsons ó Ollscoil Southampton faoi na buntáistí a bhaineann le taighde atá nasctha le cleachtas. Phléigh cúig scoil a ghlac páirt i dtionscadal píolótach taighde cleachtasbhunaithe (PBR) CNOS a dtaithí siúd ar pháirt a ghlacadh sa tionscadal píolótach. Ghlac Éilis Dillon ó Scoil Speisialta Naomh Síle, Sligeach, Fiona Greene ó Choláiste Dhún Iascaigh, Tiobraid Árann roimhe seo, Maeve Foxton ó Choláiste San Raiféal, Baile Locha an Riach, Aisling White ó Scoil na mBodhar an Iarthair Láir, Luimneach, agus John O'Sullivan, ó CBS Dhurlais, Tiobraid Árann roimhe seo, páirt sa díospóireacht phainéil.




Sa Phictiúr Thuas, C–D: An Dr Peter Archer, Cathaoirleach Choiste Taighde CNOS; Keyu Ye, Anailísí Léargais Mhargaíochta ag Flutter Entertainment, ITES roimhe seo; an Dr Eamonn Carroll, taighdeoir iardhochtúireachta in Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, IRES roimhe seo; Beth Young, Stiúrthóir Comhlach Taighde Beartais Shóisialta ag Fortia Insight, RSM roimhe seo; agus an Dr Valerie L. Mazzotti, Ollamh Oirirce Roy A. Roberts le hOideachas Speisialta, An Roinn Oideachais Speisialta, Ollscoil Kansas.

Rinne an Dr Peter Archer, Cathaoirleach Choiste Taighde CNOS, maoirseacht ar Sheisiún 2 a bhí dírithe ar chonairí agus ar aistriú iarscoile bunaithe ar thuairimí Éireannacha agus idirnáisiúnta. Rinne an Dr Valerie L. Mazzotti, Ollamh le hOideachas Speisialta in Ollscoil Kansas, cur i láthair maidir leis an méid a foghlaimíodh in SAM ó aistriú tánaisteach mac léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, cleachtais fhianaisebhunaithe agus réamhtháscairí ratha iarscoile.

Rinne Beth Young, Stiúrthóir Comhlach Taighde Beartais Shóisialta ag Fortia Insight, cur i láthair maidir le torthaí ó mheastóireacht a choimisiúnaigh CNOS maidir le Clár Píolótach Aistrithe na Straitéise Fostaíochta Cuimsithí, Céim 1. Cuireadh clabhsúr leis an gcomhdháil le cur i láthair maidir le staidéar a choimisiúnaigh CNOS, *Conairí, Rianta, Bearnaí agus Aillte: Aistrithe Iarscoile Mac Léinn a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu* leis an Dr Eamonn Carroll, taighdeoir iardhochtúireachta in Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (ITES roimhe seo) agus le Keyu Ye, Anailísí Léargais Mhargaíochta ag Flutter Entertainment (ESRI roimhe seo).








Toscairí i mbun comhrá ag Comhdháil Taighde CNOS 2025 in Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath, i rith an imeachta.

# Sprioc Straitéiseach 3:

## Forbairt Foirne, Tacaíocht agus Ceannaireacht

# Sprioc Straitéiseach 3 – Forbairt Foirne, Tacaíocht agus Ceannaireacht

**Cultúr forásach a fhorbairt san áit oibre i gcomhar le baill foirne ar mhaithe le ceannaireacht agus dea-chleachtas éifeachtach a leabú.**

Leagann CNOS amach ceithre chuspóir agus 11 phríomhghníomh do Sprioc Straitéiseach 3, Forbairt Foirne, Tacaíocht agus Ceannaireacht, ina Ráiteas Straitéise 2023–2026.

### Sprioc 3 – Cuspóirí agus Gníomhartha

| Cuspóirí | Gníomhaíochtaí |
|---|---|
| 1. Na córais a fhorbairt atá riachtanach chun baill foirne a earcú agus a choinneáil a bhfuil na scileanna agus an saineolas cuí agus inmhianaithe acu chun cuspóirí straitéiseacha CNOS a chomhlíonadh. | 1. Athbhreithniú a dhéanamh ar phróifíl róil chun a chinntiú go meallann CNOS daoine a bhfuil a gcuid scileanna, inniúlachtaí agus luachanna ailínithe le riachtanais.<br>2. Úsáid a bhaint as teicnící roghnaithe éifeachtacha chun a chinntiú go mbeidh earcaíocht éifeachtúil agus éifeachtach. |
| 2. Ionduchtú corparáideach, meantóireacht agus forbairt ghairmiúil a chur ar fáil chun cur ar chumas ball foirne seirbhísí éifeachtacha a chur ar fáil agus díriú ar nuálaíocht agus ar fhás. | 1. Cláir ionduchtaithe shaincheaptha a fhorbairt do ghrúpaí foirne difriúla.<br>2. Deiseanna a chur ar fáil d'oiliúint foirne agus d'fhoghlaim agus do mheantóireacht ghairmiúil trí thacar struchtúrtha de thacaíochtaí foghlama agus forbartha.<br>3. Na tacaíochtaí bainistithe tallainne oiriúnacha a chur chun feidhme a chuireann ar chumas ball foirne fás agus forbairt a dhéanamh sna róil atá acu faoi láthair agus dul chun cinn gairme a dhéanamh. |
| 3. Tacú le cultúr oibre dearfach a spreagann buaine cuspóra chomh fada is a bhaineann le fís agus le pleananna straitéiseacha na heagraíochta. | 1. Straitéis cumarsáide shoiléir a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus deiseanna a chruthú chun a bheith ag comhoibriú ar fud na heagraíochta.<br>2. Treoir a thabhairt maidir le prionsabail an chultúir eagraíochta i ngach colún.<br>3. Gach ball foirne a ailíniú le prionsabail an chultúir oibre dhearfaigh agus gealltanas a thabhairt maidir le fís agus straitéis chomhroinnte ag na leibhéil ábhartha laistigh de chreat TQM. |

| Cuspóirí | Gníomhaíochtaí |
|---|---|
| 4. Córais agus struchtúir a fhorbairt a spreagann ionchuimsiú, folláine, comhionannas, cumarsáid agus éagsúlacht i gceannaireacht agus i gcultúr eagraíochta. | 1. Straitéis daoine a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun tacú le cultúr oibre dearfach a fhorbairt.<br>2. Straitéis agus plean gníomhaíochta comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta ar leith a fhorbairt.<br>3. Córais chomhroinnte a shainiú agus a scaipeadh ar fud na gcolún ábhartha atá mar bhonn le luachanna eagraíochta. |

## 3.1 Réamhrá

I rith 2025, lean CNOS ar aghaidh leis an eagraíocht a threisiú agus ag tacú le cultúr forásach san áit oibre i gcomhar le baill foirne. Bhí sé mar aidhm leis na hiarrachtaí seo ceannaireacht agus dea-chleachtas éifeachtach a leabú i measc na bhfoirne ar fad. Déantar cur síos sa rannóg seo ar na gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích i rith na bliana.

## 3.2 Pleanáil agus Earcaíocht Foirne Oibre

**Cuspóir – Na córais a fhorbairt atá riachtanach chun baill foirne a earcú agus a choinneáil a bhfuil na scileanna agus an saineolas cuí agus inmhianaithe acu chun cuspóirí straitéiseacha CNOS a chomhlíonadh.**

### 3.2.1 Pleanáil na Foirne Oibre

I rith 2025, bhí ról lárnach ag feidhm Phleanáil na Foirne Oibre AD chomh fada is a bhain le tacú le cuspóirí straitéiseacha CNOS trína chinntiú go meallann agus go gcoinníonn an eagraíocht daoine a bhfuil a gcuid scileanna, inniúlachtaí agus luachanna ailínithe lena riachtanais. Dhírigh foireann an aonaid ar phleanáil, earcú agus coinneáil réamhghníomhach na foirne oibre, agus ar shamhlacha foirne a ailíniú le héilimh seirbhíse atá ag forbairt chun freastal ar riachtanais leanaí agus mac léinn a bhfuil riachtanais bhreise acu san earnáil oideachais.

Is iad cuspóirí rannóg Phleanáil na Foirne Oibre an acmhainn eagraíochta a threisiú agus tacú le forbairt foirne ionas go mbeidh ar chumas CNOS freastal ar riachtanais atá ann i láthair na huaire agus a bheidh ann amach anseo.

In 2025, dhírigh foireann na rannóige ar an méid seo a leanas:

- Anailís leanúnach ar shonraí na foirne oibre chun bonn eolais a chur ar fáil do chinntí foirne agus chun an fhoireann oibre a bhainistiú chun tacú le forbairt na hacmhainne eagraíochta atá ag teastáil chun tacú leis na cuspóirí straitéiseacha, lena n-áirítear saineolas.

- Sonraí cruinne maidir le baill foirne, folúntais agus líon foirne a choinneáil chun tacú le hoibleagáidí bainistíochta inmheánacha agus tuairiscithe seachtracha.
- Rannpháirtíocht le foirne bainistíochta agus le páirtithe leasmhara chun tacú le hathrú a eascraíonn as an bPlean Straitéiseach, agus leanúnachas seirbhísí a chinntiú fad is atáthar ag tacú le baill foirne.

Trí phleanáil réamhghníomhach agus ailíniú leanúnach le tosaíochtaí eagraíochta, leanann an rannóg seo ar aghaidh leis an mbunsraith a leagan d'fhís CNOS maidir le córas oideachais den chéad scoth.

### 3.2.2 Earcaíocht CNOS

Tugadh fás suntasach faoi deara in CNOS in 2025, trí thacaíocht a fháil ó shraith comórtas earcaíochta inmheánach agus seachtrach rathúil. Thosaigh 76- comhghleacaí nua ag obair san eagraíocht chun tabhairt faoi róil éagsúla, agus ba ionann é seo agus fianaise ar an ngealltanas maidir le soláthar seirbhíse ar ardchaighdeán:

- Príomhoifigeach Amháin
- Príomhoifigeach Cúnta Amháin
- Beirt Ardoifigeach Feidhmiúcháin
- Ceathrar Oifigeach Feidhmiúcháin
- 11 Oifigeach Cléireachais
- 19 nEagraí Riachtanas Speisialta Oideachais
- Seisear Comhairleoirí
- Triúr Múinteoirí Cuartaíochta
- Oifigeach Seirbhíse Amháin
- 19 dTeiripeoir Shinsearacha agus ar Ghrád Foirne
- Beirt Bhainisteoirí Teiripe

Lena chois sin, in 2025 forbraíodh roinnt ról nua, fianaise ar thosaíochtaí straitéiseacha agus ar riachtanais a bhí ag athrú. Ceapadh Comhordaitheoir Thionscadal na Gaeilge amháin, rud a chuir lenár n-acmhainn tacaíocht speisialaithe a chur ar fáil i bpríomhréimsí.

I ndiaidh don rialtas an tSeirbhís Teiripe Oideachais (ETS) nua a fhógairt, cuireadh tús le hearcaíocht ag scála- mór do Theiripeoirí Saothair Sinsearacha agus ar Ghrád Foirne, Teiripeoirí Urlabhra agus Cainte, agus Ceannasaí ETS. Beidh bunú ETS mar bhonn le méadú suntasach ar líon na mball foirne laistigh de CNOS agus is aitheantas atá ann ar chumas agus ar shaineolas na heagraíochta chomh fada is a bhaineann le ceannaireacht a léiriú maidir le bunú na seirbhíse riachtanaí seo.

Chomh maith leis sin, lean an eagraíocht ar aghaidh le hinfheistíocht a dhéanamh i ndul chun cinn gairme inmheánach trí chomórtais ardaithe céime, acmhainn cheannaireachta a threisiú agus faisnéis eagraíochta a choinneáil.

Tríd is tríd, is fianaise iad torthaí earcaíochta agus ardaithe céime 2025 ar an ngealltanas atá tugtha ag CNOS maidir le foireann oibre oilte agus dhíograiseach a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil.

## 3.3 Rannpháirtíocht Foirne agus Forbairt Ghairmiúil

**Cuspóir – Ionduchtú corparáideach, meantóireacht agus forbairt ghairmiúil a chur ar fáil chun cur ar chumas ball foirne seirbhísí éifeachtacha a chur ar fáil agus díriú ar nuálaíocht agus ar fhás.**

Leag CNOS béim ar leith in 2025 ar leanúint ar aghaidh ag tacú le cultúr rannpháirtíochta foirne agus forbartha gairmiúla. Rinne CNOS cur síos ar uaillmhianta sa réimse seo trí spriocanna a shonrú ina Ráiteas Straitéise, a bheidh in úsáid mar threochlár chun soláthar seirbhíse, cleachtais agus torthaí a fheabhsú.

Tuigeann CNOS go bhfuil nasc díreach idir éifeachtacht a cuid oibre agus scileanna, faisnéis agus spreagadh foirne. Trí thús áite a thabhairt d'fhorbairt ghairmiúil, tá iarracht á déanamh aici timpeallacht a chruthú ina mothaíonn baill foirne go bhfuil luach lena gcuid oibre, go bhfuil tacaíocht ar fáil dóibh agus go bhfuil ar a gcumas tacú le Fís CNOS 2026 a chomhlíonadh.

### 3.3.1 Cláir Ionduchtaithe CNOS

In 2025, ailínithe le gealltanas maidir le forbairt foirne agus barr feabhais i soláthar seirbhíse, cúis áthais do CNOS leanúint ar aghaidh le clár ionduchtaithe agus oiliúna cuimsitheach. Chabhraigh sé sin chun díriú ar theacht isteach ball foirne SENO, Múinteoirí Cuartaíochta agus Comhairleoirí nua. Ní hamháin go dtreisíonn an tionscnamh seo inniúlacht na foirne oibre, treisíonn sé luachanna agus caighdeáin seirbhíse CNOS freisin. Cuireadh measúnú críochnúil i gcrích chun riachtanais oiliúna shonracha gach gráid a aithint agus bhí aiseolas a fuarthas ó fhostaithe, maoirseoirí agus tagarmharcanna tionscail mar bhonn le dearadh modúl oiliúna chun ábharthacht agus éifeachtacht a chinntiú.

Is ionann rolladh amach rathúil leanúnach an chláir ionduchtaithe agus oiliúna agus garsprioc shuntasach chomh fada is a bhaineann leis an ngealltanas atá tugtha maidir le forbairt foirne agus barr feabhais oibriúcháin.

### 3.3.2 Oiliúint Foirne agus Foghlaim Ghairmiúil

In 2025, rinne CNOS infheistíocht shuntasach in oiliúint foirne i raon leathan réimsí gairmiúla, lena n-áirítear forbairt cheannaireachta, comhlíonadh, cumarsáid, scileanna teicniúla agus seirbhísí do chustaiméirí. Cuireadh clár folláine saincheaptha ar fáil do bhaill foirne duine le duine freisin.

Fuair foireann státseirbhísigh CNOS rochtain trí OneLearning ar fhaisnéis faoi ábhair cosúil le buneolas státseirbhíse, bainistíocht daoine, scileanna TF, sláinte, folláine agus forbairt ghairmiúil. D'fhreastail 703 ball foirne ar 89 cúrsa. Chomh maith leis sin, lean CNOS ar

aghaidh lena scéim aisíocaíochta - táillí - a mhaoiniú, agus ag tacú le baill foirne chun tairbhe a bhaint as deiseanna forbartha fochéime, iarchéime agus forbartha gairmiúla. Taobh leis sin, sholáthair CNOS cúrsaí oiliúna reachtúla i réimsí cosúil le sláinte agus sábháilteacht san eagraíocht trí chéile.

### 3.3.3 Comhdháil Foirne CNOS 2025

I mí Dheireadh Fómhair 2025, reáchtáil CNOS comhdháil foirne lae agus d'fhreastail breis is 400 duine ar na himeachtaí. Bunaithe ag an Aire Stáit sa Roinn Oideachais agus Óige le freagracht speisialta as Oideachas Speisialta agus Cuimsiú, Michael Moynihan, thug Cathaoirleach Chomhairle CNOS, an Dr Fergal Lynch, an t-aitheasc ag tús na comhdhála.

I measc an ábhair a pléadh sa chur i láthair bhí an fhaisnéis is déanaí maidir le hathbhreithniú feidhmithe Fhís 2026, an tSeirbhís Teiripe forbartha agus Straitéis ICT/Córas agus Nuálaíochta na heagraíochta. I measc na n-imeachtaí breise bhí scéal pearsanta a d'inis Caroline McGrotty maidir lena haistear oideachais agus gairm mar dhuine bodhar, agus faisnéis maidir le folláine foirne ó Shíceolaíocht Round Hill agus ó Sheirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse. Ansin, thug an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin aitheantas don obair a rinne comhghleacaithe a bhí imithe ar scor ó CNOS agus bhailigh na comhghleacaithe a bhí i láthair cuimhneachán ar an obair mhór a rinne siad ar mhaithe le CNOS. Roinn an POF, John Kearney, an t-eolas is déanaí le lucht na comhdhála maidir le dul chun cinn i ndáil le Bainistíocht Láncháilíochta (TQM) agus an tslí ar chuir a leithéid seo le soláthar seirbhíse feabhsaithe.

Bhí slua breá i láthair ag an imeacht rathúil CNOS seo agus cruthaíodh atmaisféar a bhí oiriúnach chun smaointe agus faisnéis a roinnt i measc cainteoirí agus an tslua a bhí i láthair. Bhí na rannpháirtithe buíoch as deis a fháil páirt a ghlacadh i bplé trasdisciplíneach a chuir le saibhreas an phlé agus an chomhoibrithe i measc foirne CNOS. Beidh ról lárnach ag an aiseolas a bailíodh i bpleananna a fhorbairt do chomhdháil 2026, agus a chinntiú go n-éiríonn le CNOS leanúint ar aghaidh ag cur leis an rath a bhí ar a cuid oibre in 2025.









## 3.4 Cumarsáid agus Cultúr Eagraíochta CNOS

**Cuspóir – Tacú le cultúr oibre dearfach a spreagann buaine cuspóra chomh fada is a bhaineann le fís agus le pleananna straitéiseacha na heagraíochta.**

Tá CNOS tiomanta do rannpháirtíocht foirne a chur chun cinn agus a fheabhsú go leanúnach trí chumarsáid a chuíchóiriú agus gach duine a choinneáil nasctha, ar an eolas agus rannpháirteach.

### 3.4.1 Cumarsáid Inmheánach

In 2025, lean an tAonad Cumarsáide Inmheánach le ról lárnach a imirt sna hiarrachtaí a bhí á ndéanamh cultúr eagraíochta a threisiú trí fheabhas a chur ar an tslí a n-idirghníomhaíonn baill foirne, sna colúin ar fad, le faisnéis inmheánach, imeachtaí agus comhghleacaithe. Príomhéacht ba ea mol lárnach a bhunú do chumarsáid inmheánach, forbairt a thacaigh le soiléire agus le comhsheasmhacht sa tslí a bhfuil nuashonruithe, fógraí agus teachtaireachtaí eagraíochta á roinnt. Thacaigh glacadh iomlán an Chreata Cumarsáide sna colúin ar fad leis an obair seo freisin, agus chun cur chuige caighdeánaithe a leabú a fheabhsaíonn comhtháthú agus a threisíonn comhthuiscint i measc foirne.

Lena chois sin, chuir an fhoireann le rannpháirtíocht chultúrtha trí thacú le cumarsáid agus le cumarsáid a chomhordú le haghaidh príomhimeachtaí cosúil le Comhdháil Foirne, Comhdháil Taighde agus cuairt an Aire, rudaí a chabhraigh chun braistint pobail agus cuspóir comhroinnte a threisiú. Chabhraigh nuashonruithe rialta tríd an bhFeasachán Ráithiúil, ina raibh réimsí eolais nua cosúil le 'Cuir Aithne ar an bhFoireann', 'Lá den Saol', nuashonruithe Acmhainní Daonna agus dul chun cinn maidir leis an bPlean Daoine, chun nasc níos dlúithe a bhunú idir baill foirne agus gníomhaíochtaí eagraíochta agus an obair atá á déanamh ag comhghleacaithe.

## 3.5 Córais CNOS agus Forbairt Eagraíochta

**Cuspóir – Córais agus struchtúir a fhorbairt a spreagann ionchuimsiú, folláine, comhionannas, cumarsáid agus éagsúlacht i gceannaireacht agus i gcultúr eagraíochta.**

### 3.5.1 Córais agus Daoine CNOS

#### Cóiríocht agus Tacaíocht Ghnó

I rith 2025, bhí ról lárnach ag an Aonad Saoráidí i dtacú le hoibríochtaí náisiúnta na heagraíochta a bhí á bhforbairt. I mbliain inar tháinig méadú ar an éileamh a bhí ar sheirbhísí, chinntigh an fhoireann go raibh timpeallachtaí oibre CNOS sábháilte, éifeachtúil agus oiriúnach dá bhfeidhm, agus ag an am céanna, go raibh tacaíocht shofhreagrach, ar-ardchaighdeán á cur ar fáil do bhaill foirne ar fud na tíre.

Bhainistigh foireann an Aonaid oibríochtaí saoráidí ceann- go - ceann i gcomhair 35 suíomh oifige agus dhá mhol teiripe. Cuireadh móroibreacha athchóirithe i gcrích i Mainistir Fhear Maí, Droichead Átha, oifig Metro agus Tiobraid Árann, agus cuireadh feabhas suntasach ar chaighdeán agus ar inrochtaineacht an spáis oibre. Fuarthas áitreabh nua a bhí riachtanach chun tacú le fás seirbhíse, lena n-áirítear Ceanncheathrú CNOS nua i mBaile an Scorlógaigh, oifig réigiúnach nua in An Cabhán, mol teiripe agus aonad SENO i bPort Laoise, agus cóiríocht teiripe i mBaile Dama. Chuir an fhorbairt seo le hacmhainn na heagraíochta chun freastal ar riachtanais oibriúcháin agus úsáideoirí seirbhíse- a bhí ag athrú.

Cuireadh feabhas ar sholúbthacht san áit oibre trí leanúint ar aghaidh le deasca sealaíochta a rolladh amach go-náisiúnta, le tacaíocht ó Ronspot[6] a chur chun feidhme i ndeich láithreán. Chabhraigh troscán eirgeanamaíoch nua agus feabhsuithe ar leagan amach oifige chun timpeallachtaí oibre níos sábháilte agus níos éifeachtúla a chruthú.

Leanadh ar aghaidh le béim a leagan ar inbhuanaitheacht. Ba í oifig Metro an chéad láithreán CNOS a roghnaíodh chun Marc Taistil Níos Cliste Iompar Éireann a fháil, fianaise ar dhul chun cinn chomh fada is a bhain le cleachtais chomaitéireachta inbhuanaithe a chur chun cinn. I measc na dtionscnamh breise a eagraíodh bhí fáil réidh le téitheoirí ola -ardfhuinnimh, leanúint ar aghaidh le bearta coigilte- fuinnimh a chur chun feidhme agus leanúint ar aghaidh go rathúil le clár bliantúil laghdaithe- fuinnimh na Nollag.

### Ionchuimsiú agus Pobal

Tagraíonn Ionchuimsiú agus Pobal d'áit oibre a chothú ina bhfuil luach ag baint le gach duine, ina bhfuil meas á léiriú ar gach duine agus ina bhfuil ar chumas gach duine cur leis an obair trína scileanna agus tuairimí ar leith. Cuimsítear ann éagsúlacht i ngach foirm, lena n-áirítear cine, inscne, aois, míchumas, gnéaschlaonadh agus cúlra cultúrtha. Cuireann cultúr ionchuimsitheachta láidir ar chumas CNOS tairbhe a bhaint as eispéiris agus as tuairimí éagsúla, agus cruthaitheacht, comhoibriú agus nuálaíocht a fheabhsú.

In 2025, i rith na dara bliana den Phlean Daoine rinneadh dul chun cinn fiúntach i ndáil le cultúr d'fhorbairt, d'ionchuimsiú agus d'obair foirne leanúnach a fhorbairt. Forbraíodh creat Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta (EDI), inar leagadh amach an gealltanas a thug an eagraíocht maidir le prionsabail EDI a leabú i ngach réimse oibre. Is ionann an creat seo agus an bhunsraith do bheartas EDI amach anseo, mar aon le cultúr eagraíochta níos cothroime agus níos ionchuimsithí. Bunaíodh meitheal speisialta chun cur chuige CNOS a bheachtú agus chun deis a thabhairt do bhaill foirne tosaíochtaí EDI a mhúnlú.

Mar chuid den Phlean Daoine, d'fhorbair CNOS straitéis folláine a bhí dírithe ar SENOnna, Bainisteoirí Foirne agus riarthóirí a bhí ag tacú leis an bpríomhlíne glaonna. Is fianaise é an tionscnamh seo ar an ngealltanas atá tugtha ag an eagraíocht maidir le tacú le baill foirne duine le duine agus maidir le folláine a threisiú ar fud príomhról oibriúcháin.

6 Is clár é Ronspot a úsáidtear chun deasca sealaíochta a bhainistiú inár láithreáin ar fad.

# Sprioc Straitéiseach 4:

## Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

# Sprioc Straitéiseach 4 – Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

**Aitheantas corparáideach a fhorbairt atá bunaithe ar phrionsabail de bharr feabhais oibriúcháin, freagrúlacht agus nuálaíocht i ndáil le dea-chleachtas rialachais.**

Leagann CNOS amach ceithre chuspóir agus 12 ghníomh ghaolmhara faoi Sprioc Straitéiseach 4, Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta, ina Ráiteas Straitéise 2023–2026.

### Sprioc 4 – Cuspóirí agus Gníomhartha

| Cuspóirí | Gníomhaíochtaí |
|---|---|
| 1. Córas Bainistíochta Láncháilíochta a fhorbairt agus a leabú chun soláthar soiléir agus comhordaithe seirbhísí eagraíochta a chinntiú. | 1. Próisis agus córais TQM a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar fud na gcolún a bhfuil baint acu le táscairí a bhaineann le hiompar.<br>2. Athbhreithniú a dhéanamh ar thoradh córas agus athrú a chur chun feidhme de réir mar is gá. |
| 2. Straitéis chumarsáide agus bhrandála CNOS a chruthú agus a chur chun feidhme chun féiniúlacht chorparáideach seirbhíse aontaithe le páirtithe leasmhara a fhorbairt agus a leabú. | 1. Straitéis agus córais chumarsáide agus bhrandála a shainiú, a dhearadh agus a chur chun feidhme, agus a roinnt le páirtithe leasmhara agus le baill foirne freisin.<br>2. Ceisteanna parlaiminteacha agus ó na meáin a fhreagairt.<br>3. Baill foirne ó gach colún a ailíniú le prionsabail agus le cleachtais chumarsáide inmheánacha chomhaontaithe. |
| 3. Straitéis ICT agus bainistíochta sonraí a fhorbairt chun bonn eolais a chur ar fáil do cheanglais phleanála agus tuairiscithe éifeachtacha do riachtanais CNOS agus do riachtanais páirtithe leasmhara seachtracha. | 1. Straitéis ICT agus plean oibre ar leith a thionscnamh ar bhonn bliantúil a bheidh dírithe ar thionscadail a thacaíonn le hinrochtaineacht, tuairisciú agus bainistíocht faisnéise.<br>2. Straitéis bainistíochta sonraí eagraíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme.<br>3. Córas bainistíochta taifead caighdeánaithe agus leictreonach a fhorbairt agus a chur chun feidhme. |

| Cuspóirí | Gníomhaíochtaí |
|---|---|
| 4. A chinntiú go bhfuil reachtaíocht rialachais, riaracháin, airgeadais agus dlí á comhlíonadh mar aon le treoir a bhfuil sé mar aidhm léi éifeachtúlachtaí a bharrfheabhsú, agus leanúint ar aghaidh le gach ceanglas reachtúil a chomhlíonadh. | 1. Cur chun feidhme agus comhlíonadh gníomhartha comhaontaithe seachadta feidhmíochta a chinntiú agus maoirseacht a dhéanamh ar thuairisciú tráthúil maidir le spriocanna gnó de réir an ráitis straitéise agus na bpleananna oibre.<br>2. Comhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus príomhreachtaíocht rialachais, riaracháin, airgeadais agus dlí eile a athbhreithniú agus a chinntiú, mar aon le treoir chun a chinntiú go gcomhlíonann CNOS gach ceanglas reachtúil.<br>3. Tacaíocht leanúnach a chur ar fáil d'oibríochtaí na Comhairle.<br>4. Tacaíocht agus faisnéis dlí ábhartha a chur ar fáil i gcomhairle le comhlachtaí seachtracha. |

## 4.1 Réamhrá

I rith 2025, lean CNOS ar aghaidh lena heagraíocht a fhorbairt chun a chinntiú go raibh sí ag feidhmiú go héifeachtach chun seirbhísí a chur ar fáil agus go raibh gach ceanglas reachtúil, rialála agus rialachais á gcomhlíonadh. Déantar cur síos sa rannóg seo ar ghníomhaíochtaí sna réimsí seo i rith na bliana.

## 4.2 Bainistíocht Láncháilíochta – Barr Feabhais Oibriúcháin

**Cuspóir – Córas Bainistíochta Láncháilíochta a fhorbairt agus a leabú chun soláthar soiléir agus comhordaithe seirbhísí eagraíochta a chinntiú.**

In 2025, leanadh ar aghaidh leis an obair chun córas Bainistíochta Láncháilíochta (TQM) a leabú laistigh de CNOS, agus cuireadh leis an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le próisis Bharainneacha agus soláthar seirbhíse comhordaithe in 2023 agus 2024. Bunaíodh Foireann Eagraithe TQM chun maoirseacht a dhéanamh ar thionscadail- ar fud na heagraíochta agus chun modheolaíochtaí feabhsaithe Barainneacha a chur chun feidhme go seasta i measc foirne. Rolladh amach cúrsaí oiliúna Creasa Ghlais maidir le próisis agus prionsabail Bharainneacha, inar cuimsíodh caighdeán TQM, ar fud an struchtúir bhainistíochta.

Cuireadh tús le clár oiliúna chun cur ar chumas 50 ball foirne breise cáiliú mar Chriosanna Glasa in 2025. Bhí measúnú aibíochta TQM mar bhonn le Straitéis TQM a fhorbairt agus plean- athraithe ardleibhéil freisin.

Tá obair ullmhúcháin á déanamh chun cúrsaí oiliúna Creasa Ghlais a rolladh amach in 2026, creidiúnaithe ag Ollscoil Caerdydd, An Bhreatain Bheag.

## 4.3 Cumarsáid CNOS

**Cuspóir – Straitéis chumarsáide agus bhrandála CNOS a chruthú agus a chur chun feidhme chun féiniúlacht chorparáideach seirbhíse aontaithe le páirtithe leasmhara a fhorbairt agus a leabú.**

### 4.3.1 Straitéis Cumarsáide CNOS

Cheadaigh an Chomhairle Straitéis Cumarsáide CNOS in 2025. D'aithin CNOS trí sprioc agus tacar gníomhartha gaolmhara a bhain le rannpháirtíocht agus comhairliúchán le mic léinn, tuismitheoirí agus scoileanna a fheabhsú, próifíl CNOS agus feasacht maidir leis an obair a dhéanaimid a mhéadú, agus CNOS a chur chun cinn mar ghníomhaireacht shaineolach chomh fada is a bhaineann le tacú le córas oideachais ionchuimsitheach den chéad scoth.

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis na gníomhartha gaolmhara cosúil le:

- I Ráithe 2, 2025, bunaíodh Líne Eolais do Chustaiméirí a tháinig in áit na líne tacaíochta a bhí in úsáid roimhe sin.
- Foilsíodh caighdeáin cháilíochta seirbhíse SENO in 2025.
- Tá treoir stíle nua CNOS ullmhaithe chun tacú le foilseacháin, cumarsáid agus imeachtaí.
- Foilsíodh treoirdhoiciméid nua agus ceithre thuarascáil taighde in 2025.
- Eagraíodh raon imeachtaí comhairle beartais agus cleachtais mar aon leis an gComhdháil Taighde Bhliantúil i mí na Samhna 2025 (féach ar Sprioc 2).
- Tá cúrsaí oiliúna maidir le Béarla simplí a úsáid curtha i gcrích ag 44 ball foirne.
- Tá straitéis rannpháirtíochta agus comhléirithe mac léinn forbartha.
- Tá fóram tuismitheoirí bunaithe.
- Eagraíodh raon seimineár, podchraoltaí agus seimineár gréasáin taobh le breis rannpháirtíochta ar na meáin shóisialta maidir le príomhréimsí soláthair seirbhíse.

### 4.3.2 Cumarsáid Sheachtrach

Tá forbairt tagtha ar ról na foirne Cumarsáide Seachtraí le blianta beaga anuas. I measc na bhforbairtí atá déanta tá méadú suntasach ar láithreacht CNOS ar na meáin shóisialta agus úsáid a bhaint as ardán Orlo, a thugann deis do CNOS a láithreacht ar na meáin shóisialta a fhorbairt go gníomhach. In 2025, thaifead CNOS thart ar 750,000 taispeáint ar phostálacha ar na ceithre phríomhardán meán sóisialta – Facebook, Instagram, X (Twitter) agus LinkedIn.

Chomh maith leis sin, bainistíonn Cumarsáid Sheachtrach oibleagáidí Saorála Faisnéise (FOI) CNOS. Díol suntais is ea go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na n-iarratas FOI bailí (fás 66% idir 2024 agus 2025), fianaise ar phróifíl na heagraíochta. Mar a thuairiscigh comhlachtaí stáit eile, tá méadú tagtha freisin ar chastacht na n-iarratas FOI atá faighte ag CNOS, a éilíonn acmhainní suntasacha a chur ar fáil chun ardleibhéal comhlíonta a chinntiú.

### 4.3.3 Ceisteanna agus Uiríll Pharlaiminteacha

Mar chomhlacht stáit, cuireann CNOS faisnéis ar fáil do bhaill an Oireachtais agus tugann sí aird ar chaighdeáin agus ar phrionsabail nuair a bhíonn iarratais á bpróiseáil. Cuirtear Ceisteanna Parlaiminteacha (PQanna) agus Uiríll Phoiblí (Uiríll) ar aghaidh chun freagra díreach a fháil ó bhall den Oireachtas de réir Imlitir 25/2016 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Le blianta beaga anuas, tá méadú suntasach tagtha ar líon na PQanna agus Uiríoll atá próiseáilte (féach ar Thábla 15).

**Tábla 15. QPanna agus Uiríll 2023–2025**

| Cumarsáid Sheachtrach CNOS | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|
| Uiríoll Poiblí | 244 | 709 | 1,305 |
| Ceist Pharlaiminteach | 107 | 115 | 230 |
| **Iomlán** | **351** | **824** | **1,535** |

### 4.3.4 Cumarsáid Inmheánach

I rith 2025, thacaigh an fhoireann Cumarsáide Inmheánaí i gColún 3 le tosaíochtaí straitéiseacha agus oibriúcháin na heagraíochta. Eisíodh breis is 216 cumarsáid inmheánach ar fud na ranna agus na gcolún ar fad, agus cinntíodh go raibh faisnéis á scaipeadh go tráthúil agus go cruinn.

Chuir an fhoireann obair mhór i gcrích chun éifeachtacht na gcainéal cumarsáide inmheánach a fheabhsú, lena n-áirítear anailís inlín mhionsonraithe, rianú clic-rátaí agus feabhsuithe leanúnacha ar struchtúr agus ar inrochtaineacht ábhair. Mar thoradh ar shuirbhéanna agus tuarascálacha léargais – cosúil leis an Suirbhé Cumarsáide Tosaigh, an Suirbhé Dearaidh Eagraíochta, an Suirbhé ar Aiseolas ón gComhdháil Foirne agus anailísíocht inlín i gcomhair Ráithe 1 agus Ráithe 2 – bailíodh faisnéis eagraíochta luachmhar agus cuireadh bonn eolais ar fáil d'fheabhsuithe fianaise-bhunaithe ar chleachtas cumarsáide. Rinneadh tuilleadh forbartha ar an bhFeasachán Ráithiúil, cuireadh ábhar eagarthóireachta níos saibhre ar fáil mar aon le heispéireas níos spéisiúla do bhaill foirne.

## 4.4 ICT agus Bainistíocht Sonraí

**Cuspóir – Straitéis ICT agus bainistíochta sonraí a fhorbairt chun bonn eolais a chur ar fáil do cheanglais phleanála agus tuairiscithe éifeachtacha do riachtanais CNOS agus do riachtanais páirtithe leasmhara seachtracha.**

### 4.4.1 Straitéis agus Plean Oibre ICT

In 2025, cuireadh obair i gcrích chun Straitéis Sonraí CNOS a fhorbairt mar aon le Straitéis ICT/Néalseirbhísí dlúthnasctha.

- I Straitéis Sonraí 2025–2028 leagtar amach an tslí a n-éireoidh linn ár n-acmhainní sonraí agus ár gcumas tuairiscithe a athrú ó bhonn chun tacú ar bhealach níos fearr le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- I Straitéis ICT/Néalseirbhísí 2025–2028 leagtar amach treochlár bunathraitheach chun seirbhísí ICT a nuachóiriú agus chun tacú le réitigh dhigiteacha shlána, inscálaithe agus úsáideoirlárnacha a thacaíonn le hoideachas ionchuimsitheach do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Tacaíonn na straitéisí lena chéile agus tá siad ailínithe le beartais dhigiteacha náisiúnta, lena n-áirítear Creat Digiteach na hÉireann agus Cónascadh Rialtais 2030.

Tá an dá straitéis foilsithe ar shuíomh gréasáin CNOS.

### 4.4.2 Straitéis Sonraí & ICT Nua CNOS a Fhorbairt

Is ionann na Straitéisí Sonraí agus ICT/Néalseirbhísí agus treochlár soiléir maidir leis an dul chun cinn atá beartaithe ag CNOS a dhéanamh san earnáil ICT.

I rith 2025, tionscnaíodh obair chun tacú leis na straitéisí seo agus lena gcuspóirí. Chuir an fhoireann ICT obair i gcrích le gach colún de CNOS chun gníomhartha agus tionscadail a aithint chun tacú lena spriocanna. Chuige sin, tá dlús curtha le roinnt tionscadal a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le hinrochtaineacht, agus tá béim leagtha ar sheirbhísí atá curtha ar fáil don phobal. Tá na gnéithe inrochtaineachta seo curtha san áireamh i sonraíochtaí nua a bhaineann leis an suíomh gréasáin freisin.

D'oibrigh CNOS le Príomhoifigeach Faisnéise an Rialtais agus le HeaNet (Líonra Náisiúnta Oideachais agus Taighde na hÉireann), agus rinneadh anailís ar fhorbairtí margaidh agus bhí réiteach ar intinn aici chun tacú le straitéisí ICT agus chun CNOS a athrú ó bhun agus a chosaint don todhchaí chomh fada is a bhain le forbairtí digiteacha.

### 4.4.3 Athdhearadh an tSuímh Gréasáin

Tá suíomh gréasáin forbartha ag CNOS ar a bhfuil go leor faisnéise do mhúinteoirí, scoileanna agus tuismitheoirí lena n-áirítear acmhainní agus tacaíochtaí atá ábhartha do na grúpaí difriúla seo, faisnéis maidir le ranganna speisialta, taighde, beartas agus foilseacháin a bhaineann leis an earnáil oideachais speisialta.

Cuireadh tionscadal i gcrích a raibh sé mar aidhm leis suíomh gréasáin nua agus nua-aimseartha a chur ar fáil do CNOS, ar a mbeadh an fhaisnéis seo ar fad mar aon le feidhmiúlacht agus inrochtaineacht feabhsaithe, chun a chinntiú go mbeidh eispéireas an úsáideora níos éifeachtaí agus níos iomasaí. Tá úsáid á baint as gnéithe nascleanúna níos simplí agus as leagan amach níos soiléire. Déileálann na gnéithe inrochtaineachta feabhsaithe le moltaí atá déanta ag an Údarás Náisiúnta Míchumais (NDA) agus tacóidh siad ar bhealach níos fearr leis na húsáideoirí ar fad. Tá an suíomh gréasáin tógtha anois agus beidh sé in úsáid ag tús 2026. Glactar leis mar cheann de na príomhghníomhartha atá sonraithe i Straitéis Cumarsáide (2025–2026) CNOS.

## 4.5 Rialachas Corparáideach agus Cód Cleachtais

**Cuspóir – A chinntiú go bhfuil reachtaíocht rialachais, riaracháin, airgeadais agus dlí á comhlíonadh mar aon le treoir a bhfuil sé mar aidhm léi éifeachtúlachtaí a bharrfheabhsú, agus leanúint ar aghaidh le gach ceanglas reachtúil a chomhlíonadh.**

### 4.5.1 Réamhrá

Ghlac CNOS leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ní mór do gach gníomhaireacht ceanglais uile an Chóid a chomhlíonadh, lena n-áirítear iarscríbhinní a cuireadh i dtoll a chéile le déanaí, luach saothair agus cothromaíocht inscne, éagsúlacht agus ionchuimsiú. Tá sonraí le fáil i Rannóg 4.5.10 maidir leis an tslí a bhfuil an cód á chomhlíonadh ag CNOS.

### 4.5.2 Bainistíocht Feidhmíochta

Clúdaítear an tréimhse idir 2023–2026 sa Ráiteas Straitéise. I mí na Nollag 2024, d'fhorbair agus cheadaigh Comhairle CNOS plean oibre bliantúil i gcomhair 2025 bunaithe ar an straitéis, agus rinneadh athbhreithniú ar dhul chun cinn mar aon leis na rioscaí gaolmhara gach ráithe. Chomhaontaigh an Chomhairle ar chlár rioscaí i gcomhair 2025 freisin agus tá sé seo mar bhonn leis an maoirseacht a dhéantar ar obair CNOS.

Thángthas ar chomhaontú maidir le Comhaontú Seachadta Feidhmíochta 2025 leis an DEY i rith na bliana, agus tá rannpháirtíocht leis an Roinn fós i mbun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcomparáid le cur i bhfeidhm.

### 4.5.3 Córas de Rialú Inmheánach CNOS

Tá Comhairle CNOS freagrach as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach de rialú inmheánach i bhfeidhm de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chun athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta, mar aon le próisis agus nósanna imeachta bainistíochta riosca.

Bhí an córas de rialú inmheánach, atá ag teacht le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm ag CNOS don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025. Cuirtear deimhniú maidir leis an athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht Ráiteas faoin Rialú Inmheánach CNOS in 2025 ar fáil i gcuntais iniúchta na heagraíochta, a fhoilsítear i bhfoilseachán eile.

### 4.5.4 Rialachas Airgeadais agus Comhlíonadh

#### Cuntais Bhliantúla

Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntais bhliantúla CNOS agus, i ndiaidh iniúchadh a dhéanamh, cuirtear faoi bhráid an Aire iad agus os comhair an Oireachtais, agus foilsítear iad ar shuíomh gréasáin CNOS. Cuirtear na cuntais bhliantúla i láthair agus foilsítear iad i bhfoilseachán eile ní sa tuarascáil seo. Foilsíodh cuntais 2024 ar shuíomh gréasáin CNOS i mí Iúil 2025.

Táthar ag súil go gcuirfear cuntais bhliantúla 2025 i láthair an Aire in 2026 ar feitheamh an t-iniúchadh a bheith críochnaithe.

### Iniúchadh

Bhunaigh CNOS feidhm iniúchta inmheánaigh agus tháinig sí ar chomhaontú maidir le cairt iniúchta inmheánaigh. Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (ARC) ceaptha ag an gComhairle le téarmaí tagartha comhaontaithe, lena n-áirítear maoirseacht ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh, bainistíocht riosca agus athbhreithniú ar na dréachtchuntais bhliantúla.

### Comhlíonadh Cánach agus Rialála

Níor tharla aon chumarsáid maidir le neamhchomhlíonadh ceanglas rialála nó údarás cánach maidir le haon cheist. Níl CNOS ar an eolas faoi aon neamhchomhlíonadh dáiríre nó féideartha i ndáil le dlíthe nó rialacháin a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a ráitis airgeadais.

### Próiseáil Íocaíochtaí

Bunaíodh córas uathoibrithe nua chun íocaíochtaí a chur ar fáil do sholáthraithe le haghaidh earraí agus seirbhísí in 2025 atá níos trédhearcaí agus laghdaigh sé seo an gá a bhí ann go mbeadh baill foirne ag ullmhú foirmeacha nuair a bhí íocaíochtaí á bpróiseáil.

## 4.5.5 Cosaint Sonraí

Phróiseáil CNOS 15 iarratas rochtana duine ar a s(h)onraí in 2025, de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus Ráiteas Cosanta Sonraí[7] na heagraíochta. Cuireadh iniúchadh inmheánach cosanta sonraí CNOS i gcrích i Ráithe 4 2025, agus fáiltíodh roimh na torthaí chun ár gcreat comhlíonta a threisiú.

Tuairiscíodh trí shárú ar shonraí don Choimisinéir Cosanta Sonraí in 2025. Tuairiscíodh 48 teagmhas sonraí ísealriosca i gcomhair 2025 d'Oifigeach Cosanta Sonraí CNOS. Bhain an chuid is mó acu le dhá cheist: sonraí a sheoladh trí ríomhphost gan chuimhneamh chuig faighteoir(í) neamhbheartaithe nó ceangaltán mícheart a cheangal gan chuimhneamh. I ngach cás, cuireadh céimeanna maolaitheacha i gcrích agus measadh go raibh an leibhéal riosca íseal nó íosta. Gné shuntasach de chlár ionduchtaithe CNOS í cosaint sonraí, mar aon le cúrsaí oiliúna éigeantacha maidir le cosaint sonraí agus GDPR.

## 4.5.6 Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide

Tá CNOS tiomanta don chlár oibre glas mar a leagadh amach i sainordú um ghníomhú ar son na haeráide 2023. Tá sí ag leanúint ar aghaidh le measúnú a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun na huirlisí atá ar fáil di a úsáid chun comhlíonadh a fheabhsú tuilleadh.

Tá achoimre 2025 ar chomhlíonadh leagtha amach thíos.

### Spriocanna CNOS

Tá a sprioc éifeachtúlachta fuinnimh comhlíonta ag CNOS cheana féin – agus táthar ag súil go mbeidh an sprioc seo á sárú aici amach anseo freisin – mar atá leagtha amach sa reachtaíocht. I measc na bpríomhchúiseanna atá leis an dul chun cinn seo tá tairbhe a

7 http://www.ncse.ie/ncse-data-protection

bhaint as beartas oibre cumaisc agus cianoibre, agus a chinntiú go bhfuil ar chumas ball foirne obair a dhéanamh go héifeachtach ón mbaile, agus tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar ár soláthar foirgneamh. San áireamh anseo tá spásanna atá ar fáil cheana féin a atheagrú, seomraí a thabhairt do dhaoine eile más cuí, agus tús áite a thabhairt do léasú foirgneamh atá rátáilte A3- (nó níos airde), agus stop a chur de réir a chéile le húsáid a bhaint as áitribh atá ag brath ar chórais theirmeacha atá ag brath ar- bhreoslaí- iontaise.

Táthar ag súil go mbeidh éifeachtúlacht bhreise le tabhairt faoi deara de réir mar a chuirfear tús le hoibríochtaí gan pháipéar, mar thoradh ar infheistíocht a dhéanamh in oiliúint foirne maidir le soláthar poiblí glas agus de réir mar a dhíreofar ar fheachtais rannpháirtíochta foirne leanúnacha a bheidh dírithe ar chleachtais inbhuanaithe.

### Laghduithe Astaíochtaí

Tá an chuma ar an scéal go n-éireoidh le CNOS a sprioc laghdaithe astaíochtaí i gcomhair 2030 a chomhlíonadh. Tá gá le 24,972 kg $CO_2$ breise chun an gharsprioc deiridh a chomhlíonadh. I bhfianaise an fháis leanúnaigh atá ag teacht ar an eagraíocht agus an tslí a bhfuil sí ag brath ar chóiríocht atá faoi úinéireacht OPW- agus léasaithe ó OPW-, táthar ag súil go mbeidh líon suntasach de na laghduithe amach anseo á gcinntiú trí iarfheistiú a dhéanfaidh OPW ar sholáthar foirgneamh an rialtais.

### Baill Foirne CNOS

Tá Foireann Ghlas bunaithe, agus páirteach inti tá Seaimpín Aeráide agus Inbhuanaitheachta, Oifigeach Feidhmíochta Comhshaoil, Oifigeach Tuairiscithe agus ionadaithe ón Aonad Saoráidí agus Cumarsáide Inmheánaí. Tá sé beartaithe ag CNOS cur leis an bhFoireann Ghlas agus ionadaithe ó gach grád agus suíomh a chur san áireamh.

I measc na hoibre atá curtha i gcrích go dtí seo tá Cairt na Foirne Glaise a fhorbairt, sainchuntais phoist agus teimpléid de litreacha ceapacháin. Táthar ag leanúint ar aghaidh le críoch a chur leis na téarmaí tagartha, leithdhailtí róil agus struchtúr rialachais don aeráid agus d'inbhuanaitheacht.

I measc na dtionscadal mór a cuireadh i gcrích in 2025 tá:

- scanóirí ard-taifigh a choimisiúnú chun tacú leis an aistriú go dtí oifigí gan pháipéar
- laghdú- fuinnimh i rith na Nollag a chomhordú
- iarratas OPW ar shoilse LED i gCeanncheathrú CNOS a sheoladh ar aghaidh
- ullmhúcháin a dhéanamh chun an Marc Taistil Níos Cliste a bhronnadh.

Tá cláir dheimhnithe oiriúnacha i gCeannaireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide aimsithe, agus tá sé beartaithe go mbeidh cúrsaí oiliúna á gcur i gcrích ag an gcúigear Príomhoifigeach faoi dheireadh Ráithe 2 2026. Idir an dá linn, leanfar ar aghaidh le teachtaireachtaí agus le hacmhainní inbhuanaitheachta a sheoladh chuig na baill foirne ar fad go rialta, agus tabharfar deis dóibh freisin tairbhe a bhaint as cúrsaí oiliúna maidir le 'Buneolas ar an Athrú Aeráide'.

### Dramhaíl, Acmhainní agus Oibríochtaí

- **Dramhbhia:** Níl ceaintín le fáil in aon láithreán CNOS. Ordaítear seirbhísí lónadóireachta don líon daoine a bheidh i láthair, rud a chiallaíonn nach mbeidh mórán dramhbhia á chruthú.
- **Táirgí-Plaisteacha Aon Úsáide:** Níl táirgí- aon úsáide in úsáid sna hoifigí níos mó. Cuirtear créghréithe, sceanra, miasniteoirí agus áiseanna stórála ar fáil i ngach oifig.
- **Úsáid Páipéir:** Tá CNOS ag leanúint ar aghaidh leis an méid páipéir atá in úsáid aici a laghdú trí rochtain dhigiteach a fheabhsú don phobal agus trí thacú le baill foirne chun úsáid a bhaint as r--comhaid. Coimisiúnaíodh flít nua de scannóirí ard-taifigh in 2025. Baintear úsáid as páipéar athchúrsáilte i rith an aistrithe, agus cuirtear athchúrsáil tonóra san áireamh i gconarthaí soláthraí. Déantar monatóireacht leanúnach ar úsáid páipéir.

### Foirgnimh agus Feithiclí

### Feithiclí

- San áireamh i bhflít CNOS tá veain díosail ar féidir POH-a úsáid inti. Nuair a bhí an léas á shíniú, glacadh leis nach raibh EVanna oiriúnach mar gheall ar éilimh oibriúcháin thuaithe agus bonneagar luchtaithe teoranta. Tá athbhreithniú fós á dhéanamh ar an gceist seo, agus meastar gurb iad EVanna an rogha is fearr nuair is féidir iad a úsáid.
- Tacaíonn CNOS le soghluaisteacht chomhroinnte agus le rothaíocht, agus tá racaí rothar, taisceadáin, cithfholcadáin agus seomraí feistis á gcur ar fáil i roinnt mhaith oifigí.
- Tá flít CNOS faoi bhun na tairsí a éilíonn soláthar feithiclí astaíochtaí nialasacha -éigeantacha, ach táthar ag leanúint ar aghaidh le measúnachtaí féidearthachta.
- Tá bonneagar luchtaithe EV le fáil i roinnt oifigí CNOS cheana féin. De bhrí go bhfuil an soláthar foirgneamh ar fad léasaithe nó ceadúnaithe, níor tugadh tús áite do bhonneagar luchtaithe EV nua a shuiteáil, go háirithe sa chás nach bhfuil éileamh ag mórán ball foirne ar a leithéid.

### Plean Foirgneamh agus Soláthair Foirgneamh

- In 2025, bhí úsáid á baint ag CNOS as 37 láithreán, láithreáin a bhí faoi úinéireacht OPW nó a bhí léasaithe ó OPW go príomha.
- Coiméadann CNOS Plean Soláthair Foirgneamh nuashonraithe gach bliain, ina bhfuil faisnéis le fáil maidir le lorg, córais theirmeacha agus soilsithe, leibhéil áitíochta agus ceanglais eastáit na láithreán ar fad.

## 4.5.7 Soláthar CNOS

### Beartas Soláthair CNOS

Tá beartas Rialtais maidir le soláthar poiblí á chur i bhfeidhm in CNOS agus táthar ag cloí freisin le rialacha agus le nósanna imeachta a bhaineann leis an gcód caiteachais phoiblí. Cuirtear nuashonruithe a bhaineann le reachtaíocht agus imlitreacha ábhartha san áireamh

– lena n-áirítear Imlitir 05/2023 DPEDR agus foirmeacha leictreonacha a úsáidtear i r-thairiscintí, mar atá leagtha amach faoi Rialachán (AE) 2019/1780 nua, arna leasú ina dhiaidh sin le (AE) 2022/2303.

In 2025, lean CNOS ar aghaidh le monatóireacht inmheánach a dhéanamh ar sholáthar mar aon le hathbhreithniú agus maoirseacht feabhsaithe ar nósanna imeachta; lena chois sin, cuireadh treoir nuashonraithe ar fáil nuair a reáchtáladh imeachtaí ionduchtaithe agus oiliúna do na baill foirne ar fad a bhí i mbun ról soláthair. Thacaigh sé sin le comhlíonadh iomlán chomh fada is a bhain le rialacháin soláthair i gcomhair 2025.

Baineann CNOS tairbhe as socruithe seirbhísí comhroinnte agus as conarthaí íostarraingthe lárnacha, lena n-áirítear, más féidir, iad siúd atá bunaithe ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) agus ag Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO).

Táthar fós ag glacadh le Plean Soláthair Chorparáidigh 2024–2026 CNOS mar bhonn le luach ar airgead níos fearr a chinntiú trí sholáthar feabhsaithe na feidhme soláthair san eagraíocht.

### Soláthar Glas

Is próiseas é Soláthar Poiblí Glas (GPP) a úsáideann comhlachtaí poiblí chun earraí, seirbhísí nó oibreacha a aimsiú a bhfuil tionchar comhshaoil laghdaithe acu i rith a saolré. Tá CNOS freagrach as próisis soláthair ghlais a chur chun cinn agus a chur chun feidhme i ndáil le soláthar ábhartha earraí agus seirbhísí, agus más féidir, cloí leis an treoir a d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i mí Mheán Fómhair 2021. Cuireann CNOS critéir chuardaigh GPP na hOifige um Sholáthar Rialtais san áireamh, uirlis ar líne a aithníonn critéir ábhartha atá le cur san áireamh i sonraíochtaí soláthair.

In 2025, chuir CNOS critéir soláthair ghlais san áireamh in 12 phróiseas soláthair a bhain le hearraí agus seirbhísí a raibh costas níos mó ná €25,000 luaite leo. Bhain na gníomhaíochtaí seo le tomhaltáin IT, forbairt bogearraí, ceadúnais bogearraí agus seirbhísí gairmiúla.

## 4.5.8 Beartas agus Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí CNOS

D'fhorbair CNOS nósanna imeachta agus treoirlínte[8] maidir le cosaint agus leas leanaí mar chuid de na ceanglais achtaíodh in 2017 faoi Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

Tugadh Ráiteas agus Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí CNOS cothrom le dáta in 2025. Próiseáladh aon ní ar tarraingíodh aird CNOS orthu in 2025 de réir a nósanna imeachta féin.

## 4.5.9 Nochtuithe Cosanta

Dhréachtaigh CNOS beartas agus nósanna imeachta athbhreithnithe chun déileáil le nochtuithe cosanta de réir Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, arna leasú ag Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022. Foilsíodh an beartas athbhreithnithe[9] i Ráithe 2 2025.

Níor tarraingíodh aird ar aon cheist faoin mbeartas seo in 2025.

8 https://www.ncse.ie/ncse/publications/children-protection-and-welfare/

9 https://www.ncse.ie/ncse/publications/protected-disclosures/

### 4.5.10 Míreanna Eile faoin gCód Cleachtais a Chomhlíonadh

#### Diúscairt Sócmhainní

Tá an tslí a bhfuil sócmhainní á ndiúscairt ag CNOS ag teacht go hiomlán leis na ceanglais atá leagtha síos sa Chód Cleachtais.

#### An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015

Is oifigeach poiblí ainmnithe é Príomhoifigeach Feidhmiúcháin CNOS faoin Acht seo.

#### Beartas Taistil CNOS

Tá beartas an Rialtais maidir le taisteal gnó á chomhlíonadh ar gach bealach. Tá beartas agus nósanna imeachta taistil forbartha agus á gcoimeád ag CNOS de réir ceanglas rialtais.

## 4.6 Comhairle CNOS

**Cuspóir – A chinntiú go bhfuil reachtaíocht rialachais, riaracháin, airgeadais agus dlí á comhlíonadh mar aon le treoir a bhfuil sé mar aidhm léi éifeachtúlachtaí a bharrfheabhsú, agus leanúint ar aghaidh le gach ceanglas reachtúil a chomhlíonadh.**



Baill de Chomhairle CNOS: Ró deiridh (C–D): Caroline Quinn, Eamon Clavin, Diarmuid Dullaghan, Peter Archer, Dharragh Hunt, Angela O'Neill. An chéad ró (C–D): Pat Goff, Yvonne Kennedy, Fergal Lynch, Deirbhile NicCraith, Michael Redmond, Eileen Daly. Intlis: Catherine Crowe.

Is í an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta údarás rialachais na heagraíochta. Is í an tAire Oideachais a cheapann an t-údarás faoi Alt 21 d'Acht EPSEN, 2004. Tá an Chomhairle, a bhfuil a feidhmeanna leagtha amach in alt 20 den Acht, cuntasach don Aire Oideachais agus freagrach as dea-rialachas a chinntiú.

Tá obair agus freagrachtaí na Comhairle leagtha amach in Acht EPSEN agus i dTreoir Rialachais Chorparáidigh do Bhaill na Comhairle CNOS, ina leagtar amach nithe atá forchoimeádta don chomhlacht. Tá tuilleadh faisnéise maidir lena gnó agus dualgais le fáil i dtéarmaí tagartha agus i mbuanorduithe na Comhairle. I measc na míreanna buana a ndéanann an Chomhairle machnamh orthu tá:

- dearbhú leasa
- tuarascálacha ó choistí
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta
- tuarascáil feidhmíochta
- nithe forchoimeádta
- athbhreithniú ar rioscaí a bhaineann le CNOS.

Cuireadh tús le téarma oifige na Comhairle ar an 1 Eanáir 2023 agus mairfidh an téarma seo go ceann ceithre bliana, go dtí an 31 Nollaig 2026. Athcheapadh seachtar ball ón téarma roimhe sin don dara téarma. Ceapadh an cathaoirleach agus na gnáthbhaill eile in 2023.

Tá an Chomhairle freagrach as an bplean agus as na ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú. Is léiriú ó dheimhniú a fuarthas go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais ar fheidhmíocht agus ar sheasamh airgeadais CNOS in 2025 sna cuntais bhliantúla iniúchta a foilsíodh i bhfoilseachán eile.

Mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, trí thacaíocht a fháil ó Dhearadh Rialachais O'Brien, rinneamar athbhreithniú seachtrach ar éifeachtacht na Comhairle agus ar a cuid Coistí. Baineadh tairbhe as cur chuige dearbhaithe, a bhí bunaithe ar fheabhas, i ndáil leis an meastóireacht, a cuireadh i gcrích idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2025. Tá na moltaí sa tuarascáil mheastóireachta bunaithe ar fhás gan choinne a bheith tagtha ar CNOS mar eagraíocht, agus is fianaise iad ar an tslí a bhféadfadh an Chomhairle leanúint ar aghaidh lena rialachas agus éifeachtacht a fheabhsú sna blianta amach romhainn.

Bhuail baill na Comhairle le chéile sé huaire in 2025. Tá faisnéis le fáil i dTábla 16 maidir le baill aonair agus a dtinreamh siúd.

### Tábla 16. Baill Chomhairle CNOS in 2025

| Ainm | Sonraí | Tinreamh |
|---|---|---|
| **An Dr Fergal Lynch, Cathaoirleach** | Ceannaire Sinsearach i Rannpháirtíocht Rialtais agus Beartais Phoiblí, Ollscoil na Gaillimhe | 6 |
| **Pat Goff,* Leas-Chathaoirleach** | Iar-Uachtarán agus Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN) | 5 |
| **An Dr Peter Archer*** | Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, An Foras Taighde ar Oideachas | 6 |
| **Eamon Clavin*** | Iar-Chigire Roinne, An Roinn Oideachais agus Óige (DEY) | 5 |
| **Catherine Cross** | Bainisteoirí Seirbhísí, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí | 6 |
| **Eileen Daly*** | Oifigeach Míchumais agus Cleachtóir Gairmthreorach Breisoideachais agus Ardoideachais | 6 |
| **Diarmuid Dullaghan** | Cigire Roinne, An Roinn Oideachais agus Óige (DEY) | 6 |
| **Dharragh Hunt*** | Comhairleoir Beartais agus Gnóthaí Poiblí Sinsearach, An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | 6 |
| **An Dr Yvonne Kennedy** | Stiúrthóir Réigiúnach, An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) | 6 |
| **An Dr Deirbhile Nic Craith*** | Iar-Ard-Rúnaí Cúnta agus Stiúrthóir Oideachais agus Taighde le Cumann Múinteoirí Éireann (INTO) agus Ollamh Taca i Scoil na Teanga, na Litearthachta agus an Oideachais Luath-Óige, Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | 6 |

| Ainm | Sonraí | Tinreamh |
|---|---|---|
| **Angela O'Neill*** | Speisialtóir Míchumais Náisiúnta, Foireann Oibríochtaí Pobail HSE | 5 |
| **Caroline Quinn** | Príomhoide atá Ar Scor, Scoil Náisiúnta Dea-chomhairle na gCailíní, Baile Sheáin, Cill Iníon Léinín agus ball de Chomhairle Náisiúnta IPPN | 6 |
| **An Dr Michael Redmond** | Ard-Rúnaí Cúnta do thaighde, forbairt agus oiliúint, Comhchoiste na mBainisteoirí (JMB) | 6 |

* Baill atá i mbun an dara téarma i ndiaidh a chéile ar an gComhairle.

### 4.6.1 Coistí na Comhairle

Is iad seo a leanas na cúig choiste atá ceaptha ag an gComhairle faoi Alt 33 d'Acht EPSEN, 2004:

- iniúchadh agus riosca
- airgeadas
- feidhmíocht an phríomhfheidhmeannaigh
- taighde
- straitéis agus beartas.

Tuairiscíonn gach foireann de réir a téarmaí tagartha agus treoirlínte rialachais atá á gcinneadh ag an gComhairle. Bíonn baill páirteach i gcoiste amháin nó níos mó. Chomh fada is a bhaineann leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca (ARC), tá cathaoirleach seachtrach a bhfuil taithí chuí aige/aici ceaptha ag an gComhairle.

Tá triúr ball den Chomhairle páirteach in ARC mar aon le cathaoirleach seachtrach. Is é ról an Choiste tacú le Comhairle CNOS lena freagrachtaí i ndáil le riosca, rialú agus rialachas trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht dearbhuithe chomh fada is a bhaineann le freastal ar riachtanais na Comhairle agus athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus ar iomláine na ndearbhuithe seo. Tá ARC ag feidhmiú go neamhspleách chomh fada is a bhaineann lena fheidhmeanna agus freagrachtaí a chomhlíonadh, agus i ndáil le cinneadh agus monatóireacht maidir lena chlár oibre a dhéanamh. Níl sé faoi réir treorach nó rialaithe ó aon pháirtí eile a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh dá iarrachtaí a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Buaileann baill an choiste le chéile ceithre huaire ar a laghad i rith na bliana agus cuirtear cóip de na miontuairiscí ar fáil do gach ball den Chomhairle. Tuairiscíonn an coiste don Chomhairle i ndiaidh gach cruinnithe coiste. Is iad seo a leanas baill an Choiste – Lisa Campbell (Cathaoirleach), an Dr Peter Archer, Pat Goff agus an Dr Deirbhile Nic Craith. Bhuail baill na Comhairle le chéile sé huaire in 2025.

| An Coiste Iniúchta agus Riosca (sé chruinniú) | Tinreamh |
|---|---|
| **Lisa Campbell, cathaoirleach** | 6 |
| **An Dr Peter Archer** | 5 |
| **Pat Goff** | 6 |
| **An Dr Deirbhile Nic Craith** | 5 |

Tá ceithre bhall ón gComhairle páirteach sa Choiste Airgeadais. Is ról comhairleach atá aige, roinneann sé an t-eolas is déanaí leis an gComhairle agus cuireann sé comhairle uirthi maidir lena staid airgeadais, agus déanann sé tuairisciú agus moltaí chun tacú le próiseas cinnteoireachta airgeadais na Comhairle. Bhuail baill an Choiste le chéile sé huaire in 2025. Tá faisnéis maidir le tinreamh agus ballraíocht le fáil thíos.

| An Coiste Airgeadais (sé chruinniú) | Tinreamh |
|---|---|
| **An Dr Deirbhile Nic Craith, cathaoirleach** | 6 |
| **Eileen Daly** | 5 |
| **Diarmuid Dullaghan** | 6 |
| **Caroline Quinn** | 6 |

Is é ról Choiste Feidhmíochta an Phríomhfheidhmeannaigh athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin vis-à-vis, an plean gnó eagraíochta. Buaileann baill an Choiste le chéile faoi dhó sa bhliain ar a laghad agus in 2025 tionóladh an Coiste faoi dhó. Tá faisnéis maidir le tinreamh agus ballraíocht le fáil thíos.

| Coiste Feidhmíochta an Phríomhfheidhmeannaigh | Attendance |
|---|---|
| **An Dr Fergal Lynch, Cathaoirleach** | 2 |
| **An Dr Peter Archer** | 2 |
| **Pat Goff** | 1 |

Tá ceithre bhall ón gComhairle páirteach sa Choiste Taighde. Cuireann an Coiste seo comhairle ar bhaill na Comhairle maidir le beartas agus clár taighde agus cuirtear ionchur cuí ó shaineolaithe san áireamh i bhforbairt straitéiseach bheartas taighde na Comhairle, lena n-áirítear a chlár taighde ilbhliantúil. Bhuail baill na Comhairle le chéile faoi dhó in 2025.

| An Coiste Taighde (dhá chruinniú) | Tinreamh |
|---|---|
| An Dr Peter Archer, cathaoirleach | 2 |
| Catherine Cross | 1 |
| Dharragh Hunt | 2 |
| An Dr Yvonne Kennedy | 2 |

Tá ceithre bhall ón gComhairle páirteach sa Choiste Straitéise agus Beartais. Is é ról an Choiste seo ionchur oiriúnach a chur ar fáil d'fhorbairt comhairle beartais agus do ghníomhaíochtaí straitéiseacha leanúnacha CNOS. Bhuail baill an Choiste le chéile ceithre huaire in 2025.

| An Coiste Straitéise agus Beartais (ceithre chruinniú) | Tinreamh |
|---|---|
| Pat Goff, cathaoirleach | 4 |
| Eamon Clavin | 4 |
| Angela O'Neill | 4 |
| An Dr Michael Redmond | 4 |

### 4.6.2 Sceideal Feidhmeanna Forchoimeádta agus Tarmligthe

Chomhaontaigh agus d'fhorchoimeád an Chomhairle sceideal foirmiúil de nithe sonracha chun cinneadh a dhéanamh maidir leo chun treo agus rialú cuí CNOS a chinntiú. Chomh maith leis sin, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir le sceideal tarmligin chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

Tá tuilleadh sonraí le fáil i Aguisíní na Treorach Rialachais Chorparáidigh do Bhaill na Comhairle ar shuíomh gréasáin CNOS.

### 4.6.3 Cothromaíocht Inscne na Comhairle

In 2025, mná ba ea seisear de 12 ghnáthbhall de Chomhairle CNOS. Tá sé sin ag teacht leis an gceanglas a bhaineann le cothromaíocht inscne íosta de 40%, mar atá leagtha amach san Iarscríbhinn nua maidir le Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú (2020), atá ag cur leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) atá in úsáid i láthair na huaire.

### 4.6.4 Treoirlínte Pá an Rialtais – Comhairle agus Baill Foirne CNOS

Tá beartas Rialtais á chomhlíonadh ag tuarastail atá iníoctha leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus le gach fostaí. Níl aon táillí stiúrthóirí iníoctha le baill de Chomhairle CNOS. Tá faisnéis maidir le costais bhaill aonair na Comhairle le fáil sa ráiteas airgeadais i gcomhair 2025, a foilsíodh i bhfoilseachán eile seachas sa Tuarascáil Bhliantúil seo.



# Aguisíní

# Aguisín 1 – Baill Foirne CNOS

| Grád | Baill Foirne i mbun Poist ag Deireadh 2025 |
|---|---|
| **Státseirbhísigh** | |
| Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | 1 |
| Príomhoifigeach | 5 |
| Comhordaitheoir Náisiúnta | 2 |
| Ceannaire Forbartha Náisiúnta | 4 |
| Ceannaire Speisialaithe | 12 |
| Príomhoifigeach Cúnta | 11 |
| Teicneolaí Oideachais | 1 |
| Comhordaitheoir Thionscadal na Gaeilge | 1 |
| Bainisteoir Foirne | 20 |
| Cleachtóir Iompair | 3 |
| Teiripeoir Saothair | 12 |
| Teiripeoir Urlabhra agus Teanga | 15 |
| Bainisteoir Teiripe | 4 |
| Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais (SENO) | 122 |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin | 18 |
| Teagascóir ISL | 4 |
| Oifigeach Riaracháin | 1 |
| Oifigeach Feidhmiúcháin | 30 |
| Oifigeach Cléireachais (lena n-áirítear TCO) | 55 |
| Oifigeach Seirbhísí | 2 |
| **Fo-iomlán (státseirbhísigh)** | **323** |
| Comhairleoir | 80 |
| Múinteoir Cuartaíochta | 50 |
| **Fo-iomlán (seirbhísigh phoiblí)** | **130** |
| **IOMLÁN** | **453** |

# Aguisín 2 – Faisnéis Staitistiúil maidir le Leithdháiltí agus Ranganna Speisialta do na Scoilbhlianta idir 2014/15 agus 2024/25

## Faisnéis Staitistiúil maidir le 2014/15 agus 2024/25

Tá faisnéis le fáil i dTáblaí A2.1–5 maidir leis na sonraí treochta do na scoilbhlianta idir 2014/15 agus 2024/25, i ndáil le gníomhaíocht leithdháilte acmhainní CNOS.

- Tá sonraí maidir le clárú scoileanna speisialta curtha ar fáil ag bunachar sonraí ar líne bunscoileanna (POD) na Roinne Oideachais agus Óige.
- Tá sonraí maidir le leithdháiltí SET curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais agus ag Rannóg Oideachais Speisialta na nÓg.
- Ba é córas riaracháin oideachais speisialta CNOS a chuir na sonraí eile ar fad ar fáil.

### Tábla A2.1. Iarratais Faighte ó Scoileanna ar Rochtain ar Acmhainní Breise

| An Cineál Iarratais | 14/15 | 15/16 | 16/17 | 17/18 | 18/19 | 19/20 | 20/21 | 21/22 | 22/23 | 23/24 | 24/25 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iompar** | 3,289 | 3,423 | 3,460 | 3,597 | 3,847 | 4,302 | 4,366[10] | 5,417 | 5,991 | 6,002 | 6,719 |
| **Teicneolaíocht Chúnta** | 2,928 | 3,564 | 4,686 | 4,157 | 4,453 | 5,510 | 5,481 | 6,572 | 7,341 | 8,606 | 9,104 |
| **Iarratas Iomlán** | **6,217** | **6,987** | **8,146** | **7,754** | **8,300** | **9,812** | **9,847** | **11,989** | **13,332** | **14,608** | **15,823** |

### Tábla A2.2. Acmhainní Oideachais Speisialta Leithdháilte ar Scoileanna ag CNOS

| An Cineál Poist | 14/15 | 15/16 | 16/17 | 17/18 | 18/19 | 19/20 | 20/21 | 21/22 | 22/23 | 23/24 | 24/25 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **SNA** | 11,174 | 11,984 | 13,006 | 14,063 | 15,030 | 16,125 | 17,117 | 18,113 | 19,481 | 21,002 | 23,607 |
| **Múinteoir Oideachais Speisialta** | – | – | – | 13,395 | 13,436 | 13,529 | 13,620 | 13,765 | 14,396 | 15,142 | 14,618 |
| **Múinteoir Scoileanna Speisialta** | 1,135 | 1,159 | 11,979 | 1,205 | 1,223 | 1,231 | 1,240 | 1,282 | 1,340 | 1,392 | 1,449 |
| **Múinteoir Ranganna Speisialta** | 956 | 1,136 | 1,304 | 1,480 | 1,663 | 1,865 | 2,103 | 2,456 | 2,919 | 3,360 | 3,840 |

10 Taifeadadh líon beag iarratas ar iompar scoile i gcomhair scoilbhliain 2020/21 do scoilbhliain 2019/20. Dá bhrí sin, tá líon na n-iarratas ar iompar a tuairiscíodh in 2019/20 beagán ró-ard agus tá líon na n-iarratas a tuairiscíodh in 2020/21 beagán ró-íseal. Tá an rud céanna fíor faoi shonraí a tuairiscíodh do scoilbhliain 2019/20 i dTuarascáil Bhliantúil CNOS i gcomhair 2020.

### Tábla A2.3. Líon na Mac Léinn ar Tacaíodh leo i Ranganna Speisialta agus trí Shocrúcháin Scoileanna Speisialta

| Mac Léinn | 14/15 | 15/16 | 16/17 | 17/18 | 18/19 | 19/20 | 20/21 | 21/22 | 22/23 | 23/24 | 24/25 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Rang Speisialta** | 4,706 | 5,472 | 6,393 | 7,390 | 8,410 | 9,259 | 10,436 | 12,289 | 14,352 | 16,553 | 18,491 |
| **Scoil Speisialta**[11] | 7,283 | 7,468 | 7,561 | 7,656 | 7,722 | 7,856 | 7,900 | 8,158 | 8,424 | 8,905 | 9,069 |

### Tábla A2.4. Ranganna Speisialta Bunscoile de réir Cineáil

| Bunscoil | Líon na Ranganna Speisialta de réir na Bliana | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **An Cineál Ranga** | **2015** | **2020** | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** |
| Luath-Idirghabháil Uathachais | 71 | 158 | 133 | 151 | 157 | 158 | 149 |
| Uathachas | 482 | 1,988 | 1,217 | 1,463 | 1,698 | 1,988 | 2,285 |
| Neamhord Mothúchánach/Iompair | 4 | 5 | 6 | 5 | 5 | 5 | 5 |
| Bodhar/Breacbhodhar | 9 | 16 | 14 | 17 | 16 | 16 | 16 |
| Luath-Idirghabháil HI | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom | 35 | 36 | 39 | 37 | 37 | 36 | 35 |
| Míchumas Foghlama Ginearálta Measartha | 11 | 29 | 25 | 24 | 28 | 29 | 28 |
| Míchumas Éagsúil | 13 | 21 | 23 | 24 | 20 | 21 | 20 |
| Míchumas Foghlama Ginearálta Géar/Trom | 7 | 8 | 9 | 8 | 8 | 8 | 8 |
| Sainriachtanas Foghlama | 13 | 14 | 13 | 13 | 14 | 14 | 14 |
| Neamhord Forbartha Teanga | 59 | 63 | 64 | 64 | 64 | 63 | 63 |
| **Iomlán** | **705** | **2,339** | **1,544** | **1,807** | **2,048** | **2,339** | **2,624** |

11 Níl na figiúirí a cuireadh i láthair do scoileanna speisialta i dTábla A2.3 cosúil leis na figiúirí a cuireadh i láthair i dTuarascálacha Bliantúla roimhe sin, agus tá mic léinn do dhá scoil ar chuir CNOS acmhainní ar fáil dóibh idir 2012/13 agus 2017/18 curtha san áireamh sna figiúirí bliantúla anois.

### Tábla A2.5. Ranganna Speisialta Iar-bhunscoile de réir Cineáil

| Iar-bhunscoil | Líon na Ranganna Speisialta de réir na Bliana | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **An Cineál Ranga** | **2015** | **2020** | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** |
| Uathachas | 189 | 435 | 524 | 653 | 780 | 902 | 1,013 |
| Neamhord Mothúchánach/ Iompair | 2 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 |
| Bodhar/Breacbhodhar | 5 | 5 | 5 | 7 | 8 | 8 | 8 |
| Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom | 11 | 14 | 14 | 14 | 14 | 14 | 14 |
| Míchumas Foghlama Ginearálta Measartha | 25 | 45 | 46 | 49 | 51 | 53 | 54 |
| Míchumas Éagsúil | 5 | 12 | 13 | 13 | 14 | 13 | 15 |
| Míchumas Foghlama Ginearálta Géar/Trom | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Dall/Faoi Lagamharc | 0 | 2 | 2 | 2 | 1 | 2 | 2 |
| Eile | 1 | 1 | 1 | | | | |
| **Iomlán** | **237** | **517** | **608** | **742** | **873** | **997** | **1,111** |

# Aguisín 3 – Gluais Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| **ACAT** | Trialacha Iarratais do Rang Uathachais |
| **AoN** | Measúnú ar Riachtanais |
| **ARC** | An Coiste Iniúchta agus Riosca |
| **ATU** | Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh |
| **CES** | Straitéis Fostaíochta Chuimsitheach |
| **CPSMA** | Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha |
| **CVI** | Lagú Amhairc Coirtéiseach |
| **DEY** | An Roinn Oideachais agus Óige |
| **EASNIE** | An Ghníomhaireacht Eorpach um Riachtanais Speisialta agus um Oideachas Cuimsitheach |
| **EDI** | Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht |
| **EPSEN** | An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004. |
| **ETBI** | Boird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann |
| **ETS** | Seirbhís Teiripe Oideachais |
| **FOI** | Saoráil Faisnéise |
| **GDPR** | An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí |
| **GLP** | Próiseáil Teanga Gestalt |
| **GPP** | Soláthar Poiblí Glas |
| **HSE** | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| **IESS** | Ionchuimsitheacht agus Seirbhísí Tacaíochta Oideachais |
| **INTO** | Cumann Múinteoirí Éireann |
| **IPPN** | Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann |
| **ISL** | Teanga Chomharthaíochta na hÉireann |
| **JMB** | Comhchoiste na mBainisteoirí |
| **MIC** | Coláiste Mhuire Gan Smál |
| **NCCA** | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |

| | |
|---|---|
| **NCSE** | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |
| **NDA** | An tÚdarás Náisiúnta Míchumais |
| **NEPS** | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais |
| **NFQ** | An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí |
| **NLA** | Sealbhú Teanga Nádúrtha |
| **OKM** | Aire Oideachais agus Cultúir na Fionlainne |
| **OT** | Teiripeoir Saothair |
| **PBR** | Taighde Cleachtasbhunaithe |
| **PDST** | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí |
| **PQ** | Ceist Pharlaiminteach |
| **SDS** | Tacú le Soláthar Seirbhíse |
| **SENO** | Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais |
| **SET** | Múinteoir Oideachais Speisialta |
| **SIM** | Samhail Ionchuimsithe Scoile |
| **SIT** | Teiripe Ionscoile Mharthanach |
| **SNA** | Cúntóir Riachtanas Speisialta |
| **SLT** | Teiripeoir Urlabhra agus Teanga |
| **STEM** | Eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic |
| **TI** | I dTreo Ionchuimsitheachta |
| **TPL** | Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí |
| **TQM** | Bainistíocht Láncháilíochta |
| **TSI** | Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil |
| **UCD** | An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath |
| **UDL** | Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim |
| **VT** | Múinteoir Cuartaíochta |
| **WTE** | Coibhéis Lánaimseartha |

# Aguisín 4 – Grafaic Eolais maidir le Príomhstaitisticí CNOS

## Grafaic Eolais maidir le Príomhstaitisticí CNOS

| | Rang Speisialta | Scoil Speisialta* |
|---|---|---|
| Bliain Scoile 2024/25 | 18,491 | 9,069 |
| Bliain Scoile 2023/24 | 16,553 | 8,905 |
| Bliain Scoile 2022/23 | 14,352 | 8,424 |
| Bliain Scoile 2021/22 | 12,289 | 8,158 |
| Bliain Scoile 2020/21 | 10,436 | 7,900 |

* Tá sonraí curtha san áireamh le haghaidh Scoileanna Speisialta a bhfuil CNOS ag Tacú leo.

### 2024/25

Ranganna Speisialta
3,333
Ranganna Speisialta – Áiteanna ar Fáil
20,556

### 2023/24

Ranganna Speisialta
2,921
Ranganna Speisialta – Áiteanna ar Fáil
18,082

### 2022/23

Ranganna Speisialta
2,549
Ranganna Speisialta – Áiteanna ar Fáil
15,844

### 2021/22

Ranganna Speisialta
2,152
Ranganna Speisialta – Áiteanna ar Fáil
13,464

### 2020/21

Ranganna Speisialta
1,839
Ranganna Speisialta – Áiteanna ar Fáil
11,580

| | 2024/25 | 2023/24 | 2022/23 | 2021/22 |
|---|---|---|---|---|
| Rang Breise | 407 | 372 | 397 | 313 |
| Áit Bhreise | 2,468 | 2,239 | 2,380 | 1,884 |

© CNOS 2026

**An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

1–2 Sráid an Mhuilinn
Baile Átha Troim
Co. na Mí

T: 01-6033200

www.ncse.ie